An Roinn Cumarsáide
Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha

Department of Communications,
Energy and Natural Resources

Cumarsáid

Fuinneamh

Acmhainní Nádúrtha

Tuarascáil Bhliantúil 2010

An Roinn Cumarsáide
Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha

Department of Communications,
Energy and Natural Resources

29-31 Bóthar Adelaide, Baile Átha Cliath 2
Teil: 01 678 2000 Faics: 01 678 3057 LóGhlao: 1890 44 99 00
(Tabhair faoi deara go bhféadfadh nach ionann na rátaí a ghearrann soláthraí seirbhíse éagsúla ar ghlaoch ar uimhir 1890)
Láithreán Gréasáin: www.dcenr.gov.ie

Tuairisc Bhliantúil don Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha faoin Acht um Bhainistíocht na Seirbhíse Poiblí 1997 ar an Dul chun Cinn maidir le Ráiteas Straitéise na Roinne 2008 - 2010 a chur i bhfeidhm.

Is féidir cóipeanna den Tuarascáil Bhliantúil i bhformáid PDF a tharraingt anuas ó www.dcenr.gov.ie.

PRN A11/0313

Ráiteas Bunchuspóra na Roinne

"Forbairt infrastruchtúr cumarsáide agus fuinnimh agus margaí a chur chun cinn a chuireann le forbairt eacnamaíochta inbhuanaithe agus leas a bhaint as ár n-acmhainní nádúrtha ar shlí atá táirgiúil agus atá freagrach ó thaobh an chomhshaoil de."

Clár

Leathanach

Réamhfhocal leis an Aire 04

Réamhrá leis an Ard-Rúnaí 05

Achoimre ar na Torthaí Mórthábhachta 07

CUID I: TUARASCÁLACHA FAOI NA hEARNÁLACHA ÉAGSÚLA

CUMARSÁID 13
FUINNEAMH 29
ACMHAINNÍ NÁDÚRTHA 45

CUID II:

BAINISTÍOCHT CHORPARÁIDE, BAINISTÍOCHT AIRGEADAIS, FORBAIRT AGUS NUACHÓIRIÚ 62

AGUISÍNÍ

A: Struchtúr Eagrúcháin na Roinne 75

B: Vóta 30: Meastacháin agus Toradh 2010 76

C: Reachtaíocht a achtaíodh i rith na bliana 2010 79

D: Anailís ar Thionchar Rialúcháin a rinneadh sa Roinn i rith na bliana 2010 83

E: Comhlachtaí a thagann faoi choimirce na Roinne 84

F: Comhlachtaí Tráchtála Státurraithe 88

G: Gluais na nGiorrúchán a Úsáidtear 89

RÉAMHFHOCAL LEIS AN AIRE

Pat Rabbitte, T.D.

Fergus O'Dowd, T.D.

Is cúis áthais dom an Tuarascáil Bhliantúil seo ar obair na Roinne Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha agus ar baineadh amach léi i rith na bliana 2010 a chur i láthair. Cuirtear síos go mion ann ar an dul chun cinn a rinneadh i ndáil leis na cuspóirí agus na haidhmeanna ardleibhéil a leagtar amach i Ráiteas Straitéise na Roinne don tréimhse 2008 - 2010 a bhaint amach.

Beidh an Roinn i mbun ullmhúcháin an fómhar seo chugainn ar Ráiteas Straitéise nua i leith na tréimhse 2011 - 2014. Beidh an Ráiteas Straitéise nua bunaithe ar Chlár an Rialtais 2011 – 2016 a chur i bhfeidhm chomh fada agus atá tionchar aige sin ar réimsí freagrachta na Roinne. Is ar an Roinn freisin a leagtar an cúram maidir le gnéithe cinniúnacha de chlár oibre beartais an Rialtais a thabhairt i gcrích, go háirithe i ndáil le hearnálacha an fhuinnimh, na cumarsáide agus an chraolacháin, réimsí mórthábhachta ó thaobh tionchar eacnamaíochta a thagann faoina scáth. Ní foláir don Roinn an clár oibre sin a chur i gcrích an tráth nach bhfuil acmhainní ar fáil go fairsing agus i gcomhthéacs níos ginearálta an chláir oibre maidir le hathchóiriú ar an earnáil phoiblí.

Tá mé féin agus mo chomhghleacaí, an tAire Stáit Fergus O'Dowd, T.D., ag tnúth leis an gceannródaíocht ó thaobh beartais a chur ar fáil agus le hoibriú leis an Roinn agus í ag dul i ngleic le dúshlán an chlár oibre sin.

Is mian liom a ndíograis agus a ndúthracht, ar follasach iad ó thorthaí na hoibre mar a leagtar amach sa Tuarascáil Bhliantúil seo, a thréaslú le foireann na Roinne.

Pat Rabbitte

Pat Rabbitte, T.D.
An tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha

RÉAMHRÁ LEIS AN ARD-RÚNAÍ

Seo í an tríú tuarascáil bhliantúil agus an ceann deireanach ar Ráiteas Straitéise 2008-2010 na Roinne a chur i bhfeidhm. Leagtar amach sa tuarascáil an dul chun cinn a rinneadh i rith na bliana 2010 maidir le réimse forleathan cúraimí na Roinne: tugtar sonraí i gCuid I faoin dul chun cinn maidir leis na réimsí móra beartais, fuinneamh, craolachán, teileachumarsáid agus acmhainní nádúrtha agus tugtar sonraí i gCuid II faoi chora nua i ndáil le ceisteanna maidir le bainistíocht corparáide, bainistíocht airgeadais agus nuachóiriú na seirbhíse poiblí.

Aidan Dunning
Ard-Rúnaí

Ba mhaith liom dúthracht, dícheall agus díograis mo chuid comhghleacaithe ar fad sa Roinn i ndáil le caighdeáin arda a admháil agus buíochas a ghlacadh leo as an gcion oibre a rinne siad maidir le cuspóirí na Roinne a thabhairt i gcrích ar feadh na bliana 2010. Leanann an Roinn ag comhlíonadh na gcúram a leagtar uirthi agus sin ainneoin cúngú suntasach maidir le hacmhainní le blianta beaga anuas. Is mór an dúshlán a bhaineann leis an gclár oibre a chuirtear romhainn go ceann roinnt blianta faoi mar a leagfar amach sa Ráiteas Straitéise nua a fhoilseofar an fómhar seo chugainn. Ní Roinn mhór í seo ó thaobh líon foirne ná figiúirí eile ach tá freagracht uirthi as réimsí beartais a bhfuil tábhacht faoi leith leo maidir leis an bhforbairt eacnamaíochta agus shóisialta agus níos ginearálta ná sin le téarnamh náisiúnta eacnamaíochta.

Táthar dúthrachtach maidir leis an bPlean Gníomhaíochta faoi Chomhaontú Páirc an Chrócaigh faoi Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí a chur i bhfeidhm. Bhí le tuiscint ón gcéad tuarascáil ar an dul chun cinn i ndáil leis an bPlean Gníomhaíochta go raibh dul chun cinn maith á dhéanamh agus tá de rún láidir againn leanúint ar aghaidh leis an gclár oibre athchóiriúcháin a thabhairt i gcrích.

Le linn ár gcuid oibre, bíonn caidreamh dlúth againn le geallsealbhóirí go leor san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach. Is mian liom tábhacht an chaidrimh sin i ndáil le cuspóirí beartais a thabhairt i gcrích a admháil agus táthar ag tnúth le leanúint den chaidreamh tairbheach sin san am atá le theacht.

RÉAMHRÁ LEIS AN ARD-RÚNAÍ

Mar fhocal scoir, tá an Roinn ag tnúth le hoibirú faoi cheannródaíocht an Aire, Pat Rabbitte, T.D., agus an Aire Stáit, Fergus O'Dowd, T.D., agus sin ag féachaint le gach dúshlán a chuirtear romhainn a shárú.

Aidan Dunning
Ard-Rúnaí

Achoimre ar na Torthaí Mórthábhachta i rith na bliana 2010, ina measc:

Cúrsaí Cumarsáide agus Craolacháin

- Cuireadh seirbhísí leathanbhanda ar fáil faoin Scéim Náisiúnta Leathanbhanda do 100% de na Toghroinnte a sonraíodh a theacht faoi scáth an Scéime Leathanbhanda Náisiúnta (NBS).

- Tugadh pleananna maidir le Scéim Seirbhísí Leathanbhanda faoin Tuath chun cinn ionas gur féidir seirbhís bhunúsach leathanbhanda a chur ar fáil in áitribh aonair faoin tuath nach féidir seirbhís leathanbhanda a fháil iontu ó sholáthraí seirbhíse idirlín faoi láthair. Seoladh an Scéim ó shin i rith na bliana 2011.

- Tugadh ceangal leathanbhanda 100Mb/s i gcrích maidir le 78 bunscoil a ghlac páirt i dtionscadal píolótach.

- Tugadh an obair i ndáil le 86 Líonra Cathrach (MAN) i 92 baile mór chun críche. Tá e|net, an t-eintiteas seirbhísí bainistíochta, ag oibriú agus ag déanamh bainistíocht ar na líonraí cathracha seo thar ceann an Stáit. Lean an Roinn den ról maoirseachta i leith e|net a chomhlíonadh.

- Tugadh an Tionscadal Comhnáscthacta Idirnáisiúnta (Tionscadal Kelvin) chun críche agus an córas snáithín optaice curtha isteach agus tástáilte, sa chaoi is go bhfuil nasc teileachumarsáide idirnáisiúnta ar fáil díreach idir Iarthuaisceart na hÉireann agus Meiriceá Thuaidh agus an Eoraip.

- Osclaíodh Ceap Tástála Exemplar, an chéad chéim de Chraobhchóras Cliste Cumarsáide Exemplar, go hoifigiúil i mí Iúil 2010 agus tá tionscadail aontaithe le 9 bpáirtnéir tionsclaíochta agus le 7 bpáirtnéir taighde acadúil go dtí seo.

- Seoladh Seirbhís Freagartha nua maidir le Glaonna Éigeandála 999 agus tá an tseirbhís sin i bhfeidhm anois.

- Tháinig an tAcht um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Ardráta agus Bonneagar Cumarsáide Leictreonaí), 2010 i bhfeidhm i mí Márta. Foráiltear faoin Acht sin d'aistriú na rialála maidir leis na seirbhísí ardráta ó Regtel go dtí an Rialtóir Cumarsáide, ComReg le héifeacht ón 12 Iúil 2010.

- Leanadh den dréachtadh ar na Rialacháin a theastaíonn chun creat rialála leasaithe an AE maidir le seirbhísí agus líonraí cumarsáide leictreonacha a thrasuí i ndlí na hÉireann i rith na bliana 2010.

- Tugadh páipéar beartais maidir le speictream raidió na hÉireann chun críche i mí Meán Fómhair 2010 agus foilsíodh ar láithreán gréasáin na Roinne é.

- Leanadh de na cúraimí tábhachtacha atá ar an Mol Digiteach a chomhlíonadh agus béim ar tháirgí agus seirbhísí digiteacha de scoth an domhain atá lonnaithe in Éirinn a thabhairt chun cinn. Faoi dheireadh na bliana 2010 bhí 85 cuideachta lonnaithe sa Mhol agus 830 duine fostaithe iontu.

- Faoi dheireadh na bliana 2010 bhí 16 tionscadal taighde inaistrithe á dtabhairt chun cinn ag an Ionad Náisiúnta um Thaighde Digiteach chomh maith le hocht gcinn de thionscadail ghearrthéarmacha agus féidearthachta a bheith tugtha chun críche.

- Riaradh scéim deontas dar luach €351,000 (BenefIT 2) lenar bhain an earnáil phobail agus dheonach, d'fhonn oiliúint dhigiteach a chur ar fáil dóibh siúd a bheadh i mbaol an saol digiteach a shéanadh orthu, daoine scothaosta, daoine dífhostaithe agus daoine faoi mhíchumas san áireamh.

- Cuireadh feabhas arís ar an bpleanáil do chásanna éigeandála i rith na bliana 2010 trí pháirt a ghlacadh i mbearta cleachtais de chuid an AE agus de chuid na tíre seo agus i mbearta comhordúcháin maidir le ceisteanna ilearnála a mbíonn tionchar acu ar infrastruchtúr mórthábhachta maidir le cúrsaí cumarsáide agus fuinnimh.

- Foilsíodh an Bille um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Poist).

- Ceapadh comhairleoirí maidir le Córas Náisiúnta Postchód (CNP) a thabhairt isteach agus a chur i bhfeidhm. Rinneadh Cinneadh Rialtais ag tabhairt údaráis don chéad chéim den soláthar maidir le Córas Náisiúna Postchód.

- Dheimhnigh an Rialtas gur tráth nach deireanaí ná deireadh na bliana 2012 a tharlódh an córas craolacháin analógach a mhúchadh; tiocfaidh an Córas Teilifíse Trastíre Digiteach (TTD) ina ionad sin agus fágfaidh sin réimse luachmhar speictrim ar fáil a mbeidh tairbhe as ó thaobh feabhas ar chaighdeán na seirbhíse banda leathan don fón póca.

- Síníodh an tOrdú lenar ceanglaíodh ar RTÉ an tseirbhís TTD a sheoladh do 90% den daonra. Seoladh an tseirbhís sin ar bhonn trialach ar an 29 Deireadh Fómhair 2010.

- Síníodh comhaontú leis an Ríocht Aontaithe i ndáil le comhoibriú idir Éirinn agus Tuaisceart Éireann maidir leis an athrú go dtí an córas digiteach. Foráiltear mar chuid den chomhaontú sin do TG4 RTÉ 1 agus RTÉ 2 a bheith ar fáil ar chóras TTD Thuaisceart Éireann ó dheireadh na bliana 2012 amach.

- Tugadh an trasuí ar Threoir na Seirbhísí Meán Closamhairc chun críche i rith na bliana 2010 le hachtú Rialachán na gComhphobal Eorpach (Seirbhísí Meán Closamhairc) 2010.

- Ceapadh téarmaí conartha nua agus cuireadh i bhfeidhm iad maidir le ról an Phoist mar ghníomhaire maidir le ceadúnas teilifíse a eisiúint agus táillí i leith na gceadúnas sin a bhailiú.

Fuinneamh

- Rinne an Rialtas, an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh (CER) agus lucht an mhargaidh bearta tábhachtacha chun feabhas a chur ar an bpraghas iomaíochais i réimsí fuinnimh agus rogha a thabhairt don tomhaltóir trí iomaíocht shuntasach a thabhairt chun cinn i margadh an leictreachais tís chomh maith.

- Ritheadh an tAcht um Rialáil Leictreachais (Leasú) (Tobhach Ioncaim Carbóin), 2010; foráiltear leis sin do thobhach maidir le hioncam abhantair ó liúntais astaíochta carbóin saor in aisce do lucht gineadóireachta agus tugadh isteach é chun praghasanna leictreachais do Lucht Mórúsáide Fuinnimh a mhaolú.

- I mí Bealtaine 2010, thug an tAire agus a chomhghleacaí ar Fheidhmeannacht Thuaisceart Éireann geallúinte go gcuirfear chun cinn an tionscadal maidir le Socruithe i gCoitinn i ndáil le Gás atá dírithe ar fheabhas a chur ar an bpríomh-mhargadh gáis ar an Oileán.

- Rinne an tAire cinneadh faoi na socruithe maidir le Oibreoir Córais Tarchuradóireachta Bhord Gáis Éireann (BGÉ) a scaoileadh, ag teacht leis an gcinneadh scaoilte a bhí de dhíth chun an tríú pacáiste reachtaíochta ag an AE maidir le cúrsaí fuinnimh a thrasuí.

- Shínigh an tAire Ionstraim Reachtúil maidir le feidh rialála na monatóireachta ar an margadh d'fhonn an tríú pacáiste reachtaíochta ag an AE maidir le cúrsaí fuinnimh a thrasuí agus cur le feidhmeanna an CER i ndáil le dírialáil ar an margadh leictreachais.

- Thug Údarás na hÉireann um Fhuinneamh Inmharthana (SEAI) réimse scéimeanna i bhfeidhm d'fhonn éifeachtúlacht fuinnimh agus an úsáid as fuinneamh inathnuaite a chur chun cinn, ina meas an Scéim do Shábháil Fuinnimh sa Bhaile, an Scéim do Thithe níos Teo, agus an Scéim do Thithe níos Glaise; b'ionann an caiteachas iomlán agus €115.140m agus b'ionann líon iomlán na ndeontas a ceadaíodh agus 102,410.

- Rinneadh dul chun cinn suntasach le pleanáil maidir le cúrsaí fuinnimh i gcásanna éigeandála, ar bhonn náisiúnta, uile-oileáin agus réigiúnach, Grúpaí Pleanála don chomhar i gcás éigeandála A bhunú le Tuaisceart Éireann agus leis an Ríocht Aontaithe san áireamh, rud a chuideoidh leis an dualgas maidir le bearta chun an soláthar gáis a chosaint a chomhlíonadh.

- Tugadh seacht gcinn de thástálacha maidir le méadair chliste i ndáil le hiompar an chustaiméara leictreachais agus le teicneolaíocht cumarsáide agus méadrachta chun críche de réir an sceidil roimh mhí na Nollag 2010 faoin gCéim Phíolótach den Tionscadal maidir le Méadair Chliste.

- Lean an Roinn d'oibriú go dlúth leis na comhlachtaí tráchtála stáit maidir le gnóthaí fuinnimh agus leanadh de chúnamh a thabhairt dóibh an cúram tráchtála agus an cúram straitéiseach a leagtar orthu a thabhairt i gcrích; rinne na comhlachtaí Fuinnimh Tráchtála Stáit ar fad brabús maith arís sa bhliain 2010 agus cuireadh dibhinní dar luach comhiomlán €106.3m ar fáil don Státchiste.

Acmhainní Nádúrtha

- Tugadh dhá chéadrogha ceadúnúcháin i rith na bliana 2010, i ndáil le réimse den Muir Cheilteach agus i ndáil le réimse de Bhanc na Cis. Eisíodh ceadúnas cuardaigh chomh maith i ndáil leis an réimse amach ó chósta na hÉireann.

- Thug an Roinn isteach bearta nua atá á gcur i bhfeidhm d'fhonn treisiú leis an maoirseacht ar oibriúchán ola agus gáis in uiscí teorann na hÉireann; sa chomhthéacs sin, ritheadh an tAcht um Shábháilteacht Peitriliam (Taiscéaladh agus Astarraingt), 2010 trí dhá Theach an Oireachtais agus síníodh mar dhlí é ar an 3 Aibreán 2010.

- Lean an Roinn d'fheachtas bolscaireachta dian saindírithe a thabhairt i bhfeidhm d'fhonn lucht an tionscail ola agus gáis go hidirnáisiúnta a chur ar an eolas faoi na deiseanna taiscéalaíochta agus forbartha amach ó chósta na hÉireann.

- Lean an Roinn den obair le geallsealbhóirí maidir le Tionscadal Gáis na Coiribe trí fheidhmeanna na Roinne faoin reachtaíocht a dhéanamh agus faoi choimirce Fhóram Thuaisceart Mhaigh Eo a gcuireann an Roinn cuid den chiste ar fáil lena aghaidh.

- Leanadh den obair ar an mBille Forbartha Mianraí nua agus cuireadh obair chun cinn chomh maith ar an mBille Fuinnimh Gheoiteirmigh. Táthar ag tnúth le foilsiú an dá Bhille a dhéanamh i rith na bliana 2011.

- Leanadh den obair maidir le hathfheabhsúchán ar sheansuíomhanna mianadóireachta i mBéal Átha Gabhann, i gContae Thiobraid Árann agus cuireadh tús le Clár Oibreacha Sláinte agus Sábháilteachta i leith Bhéal Átha Gabhann.

- Achtaíodh an tAcht um Iascach Intíre 2010 le héifeacht ón 1 Iúil 2010. Bunaíodh aon údarás náisiúnta amháin, Iascach Intíre Éireann, leis an Acht sin, in ionad 8 gcinn de Bhoird Iascaigh, an Coimisiún Náisiúnta Bradán agus 8 gcinn de Chomharchumainn Iascaigh.

- Leanadh de shuirbhéireacht chuimsitheach ar ghrinneall na farraige faoin gclár INFOMAR, arna dhéanamh i gcomhar idir Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann (GSI) agus Foras na Mara.

Gnóthaí Corparáide & Seirbhísí Airgeadais

- B'ionann an t-ollchaiteachas sa bhliain 2010 agus €500.215 milliún, suim a bhí ag teacht leis an leithdháileadh ceadaithe. Cuireadh ciste ar fáil leis sin do bhearta mórthábhachta i réimsí na Cumarsáide, an Chraolacháin, an Fhuinnimh agus na nAcmhainní Nádúrtha.

- Thug an Roinn Plean Iniúchóireachta an-chuimsitheach i gcrích ionas go bhfuil deimhniú oibiachtúil ar fáil maidir le dóthanacht na gcóras don rialáil inmheánach sa Roinn.

- Leanann an Roinn den bhainistíocht a dhéanamh ar líon na foirne ag teacht leis an gCreat Rialála Fostaíochta, agus ag deireadh na bliana, bhí comhionann 264 fostaí lánaimseartha sa Roinn. Is ionann sin agus laghdú 75 duine i gcomparáid le líon na foirne ag deireadh na bliana 2007. Ina ainneoin sin, tá na torthaí oibre agus cur i bhfeidhm an bheartais coinnithe ar chaighdeán an-ard.

- Chuir an Roinn an Plean Gníomhaíochta faoin gComhaontú don tSeirbhís Phoiblí 2010-2014 faoi bhráid. Bhí páirt ag baill foirne thar ceann gach ceann de na gráid i roinnt foghrúpaí a dhéanfaidh bearta a thabhairt chun cinn agus a chur i bhfeidhm atá dírithe ar shábháil den suntas ó thaobh airgid agus éifeachta a thabhairt i gcrích ar fud na Roinne.

- Agus cúinsí chomh deacair agus atá mar gheall ar an ngéarchéim airgeadais agus beartas an Rialtais dá bhrí sin maidir le pá agus líon foirne sa tseirbhís phoiblí, lean an Roinn de bhéim a leagan ar fhorbairt agus ar oiliúint na foirne.

CUMARSÁID

PRÍOMHCHUSPÓIR BEARTAIS

Cur leis an bhforás maicreacnamaíochta inbhuanaithe agus leis an acmhainn iomaíochta agus cinntiú go mbíonn Éire sa riocht is fearr is féidir maidir le leas a bhaint as na deiseanna atá ag teacht chun cinn mar gheall ar shochaí na faisnéise agus an eolais, trí infheistíocht in infrastruchtúr cumarsáide a chothú, trí chomhthéacs reachtaíochta agus rialúcháin a chur ar fáil a chuireann bonn treise faoi sin, agus trí cháil scoth na taighde agus na forbartha a thuilleadh in earnálacha an eolais, na cumarsáide agus na teicneolaíochta digití.

Lean an Roinn de chlár oibre forbheartach a thabhairt i gcrích i ndáil le cúrsaí Cumarsáide i rith na bliana 2010. Rinneadh dul chun cinn maidir le tionscnaimh maoinithe saindírithe agus tugadh creatchóras beartais don infheistíocht agus don fhorbairt chun cinn. Seo a leanas na torthaí is suntasaí ar an obair:

Cuspóir Straitéiseach a hAON

Éascaíocht a dhéanamh don iomaíocht, don nuáil agus don fhorás maidir le hearnáil na cumarsáide leictreonaice.

Trasuí ar Chreat Rialála leasaithe an AE maidir leis an gCumarsáid Leictreonach Tagann earnáil na cumarsáide leictreonaice, atá mar bhonn faoin eacnamaíocht go ginearálta, faoi rialáil chreat rialála de chuid an AE. Tá ag baint leis an gcreatchóras sin, cúig cinn de Threoracha ar aontaíodh orthu sa bhliain 2002 agus a tháinig i bhfeidhm sa bhliain 2003. D'fhonn cinntiú go leanann an leas is fearr don tomhaltóir agus don tionscal ag eascairt ón gcreat rialála sin, d'aontaigh Parlaimint na hEorpa agus Comhairle na nAirí leasuithe ar na cúig cinn de Threoracha a tháinig i bhfeidhm sa bhliain 2009 agus a raibh dlite iad a thrasuí i rith na bliana 2011. Dhá Threoir atá i gceist, lena leasaítear na cúig cinn a bhí ann ar dtús, agus rinneadh iad a thrasuí ina dhiaidh sin i ndlí na hÉireann i mí Meitheamh 2011.

Rinneadh comhairliúchán le lucht an tionscail, le ComReg agus leis an gCoimisinéir Cosanta Sonraí i rith na bliana 2010 agus tugadh an obair ar na Rialacháin leasaithe a dhréachtadh chun cinn ina dhiaidh sin.

Rialúchán maidir le Seirbhísí Ardráta Tháinig an tAcht um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Ardráta agus Bonneagar Cumarsáide Leictreonaí), 2010 i

CUMARSÁID

bhfeidhm i mí Márta 2010. Foráiltear faoin Acht don rialúchán i ndáil le seirbhísí ardráta a aistriú ó "Regtel" go dtí "ComReg" agus tháinig éifeacht leis an aistriú sin ón 12 Iúil 2010 amach.

Speictream

Lean an Roinn den obair le heagraíochtaí idirnáisiúnta ar a n-áirítear an Grúpa Beartais Speictrim Raidió agus an Coiste Speictrim Raidió chun Beartas idirnáisiúnta faoi chúrsaí Speictrim a thabhairt chun cinn lena sásófaí aidhmeanna Náisiúnta agus aidhmeanna Idirnáisiúnta.

Tar éis an chomhairliúcháin phoiblí maidir leis na prionsabail ba cheart a bheith mar bhonn treise faoin mbainistíocht ar chúrsaí speictrim, foilsíodh páipéar beartais faoi speictream raidió na hÉireann i rith na bliana 2010. Tá an beartas mar bhonn faoin gcur chuige atá á chur i bhfeidhm ag an CRC i ndáil le bainistíocht ar an speictream náisiúnta, atá sách sochóirithe gur féidir a leasú i ndáil le cora nua sa teicneolaíocht chomh maith le bheith ina bhonn treise faoin nuáil, faoin taighde agus faoin bhforbairt.

An Clár maidir le Craobhchóras Cliste Cumarsáide Exemplar

Foilsíodh an Clár maidir le Craobhchóras Cliste Cumarsáide Exemplar in Technology Actions to Support the Smart Economy (2009). Síníodh conradh i mí Aibreán 2010 idir an Roinn agus Intune Networks i ndáil le Ceap Tástála Exemplar a bhunú, an chéad chéim de Chraobhchóras Cliste Cumarsáide Exemplar. Is in Éirinn a tugadh chun cinn an teicneolaíocht ar a bhfuil an Exemplar bunaithe (lascadh agus iompar paicéad rúisce optúil - OPST) rud a fhágann Éire chun cinn ar thíortha an domhain i ndáil leis an ngné seo den aistriú tréan atá éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de ar shonraí agus íomhánna trí fhótónaic (solas) a úsáid. Tá an Ceap Tástála, infrastruchtúr tástála cumarsáide optúil den chéad chineál eile atá faoi úinéireacht an Stáit 100%, in úsáid anois ag comhlachtaí ilnáisiúnta agus ag comhlachtaí Éireannacha chun tástáil agus forbairt a dhéanamh ar réimse leathan táirgí agus seirbhísí den chineál atá ag teacht chun cinn i réimsí éagsúla, mar shampla seirbhísí lárionaid sonraí, néalríomhaireacht, fíorúlú, eangacha cliste, córais físeáin den chéad chineál eile agus seirbhísí leathanbhanda ardluais ar a n-éileamh. Seoladh an Ceap Tástála go hoifigiúil i mí Iúil 2010 agus ceadaíodh roinnt tionscadal ó pháirtithe tionsclaíochta agus ó pháirtithe taighde acadúil i ndáil leis an gCeap Tástála a úsáid.

CUMARSÁID

Ionad Náisiúnta um Thaighde Digiteach (NDRC)

Oibríonn an NDRC le Forais Tríú Leibhéal, forais taighde agus comhlachtaí tráchtála maidir le tionscadail taighde inaistrithe i ndáil leis an bhforbairt ar tháirgí digiteacha den nuáil a bhfuil araíocht mhaith tráchtála iontu. Lean an NDRC den fhorbairt ar thionscnaimh atá dírithe ar chúrsaí tráchtála i rith na bliana 2010 agus seoladh tionscadail nua ar scála beag faoin teideal "Launchpad". Faoi dheireadh na bliana 2010, bhí sé cinn déag de thionscadail taighde comharoibre inaistrithe ("CTR") ar bun ag an NDRC le páirtithe tráchtála nó páirtithe taighde chomh maith le 31 tionscadal ar scála beag nó tionscnamh féidearthachta faoin gcóras Launchpad á dtabhairt chun cinn. Bhí dhá ghnólacht nuathionscnata a d'eascair as na tionscadail CTR, ceann maidir le bogearra do lucht forbartha cluichí físe agus ceann maidir le cluichíocht ar dheiseanna póca. Bhí 12 cuideachta nuathionscanta a d'eascair as tionscadail Launchpad ar scála beag agus a tharraing infheistíocht phríobháideach iomlán de €337,000.

An Mol Digiteach

Tá Gníomhaireacht Forbartha an Mhoil Dhigitigh (DHDA) ag leanúint den obair thacaíochta, fhorbartha agus fhoráis i ndáil le fiontraíocht, taighde agus beartaíocht foghlama, idir fhiontair aonair agus comharfhiontair, atá dírithe ar tháirgí agus seirbhísí digiteacha ar scoth an domhain a thabhairt chun cinn in Éirinn.

Bhí 85 cuideachta bunaithe sa Mhol ag deireadh na bliana 2010 agus níos mó ná 830 duine fostaithe iontu. Ó thaobh gnéithe sóisialta agus pobail de, dhírigh DHDA ina cuid oibre ar réimse na litearthachta digití san 21ú céad. Ghlac níos mó ná 1,210 duine páirt i gcúrsaí oiliúna a raibh cúnamh taca ón Mol Digiteach ina leith i rith na bliana 2010.

Tugadh an obair fhorbraíochta ar fhoirgneamh na Cúirte Digití chun críche i lár na bliana 2010 agus tá deich gcinn de chomhlachtaí de chuid an Mhoil lonnaithe ann anois. Thug an tAcadamh Scileanna Digiteacha, i gcomhar leis an Mol Digiteach tionscadal "WebActivate" i bhfeidhm i rith an dara leath den bhliain 2010 – le cúnamh airgid as Ciste Gníomhachtú an Mhargaidh Shaothair. Ba é cuspóir a bhí leis sin a thabhairt go mbeadh gnólachtaí beaga agus meánmhéide ag teacht ar an bhfód ar bhealach éifeachtach ar an idirlíon. Thapaigh timpeall is 200 duine dífhostaithe an deis oiliúna faoin gclár sin, agus chuaigh go leor ar aghaidh gur fostaíodh iad dá bharr ag tabhairt

CUMARSÁID

cúnamh do 600 gnólacht beag an seasamh atá acu ar an idirlíon a fhorbairt agus a fhairsingiú.

Lean an tionchar a bhí ag an gcúlú eacnamaíochta ar an margadh réadmhaoine de chur isteach ar DHDA i rith na bliana 2010. Níorbh fhéidir le DHDA dá bharr sin an fhorbraíocht a dhéanamh ar oiread cóiríochta agus go gcruthófaí sruth ioncaim uaidh agus a chothódh obair na Gníomhaireachta. Níor éirigh le DHDA dá bhrí sin an chuspóir go mbeadh sí ag cur ciste dóthanach ar fáil di féin a bhaint amach go fóill. Tá athbhreithniú maidir le DHDA ar bun ag an Roinn agus tabharfar sin chun críche i rith na bliana 2011.

Seirbhís Freagartha Glaonna Éigeandála (ECAS)

Sheol an Roinn leagan nua athchóirithe den tSeirbhís Freagartha Glaonna Éigeandála 999 (ECAS) sa bhliain 2010. Tá an tseirbhís nua curtha i bhfeidhm go hiomlán anois agus tá comhaontú lámhaltais 5 bhliana le BT ag baint léi.

Pleanáil maidir le Cásanna Éigeandála

Lean an Roinn de pháirt a ghlacadh i dTascfhórsa an Rialtais don Phleanáil maidir le Cásanna Éigeandála agus sna foghrúpaí éagsúla a thagann faoina choimirce.

Cibearfheachtas

Ghlac an Roinn páirt sa chéad chibearfheachtas de chuid an AE arna eagrú ag ag Coimisiún an AE agus ag an nGníomhaireacht Eorpach um Shlándáil Líonra agus Faisnéise (ENISA).

Beart Struchtúrtha maidir le cúrsaí Fuinnimh agus Teileachumarsáide

D'eagraigh an Roinn an chéad Bheart Struchtúrtha Pleanála do Chásanna Éigeandála idir lucht feidhme an infrastruchtúir Fuinnimh agus an infrastruchtúir Teileachumarsáide Géarchéime agus tugadh sin i gcrích.

Ríomhshíniúcháin

Éilítear ar an Aire faoin Acht um Thrachtáil Leictreonach 2000 scéim maoirseachta a ordú i ndáil le soláthráthaithe seirbhíse deimhniúcháin ríomhshíniúcháin atá bunaithe sa Stát agus iad ag eisiúint deimhniúcháin choinníollta do dhaoine den phobal. Foilsíodh an Scéim Maoirseachta ar Sholáthraithe Seirbhíse Deimhniúcháin, I.R. 233 den bhliain 2010 faoin Acht um Thráchtáil Leictreonach 2000 i rith na bliana 2010.

Cineálacha Nua Teicneolaíochta

Ghlac an Roinn páirt i gCoiste Acadamh Ríoga na hÉireann maidir le Cumarsáid agus Eolaíocht Raidió agus eagraíodh an chéad cheardlann de chuid an acadaimh faoin teideal "Evolving

CUMARSÁID

Communications Networks: Education in the Service of Ireland's Next Generation Network Infrastructure Needs". Ba é sin an chéad imeacht dá chineál ag an acadamh agus tugadh lucht oideachais agus lucht tionscail le chéile d'fhonn na deiseanna atá ann do cheangal níos dlúithe maidir leis an bhforbairt ar scileanna.

Clár Taighde faoi Chúrsaí Cumarsáide

Tá an Roinn agus an CRC ag cur ciste ar fáil i gcomhar do Chlár Taighde trí bliana (2010-2012) i gCúrsaí Cumarsáide de chuid na na hInstitiúide Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta.

Aontaítear mar gheall ar chláir oibre mionsonraithe gach bliain mar chuid de "chomhaontú maidir le toradh saothair a mheas". Is iad na hábhair taighde ardleibhéil atá i gceist -

i) samhaltú ar an margadh do sheirbhísí leathanbhanda;
ii) gnéithe eacnamaíochta agus sóisialta den teacht ar sheirbhís leathanbhanda agus ar a glacadh;
iii) an tionchar ó sheirbhísí cumarsáide leictreonacha ar fheidhmíocht cuideachtaí; agus
iv) a bhfuil i gceist don rialúchán eacnamaíochta agus do chosaint an tomhaltóra mar gheall ar eacnamaíocht iompraíochta.

Cuireadh tús leis an gclár sa bhliain 2010 agus díríodh ar thionscadail nuathionscanta, socruithe maidir le tiomsú sonraí san áireamh. Déanann taighdeoirí comhchéime athbhreithniú ar na tuarascálacha a chruthaítear agus déantar iad a fhoilsiú. Leanfaidh an clár go dtí deireadh na bliana 2012 agus cuirfear lón treorach ar fáil d'údaráis beartais agus d'údaráis rialúcháin. Ba cheart go spreagfaí infheistíocht ar bhonn tráchtála i seirbhísí leathanbhanda den chéad chineál eile.

Cuspóir Straitéiseach a DÓ

Bonn taca a chur faoin infheistíocht is gá sa bhonneagar cumarsáide leictreonach, córais leathanbhanda den chéad chineál eile san áireamh, d'fhonn cinntiú go mbíonn an tairbhe is cóir ón earnáil maidir leis an bhforás eacnamaíocht go ginearálta a choinneáil ar bun agus a chur chun cinn.

Ag deireadh na bliana 2007 bhí 886,300 síntiúsóir seirbhísí leathanbhanda in Éirinn agus 1mb/s ar an meán an luas a bhain leis an gceangal. Faoi dheireadh na bliana 2010, bhí ardú ar líon na síntiúsóirí ab ionann an tráth sin agus 1,665,107 agus bhí 78.9% de na síntiúsóirí baile agus 87.8% de na síntiúsóirí gnó ag úsáid seirbhísí sa réimse 2mb/s – 10mb/s.

CUMARSÁID

An Teacht ar Cheangal Leathanbhanda

Leanadh den dul chun cinn maidir leis an teacht ar cheangal leathanbhanda, glacadh le ceangal leathanbhanda agus caighdeán an cheangail leathanbhanda i rith na bliana 2010 trí infheistíocht shaindírithe de chuid an Stáit. Bhain leis sin leanúint ag tabhairt na Scéime Náisiúnta Leathanbhanda i gcrích, ullmhúchán don Scéim Leathanbhanda faoin Tuath agus obair fhorbartha agus riaracháin leanúnach maidir le Líonraí Cathracha (féach Cuspóir Straitéiseach 3 thíos). Rinneadh bunobair roimh ré i rith na bliana 2010 maidir le Tascfhórsa don Leathanbhanda den chéad Chineál eile (NGBT) a bhunú, tar éis do Choimisiún an AE sin a cheadú, i mí Meán Fómhair 2010, trína dtarlóidh comhoibriú idir na soláthraithe líonraí chun brostú leis an teacht ar cheangal leathanbhanda den chéad chineál eile a thabhairt i gcrích. Beidh an NGBT ag díriú ar cheisteanna a mbeadh a réiteach ina chabhair agus ina bhrostú le Seirbhís Leathanbhanda den Chéad Chineál eile a chur ar fáil.

An Tionscadal don Chomhcheangal Idirnáisiúnta (Tionscadal Kelvin)

Tá tionscadal Kelvin ar cheann de na tionscadail mhóra Thuaidh-Theas (€30m) a thagann faoi Chlár Comhoibre Trasteorann Interreg IVA le hairgead ón AE. Is é atá i gceist leis nasc díreach idirnáisiúnta teileachumarsáide a chur ar fáil idir Iarthuaisceart na hÉireann agus Meiriceá Thuaidh agus an Eoraip trí chábla teileachumarsáide trasatlantach a thabhairt i dtír i bPort Rois.

Síníodh an conradh maidir leis an obair thógála ar Thionscadal Kelvin le Hibernia Atlantic i mí na Nollag 2008, agus cuireadh tús leis an obair thógála go luath sa bhliain 2009. Tugadh an obair thógála chun críche sa bhliain 2010 agus tá an córas 'beo' anois.

Cuirtear ceangal idirnáisiúnta Kelvin ar fáil ar chostas iomaíochta, costais aisiompair faoi ráthaíocht san áireamh, do na bailte ar fad a dtéann sé tríothu, Leitir Ceanainn, Muineacháin, Baile na Lorgan, Dún Dealgan agus Droichead Átha, atá ceangailte le córas Kelvin le snáithín ardacmhainne leathanbhanda a thabharfar ar aghaidh go Baile Átha Cliath. Cuirfidh seo freisin le díonseasmhacht cheangal idirnáisiúnta teileachumarsáide na hÉireann, ós féidir ceangal leathanbhanda idirnáisiúnta a sheoladh as Baile Átha Cliath trí nasc Kelvin más gá.

Infrastruchtúr atá faoi úinéireacht an Stáit a úsáid chun soirbhiú do líonraí ardluais

Tá infrastruchtúr atá faoi úinéireacht an Stáit in úsáid cheana féin do líonraí teileachumarsáide ardluais (mar

CUMARSÁID

shampla, líonraí snáithín a chur isteach le córais bóithre iarainn, leictreachais agus gáis na hÉireann). Réitítear an bealach faoin Acht um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Ardráta agus Bonneagar Cumarsáide Leictreonaí), 2010 d'Údarás na mBóithre Náisiúnta (NRA) an duchtú leis na bóithre náisiúnta agus leis na mótarbhealaí a chur ar fáil d'oibritheoirí teileachumarsáide. D'oibrigh an Roinn leis na gníomhaireachtaí Stáit agus leis na comhlachtaí Stáit ar fad i rith na bliana 2010 chun an úsáid ab fhearr ab fhéidir as acmhainní an Stáit a chur chun cinn agus beidh sin feasta ar cheann de na sruthanna oibre ag an Tascfhórsa don Leathanbhanda den chéad Chineál eile (féach thuas).

Cuspóir Straitéiseach a TRÍ

Cur leis an ilchuimsitheacht eacnamaíochta agus shóisialta, leis an bhforbairt réigiúnach agus leis an acmhainn iomaíochta.

An Scéim Náisiúnta Leathanbhanda (NBS)

Baineadh amach an sprioc maidir leis an Scéim Náisiúnta Leathanbhanda (NBS) seirbhísí leathanbhanda a bheith ar fáil faoi fhómhar na bliana 2010 ag gach áitreabh taobh istigh den 1,028 Toghroinn NBS.

Is infheistíocht thábhachtach san infrastruchtúr don am atá ag teacht atá san NBS ag an Státchiste, an AE agus Hutchison 3 G Ireland Ltd (ag trádáil faoin ainm "3"). Rinneadh an infheistíocht seo i seirbhísí leathanbhanda ar bhealach a mairfidh an tairbhe as san am atá le theacht ó tá an teicneolaíocht sa chaoi agus gur féidir a úsáid do cheangal ar chaighdeán agus luas níos airde sna blianta atá ag teacht. Bíonn tionchar aistritheach cumasaíochta ón gceangal leathanbhanda agus ó tugadh an obair maidir leis an NBS i gcrích tá ar a laghad solathraí seirbhíse amháin ag tairiscint seirbhís leathanbhanda ar fud gach cuid d'Éirinn anois.

Scéim Leathanbhanda faoin Tuath

Cuireadh togra do Scéim Leathanbhanda faoin Tuath chun cinn. Fágfaidh an scéim gur féidir seirbhís bhunúsach leathanbhanda a chur ar fáil in áitribh aonair faoin tuath nach féidir seirbhís leathanbhanda a fháil iontu faoi láthair ó na soláthraithe seirbhíse idirlín.

Seoladh an scéim ina dhiaidh sin i mí Aibreán 2011. Bainfear úsáid lena haghaidh as airgead ó Chiste Talmhaíochta na hEorpa don Fhorbairt Tuaithe agus cuirfear i bhfeidhm í mar bheart faoin gClár Forbartha Tuaithe i gcomhar leis an Roinn Talmhaíochta,

CUMARSÁID

Iascaigh agus Bia. Is féidir iarratais a dhéanamh leis an Scéim ó Aibreán 2011 amach agus meastar go dtosófar ar sheirbhísí a thabhairt i gcrích go luath sa bhliain 2012.

Líonraí Cathracha (MANs)

Tá an obair ar 86 MAN i 92 baile ar fud na tíre tugtha chun críche faoi Chlár na Líonraí Cathracha. Tá e|net, an tEintiteas Bainistíochta Seirbhísí (EBS), ag oibriú na MANs seo agus ag déanamh bainistíochta orthu thar ceann an Stáit.

Clár 100Mb/s do Scoileanna

Sheol an Roinn an chéad chéim den tionscadal maidir le 100Mb/s ag scoileanna iarbhunscoile mar chéim phíolótach i mí Meitheamh 2009. Tá an chéim sin tugtha chun críche anois agus an acmhainn bHreise leathanbhanda curtha isteach go sásúil san 78 scoil a ghlac páirt ann. Tá an tionscadal á rith i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, HEAnet agus an Lárionad Náisiúnta do Theicneolaíocht san Oideachas. Tá measúnacht á dhéanamh ar an gcéim phíolótach agus ar an toradh a bhí uirthi.

Ilchuimsitheacht Ríomhaireachta (rannpháirtíocht dhigiteach)

Chuir an Roinn an scéim BenefIT 2, a seoladh i rith na bliana 2009, i bhfeidhm i rith na bliana 2010 i gcomhar le páirtnéirí san earnáil pobail agus deonach. Chuir an Roinn tríd an scéim €351,000 i leith thionscadail áirithe trína gcomhlíontar cuspóirí Ilchuimsitheachta Ríomhaireachta (oiliúint). Meastar meánchostas thart ar €50 in aghaidh an duine a cuireadh faoi oiliúint ar an Roinn, suim is ísle go mór ná mar a bhain le scéimeanna roimh an gceann seo.

Tugadh chun críche athbhreithniú ar an scéim BenefIT 1 i rith na bliana 2010. Baineadh leas as an scéim i ngach cearn den tír agus bhí níos mó ná 32,000 duine a bhain tairbhe go díreach as, i bhfoirm oiliúna den chuid is mó. Chuidigh an scéim go mór freisin le cur leis an margadh d'earraí crua, do bhogearraí agus do sheirbhísí eile a bhaineann leis an réimse.

Lárionaid Sonraí agus Néalríomhaireacht

Rinne an Roinn cathaoirleacht ar cheardlann faoi ionaid sonraí a bheadh éifeachtúil ó thaobh fuinnimh agus faoin néalríomhaireacht agus cuireadh comhairle theicniúil ar fáil maidir le ceisteanna ICT & Forbraíocht Inbhuanaithe i ndáil le sochaí an eolais a thabhairt chun cinn.

Snáithín isteach sa Teach

Reáchtálach próiseas comhairliúcháin faoin teideal "Recommendations for

CUMARSÁID

Open Access Fibre Ducting and Interior Cabling for New Residential Buildings – Making Homes Fibre Ready". Ba í an Roinn a d'ullmhaigh na moltaí a bhí i gceist i gcomhairle le geallsealbhóirí príomhtháibhachta agus tá siad ar fáil i ndáil le forbraíocht ar árais cónaithe san am atá le theacht.

Digital Agenda for Europe (DAE)

D'fhoilsigh Coimisiún an AE an Digital Agenda for Europe (DAE) ar an 19 Bealtaine 2010 agus é ar cheann de sheacht gcinn de thionscnaimh mórshuntais faoin straitéis An Eoraip 2020 maidir le forás cliste, inmhartha, ilchuimsitheach. Tá an DAE dírithe ar theicneolaíocht an 21ú céad agus ar sheirbhísí idirlín a chuirfidh ar chumas na hEorpa níos mó postanna a chruthú, rachmas eacnamaíochta a chothú agus cás an tsaoránaigh agus an ghnólachta san AE ó lá go lá a fheabhsú ar bhealaí éagsúla. Tá glactha ag an Roinn leis an gcúram maidir le comhordú a dhéanamh ar thuairiscí agus mionteagasc a thabhairt ar an dul chun cinn maidir leis an DAE a chur i bhfeidh ar fud réimsí éagsúla an Rialtais.

CÚRSAÍ POIST

PRÍOMHCHUSPÓIR BEARTAIS

A chinntiú go mbaineann custaiméirí na hÉireann, idir custaiméirí gnó agus custaiméirí cónaitheacha, leas as seirbhísí poist ar phraghas iomaíoch agus ar ardchaighdeán, seirbhísí atá ar chomhchaighdeán le príomhgheilleagair comparáideacha eile ar fud an AE.

Cuspóir Straitéiseach a hAON

An bealach a réiteach do mhargadh poist iomaíochta a thabhairt chun cinn trína mbíonn éagsúlacht táirgí agus seirbhísí ardchaighdeáin ar fáil don tomhaltóir agus teacht go héasca ag gach tomhaltóir ar an tseirbhís.

An Bille um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Poist)

Foilsíodh an Bille um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Poist) i rith na bliana 2010 agus bhí sé curtha trí gach céim sa Seanad faoi dheireadh na bliana. Is é cuspóir atá leis an mBille éifeacht iomlán a thabhairt don 3ú Treoir maidir le cúrsaí Poist trína bhforáiltear don chéim deiridh de léarscaoileadh an mhargaidh seirbhísí poist faoin 1 Eanáir 2011. Leagtar amach sa Bhille an creat rialúcháin don earnáil léarscaoilte arb iad na príomhghnéithe a bhaineann leis deimhniú go mbíonn réimse bunúsach seirbhísí poist ar fáil do chách (seirbhís uilíoch) agus ligean don iomaíocht agus don nuáil teacht chun cinn san earnáil.

Cuspóir Straitéiseach a DÓ

Córas postchód a thabhairt isteach agus leibhéal ard úsáide as i measc an phobail.

Ceapadh comhairleoirí chun cuidiú le comhlacht a roghnú a dhéanfadh cur i bhfeidhm agus bainistíocht i ndáil le Córas Náisiúnta Postchód (NPS) a thabhairt i gcrích. D'oibrigh na comhairleoirí le Grúpa Stiúrtha na Roinne chun cáipéisíocht don phróiseas tairisceana a ullmhú ionas go bhféadfaí sin a fhoilsiú go luath sa bhliain 2011. Rinneadh próiseas comhairliúcháin a reáchtáil le 61 páirtí leasmhar. Tugadh údarás don Roinn le Cinneadh Rialtais ar an 21 Nollaig 2010 leanúint ar aghaidh leis an gcéad chéim den phróiseas soláthair.

CÚRSAÍ POIST

Cuspóir Straitéiseach a TRÍ

Tá an Post ina cuideachta tréan inmharthana i gcónaí agus í i riocht feidhmiú ar bhonn iomaíochta i margadh léirscaoilte, seirbhís ardchaighdeáin poist a chur ar fáil ar fud na tíre agus craobhchóras oifigí an phoist atá dírithe ar an gcustaiméir a choinneáil ar bun ar fud na tíre.

Deacrachtaí atá roimh an bPost

Tá an chuideachta poist atá faoi úinéireacht an Stáit ag feidhmiú i dtimpeallacht gnó a mbaineann an-deacrachtaí léi. Mar gheall ar mhodhanna leictreonacha a bheith in úsáid in áit an ghnáthphoist agus timpeallacht eacnamaíochta anróiteach éiginnte, tháinig laghdú arís ar líon na nithe a seoladh tríd an bpost, titim de 7% sa bhliain 2010. Tá sciar suntasach d'ioncam an Phoist anois ag brath ar chonarthaí a mhaoiníonn an Stát.

D'fhonn tabhairt faoin gcás deacrachta seo lean an Post ag díriú ar bheith ina cuideachta i gcónaí atá dírithe ar an gcustaiméir, lena mbaineann acmhainn iomaíochta agus acmhainn nuála. Leanadh de na costais saothair a laghdú tríd an bpacáiste téarfa deonach a tugadh isteach an bhliain roimhe seo. Beidh cur i bhfeidhm sásúil ar an straitéis chun costais saothair a laghdú as seo go ceann cúig bhliana cinniúnach maidir le cumas na cuideachta na deacrachtaí a chuirtear roimpi a shárú.

Dúnadh Postbank agus Bearta Éadála

Go luath sa bhliain 2010, d'aontaigh an Post agus an páirtí a bhí ag an bPost in Postbank, BNP Paribas, gnóthaí a thabhairt chun críche agus scoir Postbank de thrádáil a dhéanamh ar an 31 Nollaig 2010. Rinne an Post éadáil in athuair ar Postpoint agus One Direct araon - páirt an Phoist sa chomhfhiontar - mar chuid den bheart foirceanta.

Clár Stampaí

Mar chuid den chlár stampaí a cheadaigh an Rialtas i leith na bliana 2010 bhí eisiúintí chun ceiliúradh a dhéanamh ar Chumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann, Dearthóirí Faisin na hÉireann, Athbhliain na Síneach, Lá Fhéile Pádraig agus an Nollaig. Rinneadh comóradh le stampaí chomh maith ar roinnt imeachtaí staire, ina measc Céad Bliain ar bun do Bhantracht na Tuaithe agus AA Ireland Ltd. chomh maith le comóradh 25 bliain ar bun do Ghaisce – Cearnmhír an Uachtaráin.

CRAOLACHÁN

PRÍOMHCHUSPÓIRÍ BEARTAIS

- **Féachaint le cinntiú go leanann an earnáil craolacháin in Éirinn ag cur ábhar agus sceidil fuaime agus closamhairc ar fáil, go háirithe trí chraolachán seirbhíse poiblí, lena sásaítear riachtanais an lucht féachana agus an lucht éisteachta in Éirinn.**
- **Féachaint leis an teacht ar réimse den ábhar agus de na sceidil sin a choinneáil ar bhonn uilíoch saorchraolacháin gan táille.**
- **An timpeallacht a chruthú trína gcothaítear forás, forbairt agus rath ar earnáil na meán fuaime agus na meán closamhairc in Éirinn.**

Lean an Roinn den teacht ar chraoltóireacht seirbhíse poiblí ar ardchaighdeán a chur chun cinn trí chistí a chur ar fáil de na comhlachtaí craoltóireachta seirbhíse poiblí, RTÉ agus TG4. Chomh maith leis sin, d'oibrigh an Roinn le hÚdarás Craolacháin na hÉireann (BAI), RTÉ agus TG4 chun cinntiú gur cuireadh an tAcht Craolacháin 2009 i bhfeidhm go héifeachtúil.

I measc na gcora nua suntasacha a tharla i gcúrsaí craolacháin i rith na bliana 2010 bhí siad siúd maidir le Teilifís Trastíre Dhigiteach (DTT) a chur ar fáil in Éirinn. Shínigh an tAire Ordú i mí Feabhra lenar ceanglaíodh ar RTÉ an tseirbhís DTT a sheoladh do 90% den daonra agus seoladh an tseirbhís sin an 29 Deireadh Fómhair 2010 ar bhonn trialach. Chomh maith leis sin, shínigh an tAire comhaontú leis an Ríocht Aontaithe i ndáil le comhoibriú idir Éirinn agus Tuaisceart Éireann maidir leis an athrú go dtí an córas digiteach agus mar chuid de sin, seirbhísí teilifíse TG4 agus RTÉ a bheith ar fáil ar chóras DTT Thuaisceart Éireann.

Tugadh an trasuí ar Threoir na Seirbhísí Meán Closamhairc chun críche i rith na bliana 2010 le hachtú Rialachán na gComhphobal Eorpach (Seirbhísí Meán Closamhairc) 2010.

Cuspóir Straitéiseach a hAON

Leanúint de chúnamh taca a thabhairt, de réir mar is cuí, d'earnáil an chraolacháin seirbhíse poiblí in Éirinn, d'fhonn cinntiú go gcuirtear réimse cuimsitheach clár ar fáil, i nGaeilge agus i mBéarla, don lucht féachana agus don lucht éisteachta ar fad, ar bhonn uilíoch saorchraolta saor ó tháille.

CRAOLACHÁN

RTÉ

I rith na bliana 2010, rinne an Roinn cáipéisí éagsúla maidir leis an rialachas corparáide a éilítear ar RTÉ a chur ar fáil faoin reachtaíocht a athbhreithniú agus a aontú i ndáil leis an Acht Craolacháin, 2009. Orthu sin bhí Ráiteas Straitéise RTÉ, Ráiteas Bhliantúil RTÉ faoi Gheallúintí Feidhmíochta, Athbhreithniú RTÉ ar an Soláthar Craolacháin Teilifíse agus Fuaime agus Tuarascáil RTÉ faoi Choimisiúnú Clár Neamhspleách. Rinne BAI an tAthbhreithniú Maoiniúcháin ar RTÉ a éilítear faoin Acht Craolacháin 2009 den chéad uair i rith na bliana 2010. Bhí tionchar ag an gcúlú leanúnach maidir le hioncam ó fhógraíocht ar RTÉ i rith na bliana 2010 agus rinneadh bearta oiriúnacha dá réir i ndáil leis an mbonn costais. Saothraíodh ioncam tráchtála iomlán de €175.7 milliún i rith na bliana 2010 i gcomparáid le €174.7 milliún i rith na bliana 2009 ach ba laghdú suntasach sin i gcomparáid le ioncam tráchtála iomlán de €239.9 milliún i rith na bliana 2008.

Sonraíodh sábháil €41m in RTÉ i rith na bliana 2009 (anuas ar shábháil €27m a bhí sonraithe roimhe sin i rith an chéad ráithe den bhliain 2009). Áirítear leis an tsábháil sin laghdú pá ar fud na heagraíochta agus neamhíoc aon íocaíochtaí a bhaineann le leibhéal feidhmíochta. Dhaingnigh RTÉ an tsábháil sin sa bhuiséad don bhliain 2010.

Ceisteanna maidir le Táillí Ceadúnais Teilifíse

Leagadh síos na téarmaí maidir le táillí gníomhaireachta na bliana 2010 a íoc leis an bPost i ndáil leis an mbailiúchán ar tháillí ceadúnais teilifíse agus cuireadh i bhfeidhm iad i rith na bliana 2010. Foráiltear faoin gconradh seo go n-íoctar cúiteamh leis an bPost, ina ghníomhaire dó thar ceann an Aire, mar gheall ar na costais a dtéitear iontu go díreach i ndéanamh na hoibre sin. Cinntítear leis chomh maith go spreagtar an Post chun an díolachán is mó is féidir a bhaint amach.

Scéimeanna Maoiniúcháin Craolacháin

Leagtar de fhreagracht ar Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI) faoin Acht Craolacháin 2009 scéimeanna maoiniúcháin a thabhairt chun cinn agus a riaradh trína dtugtar cúnamh maidir le léiriú agus craoladh lón clár ar ardchaighdeán atá bunaithe ar chultúr agus ar oidhreacht na hÉireann. Foráiltear faoin Acht go gcuirtear ciste ar fáil do na scéimeanna sin trí leithroinnt de 7% den fháltas glan ón táille do cheadúnas teilifíse. Leanann aontú reatha an AE leis an Scéim go dtí an bhliain 2014. Íocaíodh leithroinnt €14.7m le hÚdarás Craolacháin na hÉireann sa bhlian 2010 mar chiste do

CRAOLACHÁN

mhaoiniú agus do riaradh na scéimeanna a thagann faoin gCiste Craolacháin.

Iarradh aontú an AE i rith na bliana 2010 le scéim maoiniúcháin eile i ndáil leis an gcartlannaíocht ar ábhar clár. Is é cuspóir atá leis an Scéim cur chuige slánchóirithe a thabhairt chun cinn maidir le hábhar cláir a chur i gcartlanna lena n-áirítear oidhreacht craoltóireachta na hÉireann a chur chun cinn, a fhorbairt agus a chaomhnú, próisis agus formáidí stórála oiriúnacha a fhorbairt agus soláthar do theacht a bheith ag páirtithe leasmhara ar an ábhar go luath agus go sainiúil. Tá an Roinn ag leanúint den chaidreamh leis an gCoimisiún Eorpach faoin gceist seo.

TG4

D'oibrigh an Roinn le TG4 i rith na bliana 2010 chun soláthar do sheirbhís leanúnach a chur ar fáil agus bearta oibre maidir le coinníollacha rialachais corparáide a thabhairt i gcrích gan aon deacracht. Thug an Roinn Ráiteas Straitéise TG4 faoi athbhreithniú chomh maith le Ráiteas Bhliantúil na corparáide faoi Gheallúintí Feidhmíochta i leith na bliana 2010 agus aontaíodh an dá ráiteas.

Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI)

Ba í an bhliain 2010 an chéad bhliain iomlán feidhme ag BAI a raibh ciste iomlán an Údaráis ag teacht ó thobhach tionsclaíochta arna ghearradh ar na craoltóirí. Leagtar an fhreagracht as réimse leathan feidhmeanna nua i ndáil le craoltóirí seirbhíse poiblí ar BAI, ina measc an fhreagracht maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar mhaoiniú agus ar fheidhmíocht na gcorparáidí, beart a tugadh i gcrích i rith na bliana 2010. Is ar an Údarás freisin atá an fhreagracht iomlán ghinearálta maidir le stiúir straitéise na heagraíochta, bearta de leithéid cóid agus rialacha do na craoltóirí a ullmhú, an 'Ciste Craolacháin' a oibriú agus cúram maoirseachta i ndáil le gnéithe áirithe d'obair na gcraoltóirí seirbhíse poiblí agus tobhach a shocrú agus a bhailiú ó lucht na hearnála mar chiste do chostais BAI. D'oibrigh an Roinn in éineacht le BAI chun cinntiú go rabhthas ag cloí leis na coinníollacha nua tuairiscíochta faoin Acht agus leis an gCód Cleachtais leasaithe maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit.

Cuspóir Straitéiseach a DÓ

Féachaint le cinntiú go ndéantar creat rialúcháin a thabhairt chun cinn atá oiriúnach maidir le hearnáil craolacháin a choinneáil ar bun agus a chur chun cinn in Éirinn a dhéanann freastal ar riachtanais lucht féachana agus lucht éisteachta na hÉireann.

CRAOLACHÁN

An Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc

Rinneadh an trasuí ar an Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc a thabhairt chun críche i rith na bliana 2010 le hachtú Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Seirbhísí Meán Closamhairc) 2010. Tagann na seirbhísí meán closamhairc uile faoi scáth na Treorach - lena n-áirítear seirbhís teilifíse thraidisiúnta (seirbhís líneach) agus ar éileamh (seirbhísí neamhlíneacha) gan bheann ar an teicneolaíocht a úsáidtear chun an t-ábhar a chur ar fáil.

Déileáiltear le forálacha na Treorach maidir le seirbhísí ar éileamh i Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Seirbhísí Meán Closamhairc) 2010. Foráiltear faoin reachtaíocht do chóid iompair maidir le fógraíocht a thabhairt chun cinn ag soláthraithe seirbhísí meán a chuireann seirbhísí meán closamhairc ar éileamh ar fáil i gcomhar le hÚdarás Craolacháin na hÉireann.

Athbhreithniú maidir le hImeachtaí Tábhachtacha a Ainmnítear maidir le Saorchraoladh

Mhol an tAire ar an 30 Aibreán 2010 roinnt imeachtaí áirithe, a bhain le spóirt CLG, Rugbaí agus Rásaíocht Capaill a chur leis an liosta reatha d'imeachtaí ainmnithe agus d'iarr tuairim dhaoine den phobal agus pháirtithe leasmhara.

D'fhonn cuidiú leis na haighneachtaí a cuireadh faoi bhráid a mheas, cheap an tAire na comhairleoirí Indecon International chun an togra maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar liosta na n-imeachtaí spóirt a bhíonn ar fáil trí shaorchraoladh orthu. Chuir Indecon tuarascáil ar fáil i mí na Nollag 2010. Socraíodh ina dhiaidh sin sa bhliain 2011 an liosta reatha a fhágáil gan athrú.

Cuspóir Straitéiseach a TRÍ

Cinntiú go mbíonn glacadh ar ardchaighdeán le seirbhísí craolacháin Éireannacha ar fáil ar bhonn uilíoch saorchraolta in Éirinn agus go bhfuil seirbhísí á dtabhairt chun cinn do phobail Éireannacha thar lear.

Teilifís Trastíre Dhigiteach (DTT)

Faoin Acht Craolacháin 2000, tá dlite ar RTÉ seirbhís náisiúnta teilifíse digití 'saorchraolta' a chur ar fáil ar féidir RTÉ, TG4 agus TV3 a iompar uirthi. Tiocfaidh an líonra sin in ionad an líonra teilifíse analógach a bhfuil a ré beagnach caite agus atá le múchadh i rith na bliana 2012. Shocraigh an tAire an dáta a seolfar seirbhísí DTT do mhí Deireadh Fómhair 2010 agus ar an 29 Deireadh Fómhair, sheol RTÉ an tseirbhís ar bhonn tástála do 90% den

CRAOLACHÁN

daonra. Lean RTÉ den chóras náisiúnta DTT atá beartaithe a thabhairt i bhfeidhm an chuid eile den bhliain 2010 agus táthar ag teacht leis an sceideal chun an tseirbhís náisiúnta DTT a sheoladh an dara ráithe den bhliain 2011.

Dheimhnigh an tAire chomh maith i rith na bliana 2010 an dáta a múchfar an córas teilifíse analógach in Éirinn ag deireadh na bliana 2012.

Tháinig an babhta iomaíochta a d'eagraigh BAI agus ar cuireadh tús leis i mí Aibreán 2008 maidir le trí cinn de ilpléacsanna tráchtála DTT le táillí a chur ar fáil chun críche i rith na bliana 2010 gan aon cheadúnas a thabhairt amach. Ní mheastar anois go mbeidh seirbhísí tráchtála DTT á dtabhairt i bhfeidhm go dtí go mbíonn an tseirbhís analógach múchta ar a laghad. Ní bheidh aon chur isteach aige sin ar an sprioclá maidir leis an gcóras teilifíse analógach a mhúchadh.

Bunaíodh Grúpa Stiúrtha maidir leis an Athrú Digiteach (DSOG), faoi chathaoirleacht na Roinne i mí Meán Fómhair 2010, ar a bhfuil ionadaithe ón Roinn agus ó RTÉ, BAI, COMREG agus geallsealbhóirí eile. Is é cúram a leagtar ar an DSOG maoirseacht a dhéanamh ar an athrú go dtí an córas digiteach agus ar an gcóras teilifíse analógach a mhúchadh agus cinntiú go bhfuil lón eolais agus comhairle á chur ar fáil don lucht féachana teilifíse ar bhealach tráthúil atá éifeachtach ó thaobh costais de.

Faoi chomhaontú nua a síníodh le Tuaisceart Éireann i mí Feabhra 2010, táthar ag tnúth go mbeidh TG4, RTÉ 1 agus RTÉ 2 á n-iompar ar an gcóras DTT i dTuaisceart Éireann ó dheireadh na bliana 2012 ar aghaidh. Foráiltear leis sin do sheirbhísí craoltóireachta poiblí na hÉireann a bheith ar fáil ar bhonn uile-oileáin den chéad uair i stair na hÉireann.

Cuspóir Straitéiseach a CEATHAIR

An creat a chur ar fáil maidir le bealach nua teilifíse an Oireachtais a chur ar bun trína mbeidh tráchtadh ar fáil trí chraoladh digiteach saor ó tháille ar chúrsaí oibre na Dála, an tSeanaid, agus Chomhchoiste an Oireachtais chomh maith le tráchtadh sa bhreis air sin ar ábhar de leithéid chruinnithe de Pharlaimint na hEorpa.

Foráiltear in Alt 125 den Acht Craolacháin 2009 gur féidir le Coimisiún Thithe an Oireachtais ciste a chur ar fáil do chóras teilifíse saorchraolta, agus a leithéid a bhunú, i ndáil le craoladh ar imeachtaí Thithe an Oireachtais agus ar chúrsaí áirithe eile, agus gur Bealach Thithe an Oireachtais a thabharfar air.

FUINNEAMH

PRÍOMHCHUSPÓIRÍ BEARTAIS

- Iontaofacht agus leanúnachas an tsoláthair fuinnimh don gheilleagar agus don tomhaltóir a chinntiú
- Inbhuanaitheacht a chur chun cinn maidir le soláthar fuinnimh agus a úsáid
- Cur le tréithe iomaíochais na margaí fuinnimh

Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir leis an gcuid is mó de na spriocanna beartais i réimse an Fhuinnimh i rith na bliana 2010. Ba léir sin go háirithe maidir le forbairt ar an infrastruchtúr agus fuinneamh inmharthanachta a chur chun cinn. Ba suntasach an ní maidir leis an mbliain 2010 an titim leanúnach ar phraghasanna leictreachais agus gáis le dhá mhí dhéag anuas, de réir mar a bhí riocht iomaíochta níos fearr i gcomparáid le Ballstáit eile an AE le sonrú ar phraghasanna leictreachais agus gáis na hÉireann. Bhí tairbhe ag teaghlaigh agus ag gnólachtaí as titim ar chostais fuinnimh le dhá mhí dhéag anuas. Tharla titim 12% ar phraghasanna leictreachais i gcás an chuid is mó de na teaghlaigh rud a thug na praghasanna leis na meánphraghasanna san EU de réir Eurostat. Maidir le custaiméirí gnólachtaí móra agus meánmhéide, thit na praghasanna idir 20% agus 35% i gcomparáid le meánfhigiúr 4% ar fud an AE.

Leanadh den dlúthchaidreamh leis na Cuideachtaí Fuinnimh Stáit ar fad a thagann faoi choimirce na Roinne chomh maith agus oibríodh in éineacht leo go háirithe chun a gcuid cláir infheistíochta a chur chun cinn, i bhfianaise bheartas an Rialtais.

Sprioc Beartais 1

Iontaofacht agus leanúnachas an tsoláthair fuinnimh don gheilleagar agus don tomhaltóir a chinntiú.

Cuspóir Straitéiseach a hAON

Cinntiú go ndéantar freastal seasta leis an soláthar leictreachais ar an éileamh atá air.

An t-éileamh ar leictreachas i rith na bliana 2010

Bhí méadú de bheagán i gceist le figiúirí na bliana 2010 i ndáil leis an éileamh ar leictreachas i gcomórtas le figiúirí na bliana 2009 agus is féidir an fíor-dhrochaimsir a tháinig an chéad ceithre mhí den bhliain a lua i ndáil leis an ardú beag sin. Fágann titim ar an

FUINNEAMH

éileamh, monarchana nua a chur i mbun oibre agus an fhollasacht a bhaineann leis an Margadh Aonair Leictreachais go bhfuil dóthain acmhainne gineadóireachta ar fáil chun an t-éileamh ar leictreachas in Éirinn a shásamh go ceann tamall maith blianta.

An teacht ar acmhainn gineadóireachta i rith na bliana 2010

Tháinig feabhas mór i gcomparáid leis na blianta beaga roimhe seo nuair a d'fhan na leibhéil thart ar 77% nó faoina bhun sin. Bhí an teacht ar acmhainn gineadóireachta i rith na bliana 2010 os cionn leibhéal 80% go seasta rud ar féidir a monarchana nua níos éifeachtaí a chur i mbun oibre a lua ina leith agus éirí as monarchana níos sine ná sin a oibriú nach mbeadh chomh hiontaofa céanna.

Acmhainn Bhreise Gineadóireachta

Cuireadh roinnt monarchana breise nua leis an bpunann gineadóireachta. Osclaíodh Monarcha Cumhachta Bhord Gáis sa Gheata Bán go hoifigiúil i mí na Nollag 2010. Tuirbín Gáis Comhthimthrialla (a) atá sa stáisiún cumhachta sin agus é ar an stáisiún cumhachta is mó éifeachtúlacht in Éirinn le ráta éifeachtúla 58.5%. Is féidir leictreachas a chur ar fáil do 445,000 teach as an monarcha cumhachta dóite gáis sin. Osclaíodh Monarcha Cumhachta Comhthimthrialla 435MW BSL an Átha Fhada ar an 31 Bealtaine 2010 tar éis uasghrádú a dhéanamh ar na ceithre aonad gineadóireachta 430MW a bhí ann chean. Tá acmhainn na monarchan méadaithe anois go dtí 963MW. Bíonn gineadóireacht 528MW á dhéanamh anois i gceithre aonad na monarchan. Tá coimisiúnú déanta ar dhá mhonarcha Tuirbín Gáis Timthrialla Oscailte nua (OCGT) in Éadan Doire a bhfuil acmhainn 116MW leo ar a dtabhairt le chéile.

Is mór an ní don Stát na monarchana nua seo a chur leis an bpunann gineadóireachta mar go gcuireann sé le hiontaofacht an tsoláthair agus le héagsúlacht na bhfoinsí fuinnimh.

Idirnascaire Soir Siar (EWIC)

Ar iarratas an Rialtais, tá EirGrid, an t-oibritheoir córais tarchuradóireachta atá faoi úinéireacht an Stáit i mbun tógála ar an Idirnascaire Soir Siar idir greille leictreachais na hÉireann agus ceann na Breataine. Tá buiséad iomlán €601 milliún curtha i leith an tionscadail seo.

Rinneadh dul chun cinn leis an obair ar an tionscadal i rith na bliana 2010 maidir le Idirnascaire 500MW ardvoltais le sruth díreach (HVDC) leis an mBreatain Mhór. Ar an gcead pleanála cuí a fháil ón mBord Pleanála do chuid na hÉireann den tionscadal i rith na bliana 2010, eisíodh fógra iomlán dul ar aghaidh le ABB, an

FUINNEAMH

comhlacht innealtóireachta lena ndearnadh an conradh maidir le EWIC a dhearadh, a tháirgeadh agus a chur isteach. Táthar ag tnúth go mbeidh an tionscadal tugtha chun críche i rith na bliana 2012 agus sin de réir an bhuiséid. Cheadaigh an tAire Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil ceadúnas urthrá na hÉireann i rith na bliana 2010 a fhágann gur féidir an EWIC a thógáil in uiscí teorann na hÉireann.

Áirítear an EWIC ar na tionscadail idirnascaire a bhfuil tábhacht straitéiseach leo i gClár na hEorpa um Théarnamh Eacnamaíochta [EEPR] agus deontas €110 milliún á lua ina leith. Cheadaigh Coimisiún an AE an deontas don idirnascaire go foirmeálta i rith na bliana 2010.

Forbairt ar an nGreille Tarchuradóireachta

Leanadh den dul chun cinn i rith na bliana 2010 ar liosta a bhaineann leis an gclár forbartha tarchuradóireachta ardsuntais, mar chuid de Straitéis Forbartha "GRID 25" ag EirGrid. Cuireadh Iarratas ar Chead Pleanála faoi bhráid an Bhoird Pleanála i ndáil le stáisiún Fhionnghlaise a bhfuil tionscadal le hinfheistíocht €60 milliún beartaithe ina leith. Tugadh faoi chomhairliúchán poiblí freisin i réigiún an iardheiscirt agus tarlóidh forbairt shuntasach ar an ngreille agus ar an gcraobhchóras ach cead pleanála a fháil chuige. Cuideoidh an infheistíocht sin le cumhacht inathnuaite a chóiriú sa chóras agus déanfar freastal freisin don leictreachas breise a bheidh á ghineadh sna monarchana cumhachta nua san Áth Fhada agus sa Gheata Bán. Tá EirGrid ag leanúint de chruinnithe poiblí a eagrú i ngach réigiún d'fhonn na pleananna don chraobhchóras agus don fhorbairt ar an ngreille sa cheantar a leagan amach agus freagraí a thabhairt ar aon ní is ábhar buartha do mhuintir na háite.

Rinneadh dul chun cinn i rith na bliana ar chiorcaid tarchuradóireachta nua a thógáil agus ar nuachóiriúchán a dhéanamh ar na ciorcaid a bhí ann cheana féin. Bhí isteach is amach le 150km de chiorcaid línte nua a tugadh chun críche nó a bhfuil an chuid is mó den obair orthu críochnaithe. Rinneadh nuachóiriúchán ar isteach is amach le 300km de na ciorcaid tarchuradóireachta reatha i rith na bliana 2010, réimse is ionann agus timpeall is 5% de réimse iomlán an chiorcaid tarchuradóireachta sa tír.

An Dara Idirnascaire Thuaidh-Theas

Leanadh den obair ar idirnascaire leictreachais An Mhí - Thír Eoghain i rith na bliana 2010. Tá an fhorbairt ar an tionscadal sin á dhéanamh i gcomhar idir EirGrid agus NIE. Chuir

FUINNEAMH

EirGrid isteach an chéad iarratas ar chead pleanála i mí na Nollag 2009, ach mar gheall ar earráid san fhógra poiblí i ndáil le hairde an túir, ba ghá an t-iarratas a tharraingt siar. Tá rún ag EirGrid iarratas nua i ndáil leis an tionscadal sin a chur isteach i rith na bliana 2011.

Pleanáil maidir le cúrsaí Fuinnimh i gcásanna Éigeandála

Rinneadh dul chun cinn suntasach i rith na bliana 2010 maidir leis an bPleanáil maidir le cúrsaí Fuinnimh i gcásanna Éigeandála. Bhí Rialachán de chuid an AE a tháinig i bhfeidhm i rith na bliana 2010 ar cheann de na cúiseanna leis sin. Féachtar tríd an Rialachán sin le cinntiú go mbíonn leibhéal áirithe ullmhúcháin i ngach Ballstát maidir le cás éigeandála a tharlódh i ndáil le hinfrastruchtúr agus dualgaisí soláthair agus pleananna don fhreagairt i gcás práinne. Tá Grúpa Pleanála i ndáil le Cásanna Éigeandála Gáis agus Leictreachais bunaithe don réimse Uile-Oileán agus don Ríocht Aontaithe / Éire d'fhonn an phleanáil maidir le cásanna éigeandála agus socruithe freagartha a thabhairt chun cinn agus a fheabhsú agus réiteoidh na grúpaí sin an bealach don chomhoibriú réigiúnach a éilítear faoin Rialachán.

I mí Meitheamh, ghlac Éire agus Tuaisceart Éireann páirt i mbeart cleachtaidh Náisiúnta de Ghrád 1 faoi stiúir an Ríochta Aontaithe, Exercise Avogadro. Díríodh leis an mbeart cleachtaidh sin ar an bhfreagairt straitéiseach do chás éigeandála. Déanann oibritheoirí córais in Éirinn, i dTuaisceart Éireann agus sa Ríocht Aontaithe tástáil ar an bhfreagairt oibriúcháin gach bliain.

Tá caidreamh tosaithe ag an Roinn leis an Roinn Comhshaoil chun pleanáil do chásanna éigeandála a chur chun cinn ar bhonn náisiúnta agus an Creat don Bhainistíocht i gcásanna Móréigeandála á úsáid mar bhunús leis an bplé idir na páirtithe lena mbaineann.

Cuspóir Straitéiseach a DÓ

Iontaofacht agus slándáil an tsoláthair gáis a chinntiú.

Ráiteas faoin Toilleadh Gáis

Foilsíodh Ráiteas na bliana 2010 faoin Toilleadh Gáis i mí Iúil. Seo an dara ráiteas a d'eisigh na Rialtóirí Fuinnimh ó Thuaidh agus ó Dheas i gcomhar ina gcuirtear torthaí anailíse i láthair maidir leis an tionchar ón soláthar gáis measta agus ón éileamh gáis measta ar na córais tarchuradóireachta ar bhonn Uile-Éireann. Is é comhairle a bhaintear as an anailís go bhfuil dóthain acmhainne sa chraobhchóras chun freastal ar an éileamh measta go dtí an bhliain 2019. Tugtar san áireamh leis

FUINNEAMH

an meastachán sin an cás ina dtarlódh buaicéileamh a haon sa chaoga. Tharla buaicéileamh den chineál sin faoi dhó i rith na bliana 2010 (i mí Eanáir agus i mí na Nollag nuair a tháinig aimsir dho-fhuar ann) rud a léiríonn go glé an tábhacht chinniúnach atá le hinfheistíocht sa chóras a choinneáil ar bun tráth a mbeadh laghdú ag teacht ar an éileamh agus cinntiú ar bhonn leanúnach go mbíonn an córas ar fáil agus seasamh maith ann.

Síneadh leis an gCraobhchóras Gáis

Ag deireadh na bliana 2010, bhí 10,856km de chraobhchóras dáiliúcháin ag Bord Gáis Networks trína raibh gás á thabhairt chuig tuairim is 641,500 áitreabh. Leagadh síos níos mó ná 74km de phríomhphíblínte dáiliúcháin nua i rith na bliana 2010 chun freastal ar an éileamh méadaithe atá ar ghás nádúrtha.

Lean Bord Gáis Networks i rith na bliana 2010 den chlár oibre forbraíochta, ag cur le hiontaofacht an chórais, ag cur le hacmhainn iompair an chórais agus ag cinntiú go bhfuil tús áite ag an tsábháilteacht don ghnóthas i gcónaí. Rinneadh an obair thógála maidir le píblíne dáiliúcháin 12.3km idir Kernan agus Derryhale i gContae Ard Mhacha i rith na bliana 2010. Cuireadh tús leis an obair ar thionscadal chun píblíne tarchuradóireachta a chur in áit 12.3km de phíblíne i mBaile Átha Cliath 4 i rith na bliana 2010. Cuirfear tríd an tionscadal sin leis an acmhainn iompair gáis sa cheantar agus táthar ag tnúth leis an obair a thabhairt chun críche i rith na bliana 2011.

I mí Aibreán 2010, d'fhógair Gaslink, oibritheoir neamhspleách an chraobhchórais gáis nádúrtha, go raibh ceithre bhaile nua incháilithe le ceangal leis an gcraobhchóras gáis nádúrtha tar éis don CER céim 3 den bheart staidéir maidir le bailte nua a aontú. Is iad na bailte iad, baile Thiobraid Árann, Cionn tSáile agus Inis Eonáin i gContae Chorcaí agus Ceanannas i gContae na Mí. Cuireadh tús i rith na bliana 2010 leis an obair thógála i ndáil le síneadh príomhphíblíne gáis chuig na bailte sin go léir agus chuid baile na Cathrach i gContae Thiobraid Árann a aontaíodh i ndáil le Céim 2. Anuas orthu sin, cuireadh Maigh Chromtha, Contae Chorcaí faoi bhráid CER in athuair agus ceadaíodh é mar gheall ar fhorbraíocht nua táirgeachta láimh leis an mbaile sin.

Cuireadh píblínte gáis go dtí an dá stáisiún cumhachta gáis in oirthear Chorcaí, san Áth Fhada agus sa Gheata Bán, i mbun oibre. Tosaíodh ar fheidhmiú iomlán tráchtála sa dá stáisiún i rith na bliana 2010.

FUINNEAMH

Stóráil Gáis

Cuireadh tús leis an obair ar pháipéar a dhréachtadh don chomhairliúchán poiblí maidir le creat rialála i ndáil le stóráil gáis ar bhonn tráchtála amach ón gcósta. Meastar go bhfoilseofar Páipéar Comhairliúcháin go luath sa bhliain 2011. Cuideoidh an próiseas comhairliúcháin sin leis an Roinn an seasamh maidir le creat dlí i ndáil le stóráil gáis amach ón gcósta a shoiléiriú.

Cuspóir Straitéiseach a TRÍ

Cur leis an éagsúlacht maidir le foinsí fuinnimh don ghineadóireacht cumhachta.

Sprioc maidir le Fuinneamh Inathnuaite

Leanadh i rith na bliana 2010 den obair chun cur de réir a chéile leis an gcéatadán den leictreachas ar an gcóras a fhaightear ó fhoinsí fuinnimh inathnuaite (ón ngaoth go mór mór). Tá an sprioc náisiúnta 13.2% faoin mbliain 2010, a leagadh síos maidir le hÉirinn faoi Threoir 2001/77/CE ón AE maidir le foinsí fuinnimh inathnuaite a chur chun cinn i ndáil leis an leictreachas, sáraithe ag an tír seo. Tá Éire ar cheann de 7 gcinn de thíortha a bhain amach an sprioc a leagadh síos dóibh.

Bithfhuinneamh

I rith na bliana 2010, lean an Roinn, i gcomhar leis na gníomhaireachtaí cuí ag obair leis na comhlachtaí mórtháibhachta chun bonn taca a chur faoin acmhainn bithfhuinnimh in Éirinn a thabhairt chun cinn. Tá earnáil soláthair bithmhaise a bhfuil neart ag teacht inti i gcónaí tar éis teacht chun cinn mar gheall ar Bhearta Forbartha Margaidh, mar shampla, Scéim na dTithe níos Glaise, An Clár Iomlonnaithe Teasa Inathnuaite (Reheat) agus an Comhchlár Imlonnaithe Teasa agus Cumhachta (CHP), chomh maith le tionscal miondíolacháin, feistithe agus cothabhála a théann in éineacht leis an earnáil soláthair.

Feithiclí Leictreacha (EVs)

D'fhógair an tAire an Scéim Náisiúnta Deontais d'Fheithiclí Leictreacha i mí Aibreán 2010. Rinneadh Anailís ar an gCostas agus ar an Tairbhe (ACT) i rith na bliana d'fhonn leagan amach críochnúil a thabhairt ar an scéim i rith na bliana 2011. Go ginearálta, tá de chuspóir ag an rialtas 10% de na feithiclí (tuairim is 220,000) a bheith faoi chumhacht leicteachais ón ngreille, nó faoi thiomáint leictreachais agus foinse cumhachta eile, faoin mbliain 2020.

FUINNEAMH

Anuas air sin, tá ESB i mbun 1,500 pointe luchtaithe a bheidh ar fáil don phobal a thabhairt isteach d'fheithiclí leictreacha faoi láthair agus beidh siad sin ar fáil faoi dheireadh na bliana 2011. Beidh siad suite i ngach cathair agus i ngach baile mór a bhfuil daonra is mó ná 1,500 duine iontu. Cuirfear isteach 2,000 pointe luchtaithe le tithe cónaithe chomh maith. Tá 30 luchtaire luath le cur isteach 60 km ó chéile leis na bealaí móra idiruirbeacha ar fad chomh maith.

Cuspóir Straitéiseach a CEATHAIR

An brath ar ola a mhaolú agus pleananna teagmhasacha i ndáil le cur isteach ar an soláthar fuinnimh.

Stoc Cúltaca Straitéiseach Ola

I rith na bliana 2010, bhí meánleibhéal na stórtha cúltaca ola náisiúnta, an stoc áirithe do chásanna éigeandála san áireamh a bhíonn ar coimeád ag an nGníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta (NORA), go maith os cionn choinníoll 90 lá an AE agus na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta Fuinnimh (IEA), rud a fhágann go raibh stoc ar fáil sa chás go dtarlódh cur isteach ar an soláthar ola náisiúnta nó idirnáisiúnta.

I rith na bliana 2010, rinne NORA forbairt ar shaoráidí stórála nua sa Rinn i mBaile Átha Cliath agus i gCill Ruaidh i gContae Aontroma agus tosaíodh ar an bpleanáil do shaoráidí breise i dTairbeart i gContae Chiarraí.

Sprioc Beartais 2

Inbhuanaitheacht a chur chun cinn maidir le soláthar fuinnimh agus a úsáid.

Cuspóir Straitéiseach a hAON

An astaíocht ar gháis cheaptha teasa mar gheall ar fhuinneamh a mhaolú.

Tiocfaidh laghdú timpeall is 5.7 Mt.CO2 sa bhliain 2020 mar gheall ar na cláir éifeachtúlachta fuinnimh agus na bearta a leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh a foilsíodh sa bhliain 2009.

Fuinneamh i gCúrsaí Gnó

Cuireadh deontais dar luach €9 milliún ar fáil d'earnáil an ghnó agus don earnáil phoiblí i rith na bliana 2010 faoin gclár seo. D'fhág an clár do ghnólachtaí gurbh fhéidir bearta maidir le héifeachtúlacht fuinnimh a mbeadh laghdú costais i gceist leo a thabhairt isteach ar chostas a bhí laghdaithe go suntasach i ngnólachtaí ar fud na tíre.

Cuspóir Straitéiseach a DÓ

Dlús a chur leis an bhforás ar theicneolaíocht maidir le fuinneamh ó fhoinsí inathnuaite.

FUINNEAMH

Fuinneamh Inathnuaite - Leictreachas

Thug Éire an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta maidir le Fuinneamh Inathnuaite chun críche i mí Meitheamh 2010 agus cuireadh faoi bhráid Choimisiún an AE é. Leagtar amach sa phlean sin an bealach ina mbainfear amach an sprioc ceangailteach de 16% atá leagtha síos i gcás na hÉireann. Bainfear an sprioc amach trí thuairim is 40% den leictreachas a ídítear a bheith ag teacht ó fhoinsí inathnuaite, 10% i gcás cúrsaí iompair agus 12% i gcás teasa.

Ní bheidh sé éasca an sprioc 16% sin a bhaint amach agus tá ardú faoi chúig i gceist leis i gcomparáid leis an úsáid as fuinneamh inathnuaite sa bhliain 2005 (3.1%). Ina ainneoin sin, leagtar amach bonn tréan i bPlean Náisiúnta Fuinnimh Inathnuaite na hÉireann ar féidir dul chun cinn a dhéanamh bunaithe air.

Liúntais Chaipitil Luathaithe (ACA)

Faoin Scéim seo (féach thall) trína gcuirtear faoiseamh cánach ar fáil i ndáil le hinfheistíocht i mbearta éifeachtúlachta fuinnimh, cuidítear chomh maith le dlús a chur faoin mborradh faoi theicneolaíocht fuinnimh inathnuaite.

Cuspóir Straitéiseach a TRÍ

Cur oiread agus is féidir le héifeachtúlacht agus caomhnú fuinnimh.

Plean Gníomhaíochta Náisiúnta maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh

Tá ráite ag an Rialtas go mbainfear amach sábháil fuinnimh 20% ar fud an gheilleagair faoin mbliain 2020. Mar chuid den dícheall seo maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, tá geallta ag an Rialtas go mbainfear amach sábháil fuinnimh 33% ar fud fhorais na hearnála poiblí faoin mbliain 2020. Tá dul chun cinn suntasach á dhéanamh maidir le héifeachtúlacht fuinnimh ar fud na n-earnálacha poiblí, gnó, tís agus iompair agus tá earnáil an tsoláthair fuinnimh ag cur leis na bearta bainistíochta maidir le taobh an éilimh den chás. Cuireadh grúpa stiúrtha idir-Rannach le chéile chun comhordú a dhéanamh ar an dara Plean Gníomhaíochta Náisiúnta maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh trína gcuirfear dlús arís lenar baineadh amach trí na bearta sábhála fuinnimh a leagadh amach sa chéad phlean. Tá i gceist go bhfoilseofar an dara Plean Gníomhaíocht i mí Meitheamh 2011.

An Scéim maidir le Sábháil Fuinimh sa Bhaile (HES)

Is é SEAI a dhéanann an riarachán ar an Scéim maidir le Sábháil Fuinnimh sa Bhaile (HES) trína gcuirtear cabhair deontais ar fáil d'úinéirí tí maidir le bearta aisfheistiúcháin i ndáil le héifeachtúlacht fuinnimh, ina measc ábhar insliúcháin in áiléir agus i mballaí, coirí ardéifeachtúlachta, córais

FUINNEAMH

rialála teasa agus measúnacht maidir le Rátáil Fuinnimh an Fhoirgnimh (RFF). Tugadh deontas HES do 46,000 úinéir tí i rith na bliana 2010 a raibh de thoradh orthu go ndearnadh 102,431 beart chun fuinneamh a shábháil. Meastar gur ionann an tsábháil bhliantúil maidir le fuinneamh i leith na mbeart sin agus 300GWh, agus gur ionann an tsábháil airgid agus €16 milliún.

Scéim na dTithe níos Teo (WHS)

Tá Scéim na dTithe níos Teo (WHS) dírithe ar thithe a dtarlaíonn bochtaineacht fuinnimh iontu d'fhonn feabhas maidir leis an éifeachtúlacht fuinnimh agus leis an gcompord sna tithe sin. Tá bearta maidir le insliúchán ar áiléir, insliúchán i mballaí cuasacha, díonadh ar shéideáin, seaiceáid fhálaithe, soilse atá éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de agus comhairle faoi chúrsaí fuinnimh mar chuid den scéim. Rinneadh uasghrádú ar líon is mó ná 24,000 áitreabh i rith na bliana 2010 faoin WHS le caiteachas iomlán €30 milliún. Is ionann an tsábháil fuinnimh measta in aghaidh na bliana i ndáil leis na bearta sin agus €3 milliún.

Clár Náisiúnta Aisfheistiúcháin

Ag eascairt as comhairliúchán a rinneadh i rith na bliana 2009 faoi sprioc maidir le laghdú ar an éileamh ar fhuinneamh in Éirinn, tugadh beart comhairliúcháin eile chun críche ina dhiaidh sin trínar sonraíodh na bearta ba ghá chun athfheistiúchán a dhéanamh ar mhilliún áras cónaithe, poiblí agus tráchtála in Éirinn. Cuirfear lascaine i ndáil le hobair aisfheistiúcháin ar fáil roimh ré tríd an gclár seo in áit bheith ag fanacht le híocaíocht deontais tar éis na hoibre agus fágfar teacht níos fusa ag tithe agus gnólachtaí ar bhearta maidir le héifeachtúlacht fuinnimh dá bharr.

Meastar go bhféadfadh aisfheistiúchán ar mhilliún foirgneamh poiblí, príobháideach agus tráchtála sábháil fuinnimh dar luach €16 billiún ar feadh a ré a tharraingt agus go bhfuil d'araíocht sa chlár seo bheith ar an mbeart is mó nuála agus is airde réim maidir le cúrsaí fuinnimh a tugadh isteach riamh in Éirinn.

Liúntais Chaipitil Luathaithe (ACA)

Ligtear do chomhlachtaí faoin scéim Liúntais Chaipitil Luathaithe (ACA) díscríobh a dhéanamh ar an gcostas caipitil iomlán a bhaineann le trealamh cláraithe atá éifeachtúil ó thaobh fuinnimh an bhliain a ndéantar an ceannachán, i gcodarsnacht le trealamh neamh-ACA ar iondúil gur le himeacht níos mó ná ocht mbliana a dhéantar a ndíscríobh. Trí chomhlachtaí a spreagadh chun trealamh atá éifeachtúil ó thaobh fuinnimh a

FUINNEAMH

cheannach, tá i gceist leis an scéim ACA féachaint le feabhas a chur ar an éifeachtúlacht fuinnimh i gcomhlachtaí in Éirinn agus cuidiú leis an Rialtas na spriocanna maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus laghdú ar astaíocht gháis cheaptha teasa a bhaint amach. Tá suas le 7,000 táirge ar an gclár ACA faoi seo, iad ag baint le 49 cineál teicneolaíochta. Tá síneadh ama curtha leis an scéim seo go dtí mí Deireadh Fómhair 2014.

Meastar gur féidir faoi seo suas le 85% de riachtanas soláthair trealaimh chuideachta ar bith a shásamh trí liosta na dtáirgí ardéifeachtúlachta ó thaobh fuinnimh a thagann faoi scáth na scéime ACA.

Clár don Earnáil Phoiblí

Cuireadh Clár na hEarnála Poiblí ar bun go mbeadh ceannródaíocht, spreagadh agus cúnamh taca ar fáil don earnáil phoiblí maidir le caighdeáin eiseamláireacha bainistíochta fuinnimh a thabhairt isteach san earnáil phoiblí agus cloí leo agus maidir leis na spriocanna ardréime san NEEAP a bhaint amach. Tá sábháil shuntasach bainte amach trí Chlár na hEarnála Poiblí a bhfuil de thoradh air costas fuinnimh ba mhó ná €10 milliún a sheachaint. Tugadh cúnamh taca i ndáil le suas le 70 tionscadal taispeántais le blianta beaga anuas d'fhonn an deis sábháil eacnamaíochta a bhaint amach san earnáil phoiblí a léiriú – tá cuid mhór de na tionscadail ar tugadh cúnamh ina leith is féidir a chur i bhfeidhm san earnáil phríobháideach chomh maith. Tairgíodh cúnamh airgid i rith na bliana 2010 maidir le 20 tionscadal faoi chlár na hearnála poiblí agus faoin gCiste d'Éifeachtúlacht Fuinnimh i gcúrsaí Tionsclaíochta.

Gréasán Fuinnimh Lucht Mórthionsclaíochta agus Clár na gComhaontuithe Fuinnimh

Is clár caidrimh agus eolais seanbhunaithe do lucht úsáide fuinnimh sna tionscail mhóra Gréasán Fuinnimh Lucht Mórthionsclaíochta agus Clár na gComhaontuithe Fuinnimh. Tá sé ar bun anois le sé bliana déag anuas agus ceanglaítear 150 de na húsáideoirí fuinnimh is troime ann i gcaidreamh leanúnach lena mbaineann, i measc nithe eile, cuairteanna ar shuíomhanna, ceardlanna, tuairiscíocht ar an bhfeidhmíocht bhliantúil. Bíonn eolas á roinnt idir baill an LIEN maidir le cineálacha teicneolaíochta agus modhanna inar féidir fuinneamh a shábháil d'fhonn an tsábháil is mó is féidir a bhaint amach agus an cumas iomaíochais a choinneáil. Tá an caiteachas ar fhuinneamh ar fud lucht an LIEN isteach is amach le €900 milliún agus tá timpeall is 70% den fhuinneamh

FUINNEAMH

a úsáidtear le haghaidh tionsclaíochta in Éirinn i gceist leis sin nó níos mó ná 14% den phríomhúsáid fuinnimh náisiúnta. Tugtar cúnamh taca do lucht mórthionsclaíochta le Clár na gComhaontuithe Fuinnimh córas bainistíochta fuinnimh a chur i bhfeidhm a thagann le caighdeán EN 16001.

Clár na bhFiontar Beag agus Meánmhéide

Tá clár cúnamh taca saindírithe curtha ar bun ag Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) trína dtairgítear bainistíocht fuinnimh, meantóireacht, oiliúint agus seirbhísí taca eile saor in aisce d'aon ghnólacht a léiríonn dúthracht maidir le breis éifeachtúlachta ó thaobh cúrsaí fuinnimh. Tá níos mó ná 1,600 gnólacht a bhain úsáid as an gclár cheana féin agus sábháil 10% an gnáthrud an chéad bhliain. Meastar go mbeidh sábháil iomlán bhliantúil de €7 milliún maidir le cúrsaí fuinnimh de thoradh ar bhearta Chlár na nGnólachtaí Beaga i rith na bliana 2010.

Méadair Chliste

Cuireadh tús ar an 1 Eanáir le céim thástálacha na gcustaiméirí den chéim phíolótach de Chlár na Méadar Cliste ar cuireadh tús leis sa bhliain 2008. Tugadh na tástálacha maidir le hIompraíocht Chustaiméirí i ndáil le leictreachas chun críche i mí na Nollag 2010. Tabharfar na tástálacha maidir le hIompraíocht Chustaiméirí i ndáil le gás chun críche i mí Bealtaine 2011. Rinneadh an ghné faoi leith maidir le Tástáil ar an Teicneolaíocht Chumarsáide agus Méadrachta den chéim phíolótach i rith na bliana 2010 agus tugadh faoin mheastóireacht bhunúsach ar thorthaí le linn na tréimhse sin freisin. Chuir an CER Anailís Costais agus Tairbhe eadramhach ar bun i rith na bliana 2010 mar fhorbairt ar na tástálacha maidir leis na custaiméirí agus an teicneolaíocht. Foilseofar na torthaí eadramhacha an chéad leath den bhliain 2011. Tabharfar an anailís chun críche tar éis na tástálacha maidir le gás a chríochnú i lár na bliana.

Straitéis maidir le Fuinneamh Inacmhainne

Tá iarrachtaí na Roinne tionchar na bochtaineachta fuinnimh a leigheas dírithe ar fheabhas a chur ar éifeachtúlacht theirmeach thithe atá faoi úinéireacht phríobháideach agus tá cúraimí eile ar Ranna eile mar shampla cúram maidir le cúnamh ioncaim a chur ar fáil ar an Roinn Coimirce Sóisialaí. Ón mbliain 2000 i leith, tá líon is mó ná 60,000 teaghlach ar ioncam íseal ar cuireadh feabhas maidir le héifeachtúlacht fuinnimh ar a n-áitreabh cónaithe.

FUINNEAMH

Eagraíodh beart comhairliúcháin poiblí maidir leis an Straitéis Fuinnimh Inacmhainne i rith n bliana 2010. Cruthófar creatchóras faoin Straitéis sin, ag baint leas as an lón eolais ón mbeartaíocht go dtí seo, trína gcinnteofar go mbeidh teaghlaigh in acmhainn teacht a bheith acu ar a gcuid riachtanas fuinnimh trí réimse tionscnamh agus clár praiticiúil a leagtar amach d'fhonn maolú ar an éileamh ar fhuinneamh agus an tráth céanna cosaint a thabhairt dóibh siúd a mheastar is mó atá i mbaol bochtaineachta fuinnimh.

Cuspóir Straitéiseach a CEATHAIR

Dlús a chur faoin Taighde, Teicneolaíocht, Forbairt agus Nuáil (RTDI) i ndáil le Fuinneamh.

Fuinneamh na Farraige

Cuireadh an tAonad Forbartha maidir le Fuinneamh na Farraige (OEDU) ar bun in SEAI sa bhliain 2008 agus cuireadh tús leis an gclár oibre maidir le Fuinneamh na Farraige a chur i bhfeidhm ina iomláine sa bhliain 2009. Tá SEAI ag obair i gcomhar le ESB International, le Foras na Mara agus le geallsealbhóirí eile chun áis tástála maidir le fuinneamh na farraige a bhunú amach ó Cheann an Eanaigh, Contae Mhaigh Eo a bheadh ceangailte leis an ngreille.

Ta Ciste Forbartha Fréamhshamhla maidir le Fuinneamh na Farraige ar bun ag SEAI. Tá i gceist go spreagfadh an cúnamh cistíochta forbairt agus úsáid thráchtála as gléasra maidir le fuinneamh na farraige trínar féidir leichtreachas inathnuaite a ghineadh. Bítear go leanúnach ag cur tionscadail bhreise faoi mheas.

Plean Forbartha maidir le Fuinneamh Inathnuaite Amach ón gCósta (OREDP)

Foilsíodh i rith na bliana 2010 an chéad dréacht de Phlean Forbartha Náisiúnta na hÉireann maidir le Fuinneamh Inathnuaite d'fhonn comhairliúchán poiblí a dhéanamh air chomh maith le Tuarascáil Timpeallachta faoi Mheasúnacht Timpeallachta Straitéiseach. Tá Ráiteas Tionchair Natura le foilsiú go gairid.

MERC3

Féachtar tríd an tionscadal MERC3 le Corcaigh a shocrú mar mhol náisiúnta agus idirnáisiúnta maidir le beartaíocht R&D i ndáil le fuinneamh na farraige. Tá athlonnú Ionad Taighde Hiodrálaice agus Mara (HMRC) Choláiste na hOllscoile, Corcaigh (UCC) agus an chuid is mó den Roinn Fuinnimh i UCC go dtí áis nua taighde mara agus fuinnimh i Rinn an Scidigh láimh le Coláiste Náisiúnta Muirí na hÉireann (NMCI) ina chuid den phróiseas seo.

FUINNEAMH

Sprioc Beartais 3
Cur le tréithe iomaíochais na margaí fuinnimh.

Cuspóir Straitéiseach a hAON
Margaí réigiúnacha a thabhairt chun cinn don leictreachas agus don ghás i gcomhthéacs chora nua maidir leis an Margadh Inmheánach san AE.

An Margadh Aonair Leictreachais
I rith na bliana 2010, tháinig deireadh leis an gcéad trí bliana feidhme ó cuireadh tús leis i mí na Samhna 2007 ag an Margadh Aonair Leictreachais faoi choimirce Choiste an MAL. Fágann gnólachtaí nua a theacht ar fhód an mhargaidh go gcinntítear brú leanúnach iomaíochta praghasanna níos ísle ar fud an domhain a chur ar aghaidh chuig an tomhaltóir agus cuirtear dá réir sin le breis iomaíochais i gcúrsaí fuinnimh.

Socruithe i gCoitinn maidir le cúrsaí Gáis
I mí Bealtaine, dhearbhaigh an tAire agus a chomhghleacaí i bhFeidhmeannacht Thuaisceart Éireann go foirmeálta an comhaontú atá eatartha leanúint le tionscadal na Socruithe i gCoitinn maidir le cúrsaí Gáis agus go dtabharfadh na Rialtóirí na socruithe struchtúrtha chun cinn ag teacht le múnla an Chomhfhiontair agus go ndeimhneoidís freisin na socruithe maidir le táillí agus socruithe eile maidir leis an margadh.

Chuir na rialtóirí roinnt sruthanna oibre chun cinn i rith na bliana a bhfuil gá leo mar bhonn treise faoi shocruithe do mhargadh gáis Uile-Oileáin.

Leictreachas
I mí na Nollag, thug BSL ceannach Northern Ireland Electricity (NIE) ó Arcapita Plc. chun críche.

Margadh Fuinnimh - Pacáiste Reachtaíochta
Éilítear faoin Triú Pacáiste Reachtaíochta don Mhargadh Fuinnimh a tháinig i bhfeidhm ar an 3 Meán Fómhair 2009 go mbeadh, i gcás fóntais fuinnimh comhtháite ingearacha, an soláthar don chustaiméir glan ón ngnó tarchuradóireachta agus dáiliúcháin. Shocraigh an tAire gurb é an múnla lena mbaineann Oibreoir Córais Tarchurtha Neamhspleach (ITSO) a nglacfaí leis don ghás. Cuireadh tús leis an obair maidir le trasuí a dhéanamh ar fhorálacha an Tríú Pacáiste Fuinnimh i ndlí na hÉireann faoin spriocdháta i mí Márta 2011 agus síníodh an chéad Ionstraim Reachtúil i mí Meán Fómhair 2010, trínar cuireadh tús le feidhm monatóireachta níos géire ag rialtóir an mhargaidh mar atá sa phacáiste. Táthar ag tnúth le hIonstraimí Reachtúla eile maidir leis an bpacáiste a chur i bhfeidhm a thabhairt isteach i rith na bliana 2011.

FUINNEAMH

Cúrsaí Rialúcháin maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh agus Sábháilteacht Gáis agus Leictreachais D'aontaigh an Rialtas i mí Iúil leis an mBille Fuinnimh (Forálacha Ilghnéitheacha) a dhréachtadh. D'oibrigh an Roinn le hOifig an Ard-Aighne ar théacs an Bhille a thabhairt chun cinn de réir Chinneadh an Rialtais. Meastar go bhfoilseofar an Bille an chéad leath den bhliain 2011.

Cuspóir Straitéiseach a DÓ

Iomaíocht, rogha don tomhaltóir agus creat infheistíochta cobhsaí a thabhairt i gcrích maidir leis an margadh fuinnimh.

Sócmhainní Tarchuradóireachta

Ceapadh Frontier Economics Limited i rith na bliana 2010 chun an anailís ar na sócmhainní tarchuradóireachta leictreachais a thabhairt chun críche. Tugadh tuarascáil Frontier chun críche i ndeireadh na bliana 2010 agus táthar ag fanacht le cinneadh críochnúil de chuid an Rialtais.

Iomaíocht agus Praghasanna sna Margaí Fuinnimh

Tá cobhsaíocht ag baint leis an timpeallacht rialúcháin i gcúrsaí fuinnimh in Éirinn le rialtóir tréan neamhspleách. I rith na bliana 2010, de réir mar a bhí iomaíocht ag teacht chun cinn i réimsí éagsúla gnó an mhargaidh, d'aontaigh an CER gur cheart i gcás an mhargaidh leictreachais deireadh a chur leis an rialáil ar phraghasanna maidir le gach aicme custaiméirí gnó le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2010. Dá réir sin, rinneadh dírialáil i mí Deireadh Fómhair 2010 i ndáil leis na haicmí custaiméirí gnó ar fad i margadh an leictreachais agus bhíothas ag meas go dtiocfadh deireadh le rialáil ar tháillí na gcustaiméirí tís i rith na bliana 2011 dá mbeadh na coinníollacha a bhaineann le hábhar na hearnála tís de réir mar atá leagtha amach sa cháipéis treorach á sásamh.

Díríodh aird in athbhreithniú agus anailís bhliantúil SEAI ar Phraghasanna Leictreachais agus Gáis ar an titim leanúnach ar phraghasanna leictreachais agus gais le dhá mhí dhéag anuas, de réir mar a bhí riocht iomaíochta níos fearr i gcomórtas le Ballstáit eile de chuid an AE le sonrú ar phraghasanna leictreachais agus gáis in Éirinn. Bhí leas ag teaghlaigh agus ag gnólachta ón laghdú ar chostais fuinnimh i rith na tréimhse dhá mhí dhéag sin. Tharla titim mór 12% ar na praghasanna i ndáil leis an gcuid is mó de na teaghlaigh, rud a thug na praghasanna le meánfhigiúirí an AE de réir Eurostat. I gcás custaiméirí móra agus meánmhéide gnó, thit na praghasanna idir 20% agus 35%,

FUINNEAMH

i gcomparáid le 4% ar an meán ar fud an AE.

Ba léir ó bheart staidéir de chuid Choimisiún an AE faoi fheidhmiú na Margaí Miondíolacháin Leictreachais don Chustaiméir gur in Éirinn a bhí an ráta aistrithe ab airde ar fud an AE maidir le custaiméirí i rith na mblianta 2009 agus 2010.

Ó tharla go raibh tugtha le tuiscint ag an Rialtas roimhe sin go ndéanfaí beart mar gheall ar chinneadh Choiste an Mhargaidh Aonair Leicteachais sa bhliain 2008 ligean don lucht gineadóireachta costais carbóin a chur ar aghaidh, ritheadh an tAcht um Rialáil Leictreachais (Leasú) (Tobhach Ioncaim Carbóin), 2010 san Oireachtas. Faoin reachtaíocht, gearrtar tobhach ar ghineadóirí leictreachais a bhfuil leagtha amach leis breith ar sciar den ioncam "abhantair" carbóin a eascraíonn ó ioncam carbóin a fháil ón Margadh Aonair Leictreachais i ndáil le liúntais carbóin ETS maidir lena n-úsáidtear sa ghineadóireacht. Cuirtear an tobhach seo i leith an Chiste Ioncaim Charbóin a thagann faoi riarachán an CER le húsáid chun sochair don Státchiste. Tagann deireadh leis an saordháileadh ar liúntais carbóin ag deireadh na bliana 2012, rud a chuirfidh deireadh leis an abhantar a tháinig de bharr chinneadh Choiste an Mhargaidh Aonair Leictreachais sa bhliain 2008 agus liúntais ETS saor in aisce.

Lean Lucht Mórúsáide Fuinnimh i rith na bliana ag baint leas as lacáistí, a raibh ciste á chur ar fáil ina leith suas go dtí an 30 Meán Fómhair 2010 le díbhinn speisialta ó BSL 2010 tar éis brabús eisceachtúil a shaothrú ó stáisiúin gineadóireachta áirithe a dhíol. Is as an gCiste Carbóin a bhí maoiniú á dhéanamh i leith na lacáistí ina dhiaidh sin agus tá leibhéal iomlán an lacáiste ar bhonn treoshleamhnaithe laghdúcháin ó cuireadh tús leis go dtí deireadh na bliana 2012. Is trí chreidmheasanna don chustaiméir a dhéantar an lacáiste seo a riar, rud a ligeann don lucht mórúsáide a gcuid forchostais a laghdú le linn na lagtrá eacnamaíochta.

Cuspóir Straitéiseach a TRÍ

Todhchaí inbhuanaithe a chinntiú do na Comhlachtaí Fuinnimh Leathstáit

Bord Soláthair an Leictreachais (BSL) Tugadh cúnamh taca do BSL maidir leis an gCreat Straitéise go dtí an bhliain 2020, a fógraíodh i dtús na bliana 2008 agus ina leagtar amach infheistíocht chaipitil beartaithe dar luach €22 billiún in Éirinn agus thar lear i rith na tréimhse sin, a chur i bhfeidhm. Tá tús áite á thabhairt sa Phlean do ghnóthaí inmharthanachta go mór mór i ndáil le

FUINNEAMH

laghdú ar astaíocht, fuinneamh inathnuaite, éifeachtúlacht fuinnimh agus córais dáiliúcháin cliste. Tá díbhinn deiridh €77 milliún á mholadh ag Bord BSL i ndáil leis an mbliain 2010, rud a fhágfaidh go bhfaigheann an Státchiste €73 milliún mar scarshealbhóir 95% de na scaireanna (cuirtear an fhuílleach 5% i leith ESOT).

Bord Gáis Éireann

Meastar faoi Phlean BGÉ don tréimhse 2010-2014 go leanfar clár infheistíochta dar luach €1.4 billiún maidir le síneadh a chur leis an gcraobhchóras tarchuradóireachta agus dáiliúcháin gáis nádúrtha, forbairt a dhéanamh ar na sócmhainní nua gineadóireachta maidir le fuinneamh inathnuaite ón ngaoth agus leanúint den fhorás ar an ngnó nua slánchóirithe fuinnimh. D'íoc BGÉ díbhinn €30 milliún leis an Státchiste sa bhliain 2010.

Bord na Móna plc

Dearbhaítear i bPlean Corparáide Bhord na Móna 2008-2013 an stiúir straitéise a aontaíodh leis an Aire a thagann le Creatchóras Beartais an Rialtais maidir le cúrsaí Fuinnimh. Mar chuid den straitéis éagsúlaithe atá Bord na Móna a leanúint, táthar i mbun tionscadail maidir le fuinneamh inathnuaite a thabhairt chun cinn, ina measc fuinneamh ó dhramhaíl, fuinneamh ón ngaoth, an tionscadal píolótach comhadhainte maidir leis an staisiún cumhachta in Éadan Doire chomh maith le taighde agus forbairt a bhaineann leis sin. D'íoc Bord na Móna díbhinn €3.3 milliún sa bhliain 2010.

EirGrid

Leanann EirGrid den infheistíocht san fhorbairt ar chóras tarchuradóireachta na hÉireann, idirnascanna mórtháibhachta idir Éirinn agus an Bhreatain Bheag agus idir Éirinn agus Tuaisceart Éireann san áireamh.

ACMHAINNÍ NÁDÚRTHA

PRÍOMHCHUSPÓIRÍ BEARTAIS

TAISCÉALAÍOCHT PHEITRILIAM A FHORBAIRT & A CHOSAINT
Cur chomh mór agus is féidir le leas na hÉireann as gnóthaí taiscéalaíochta agus táirgíochta maidir le hacmhainní dúchasacha ola agus gáis na tíre agus cinntiú go ndéantar an bheartaíocht go sábháilte agus leis an aird chuí ar an gcur isteach a bheadh ar an timpeallacht agus ar dhaoine eile a bhaineann leas as an talamh agus as an bhfarraige.

TAISCÉALAÍOCHT MIANRAÍ AGUS MIANADÓIREACHT
Cur chomh mór agus is féidir le sochar earnáil na mianadóireachta don eacnamaíocht ach an aird chuí ar an gcur isteach a bheadh uaithi ó thaobh cúrsaí sóisialta agus timpeallachta de agus an bealach a réiteach d'athchóiriú feabhsúcháin ar sheansuíomhanna mianaigh i gcásanna ina bhfuil ról admhaithe so-aitheanta ag an Aire.

TAISCÉALAÍOCHT PHEITRILIAM A FHORBAIRT & A CHOSAINT

Cuspóir Straitéiseach a hAON

Bearta taiscéalaíochta agus táirgíochta maidir le hola agus gás in Éirinn a thabhairt ar an leibhéal is airde is féidir d'fhonn an toradh is fearr is féidir a bhaint amach don Stát.

Ceadúnú

Tugadh dhá chéadrogha ceadúnais i rith na bliana 2010, ceann amháin do Providence Resources plc agus do Nautical Petroleum Plc i ndáil le réimse den Mhuir Cheilteach agus an ceann eile do Albativ Resources Ltd i ndáil le réimse de Bhanc na Cis. Eisíodh ceadúnas cuardaigh freisin le Providence Resources Plc i ndáil leis an réimse amach ó chósta na hÉireann.

Taiscéalaíocht

Rinneadh druileáil ar aon tobar amháin amach ó chósta na hÉireann i rith na bliana 2010. Rinne Shell E&P Ireland Limited druileáil ar thobar taiscéalaíochta sa réimse cuardaigh atá acu 'an Choirib Thuaidh', atá suite tuairim is 7km ó thuaidh ó Gháscheantar na Coiribe in Imchuach Cheann Léime. Ní raibh dea-thoradh ar an tobar agus dá réir sin rinneadh a phlugáil agus a fhágáil.

Tar éis ar tharla maidir le Deepwater Horizon i Murascaill Mheicsiceo thug an Roinn isteach bearta nua chun

ACMHAINNÍ NÁDÚRTHA

treisiú leis an maoirseoireacht a dhéantar i ndáil le hoibriúchán ola agus gáis in uiscí na hÉireann. Tugadh isteach na 'Bearta Maoirseoireachta Speisialta' seo mar bhonn taca le cur i bhfeidhm docht ar an réimeas tréan rialúcháin atá ar bun cheana féin agus a chuirtear i bhfeidhm i ndáil le gach tobar a ndéantar druileáil air amach ó chósta na hÉireann. Déantar foráil leis na bearta seo do chuairteanna cigireachta níos minice agus d'imeachtaí caidrimh níos minice leis an Oibritheoir le linn na hoibre druileála ag comhairleoirí neamhspleácha innealtóireachta agus timpeallachta na Roinne agus ag gníomhaireachtaí eile a bhfuil ról mórthábhachta acu maidir le cúrsaí sláinte, sábháilteachta agus timpeallachta.

Bhí leibhéal íseal ag baint leis an mbeartaíocht chun sonraí seismeacha a thiomsú i rith na bliana 2010 agus bhí aon suirbhé 3D amháin in Imchuach Cheann Léime ar an aon bheart tiomsaithe amháin i rith na bliana.

Oibríochtaí Forbartha Cheantar Chionn tSáile

B'ionann an toirt iomlán gáis díolacháin ó gháscheantair i gceantar Chionn tSáile a bhí á rith ag PSE Kinsale Energy Ltd (Ceann Chionn tSáile, Baile Choitín, Cionn tSáile Thiar Theas agus Gáscheantar na Seacht gCeann) a díoladh i rith na bliana 2010 agus 14.21 billiún troigh ciúbach agus tá gás a bhí á stóráil san áireamh leis sin. B'ionann toirt iomlán an gháis a cuireadh isteach in ionad stórála Gháscheantar Chionn tSáile Thiar Theas i rith na tréimhse céanna agus 8.59 btc agus ba gás de chuid PSE Kinsale Energy's féin ó gháscheantair Cheantar Chionn tSáile 3.3 btc de sin.

Feachtas don Chur chun Cinn

Lean an Roinn i rith na bliana 2010 d'fheachtas dian saindírithe bolscaireachta a thabhairt i gcrích a bhí dírithe ar lucht an tionscail idirnáisiúnta ola agus gáis a chur ar an eolas faoi na deiseanna taiscéalaíochta agus forbartha amach ó chósta na hÉireann. Is ar bholcscaireacht a dhéanamh mar gheall ar Bhabhta Ceadúnúcháin Imeall an Atlantaigh na bliana 2011 agus ar chúnamh taca maidir le cúrsaí teicniúla ina leith a bhí an bhéim maidir leis an bhfeachtas, chomh maith le Babhta Ceadúnúcháin Intíre na bliana 2010 i dtús na bliana sin. Bhí de chuspóir leis an bhfeachtas chomh maith tionsclóirí eile a mhealladh go hÉirinn den chéad uair trí iarratais oscailte agus trí údarás le ceadúnais reatha.

ACMHAINNÍ NÁDÚRTHA

Taighde faoi chúrsaí Peitriliam

Rinneadh urraíocht ar roinnt tionscnamh mór den taighde fheidhmeach i gcúrsaí peitriliam i rith na bliana 2010 d'fhonn an taiscéalaíocht a chur chun cinn trí chur le leibhéal na tuisceana faoin earnáil. I mí Meitheamh 2010, chuir rialtas na hÉireann agus rialtas Thalamh an Éisc - Labradar tionscadal nua dhá bhliain faoi chomhurraíocht ar bun maidir le 'samhaltú dinimiciúil ar atógáil phlátaí ciniméiteacha' atá leagtha amach chun taiscéalaíocht imeallchríche chun cinn. Tá baint ag daoine den lucht taighde idirnáisiúnta is mó le rá leis an tionscnamh taighde seo agus ní fhacthas a leithéid riamh cheana maidir le forleithead agus castacht.

Tionscadal Gáis na Coiribe

I mí na Samhna 2009 chuir an Bord Pleanála in iúl don chomhlacht forbraíochta, Shell E&P Ireland Limited (SEPIL), nár léiríodh go leordhóthanach san iarratas a chuir an chuideachta faoi bhráid i mí Feabhra 2009 nach mbeadh an phíblíne ina bhagairt nach bhféadfaí glacadh leis don phobal agus tugadh cead do SEPIL leasú a dhéanamh ar bhealach na píblíne. Rinne an chuideachta forbraíochta mar a mhol an Bord agus ar an 31 Bealtaine 2010, cuireadh iarratais chomhuaineacha faoi bhráid an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha agus faoi bhráid an Bhoird Pleanála maidir le píblíne a chur isteach le bealach leasaithe faoi Shruth Fada Con. Rinne an Bord Pleanála Éisteacht ó Bhéal a thionóil i ndeireadh mí Lúnasa chun an bealach leasaithe don phíblíne a iniúchadh agus tugadh sin chun críche go luath i mí Deireadh Fómhair 2010. Ar an 18 Eanáir 2011, cheadaigh an Bord Pleanála bealach leasaithe na cuideachta forbraíochta don phíblíne, faoi réir ag 58 coinníoll.

Rinne an Roinn, i gcomhar le comhairleoirí maidir le cúrsaí sábháilteachta agus timpeallachta an t-iarratas nua a tháing chuig an Roinn ar an 31 Bealtaine 2010 a mheas. Tugadh faoi thréimhse comhairliúcháin phoiblí ar dtús idir an 30 Meitheamh agus an 30 Iúil 2010. Tar éis breis eolais a fháil ón gcuideachta forbraíochta eagraíodh an dara tréimhse comhairliúcháin phoiblí idir an 9 Samhain agus an 10 Nollaig 2010.

Tá an obair thógála ar Chríochfort Gáis na Coiribe i mBéal an Átha Buí ag leanúint ar aghaidh agus i ngar do bheith críochnaithe faoin tráth seo.

Fóram Iarthuaisceart Mhaigh Eo

Bhunaigh an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha agus an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta Fóram

ACMHAINNÍ NÁDÚRTHA

Iarthuaisceart Mhaigh Eo sa bhliain 2008 chun deis tairbheach a chur ar fáil an fhorbairt shocheacnamaíochta i Réigiún Iarthuaisceart Mhaigh Eo a chur chun cinn agus deis a thabhairt caidreamh a chothú idir na páirtithe uile ar díol spéise acu Tionscadal Gáis na Coiribe. Bhí aon chruinniú amháin de chuid an Fhóraim ann i rith na bliana 2010. An tUasal Seosamh Ó Brosnacháin a bhí ina chathaoirleach ar an gcruinniú. Orthu sin a bhí i láthair, bhí Airí, ionadaithe thar ceann ghrúpaí áitiúla, Ranna Rialtais agus Comhlachtaí Poiblí eile chomh maith le Shell agus ionadaithe ón lucht oibre atá acusan sa cheantar.

Cuspóir Straitéiseach a DÓ

Cinntiú go bhfuil an córas rialála atá i bhfeidhm docht agus soiléir, go gcuirtear deimhneacht chun cinn leis agus go bhfuil sé ag teacht leis an sárchleachtas go hidirnáisiúnta agus cinntiú an tráth céanna go spreagtar beartaíocht taiscéalaíochta, forbartha agus táirgeachta a dhéanamh ar bhealach éifeachtúil tráthúil.

An Bille um Shábháilteacht Peitriliam

Ritheadh an Bille um Shábháilteacht Peitriliam (Taiscéaladh agus Astarraingt) 2010 i dhá Theach an Oireachtais ar an 30 Márta 2010. Síníodh ina dhlí é an 3 Aibreán 2010 agus foilsíodh é.

Faoin Acht, leagtar an cúram rialála maidir le beartaíocht réamhtheachtach i ngnóthaí peitriliam ó thaobh cúrsaí sábháilteachta de ar am gCoimisiún um Rialáil Fuinnimh (CER). Tá dlite ar an CER Creatchóras Sábháilteachta Peitriliam (an Creatchóras Sábháilteachta) a chur ar bun agus a chur i bhfeidhm go ndéantar measúnú baoil ag teacht leis an sárchleachtas go hidirnáisiúnta faoi mar a moladh sa Tuarascáil Advantica.

Cuireadh tosach le feidhm Ailt 1, 2 agus 4 i mí Bealtaine chomh maith le Ailt 13A, 13B, 13C, 13G, 13H agus 13K arna gcur isteach le Alt 3 san Acht um Shábháilteacht Peitriliam (Taiscéaladh agus Astarraingt), 2010 d'fhonn ligean don Choimisiún socruithe réamhullmhúcháin a dhéanamh maidir leis an gCreatchóras Sábháilteachta a thabhairt isteach. Cuirfear tosach le feidhm fhuílleach fhorálacha Acht na bliana 2010 de réir mar is gá ag teacht leis an dul chun cinn maidir leis an gCreatchóras Sábháilteachta a thabhairt chun cinn.

Cuspóir Straitéiseach a TRÍ

Leathnú oiread agus is féidir leis an réimse den Scairbh Ilchríochach atá faoi dhlínse na hÉireann.

Tar éis moltaí fabhracha a theacht ó Choimisiún na Náisiún Aontaithe

ACMHAINNÍ NÁDÚRTHA

maidir le Teorainneacha na Scairbhe Ilchríochaí (CLCS) i ndáil le teorainneacha seachtracha limistéar na Scairbhe Ceiltí / Bhá na Bioscáine i rith na bliana 2009, cuireadh tús le cainteanna idir na ceithre Stát a thagann i gceist (an Fhrainc, Éire, an Spáinn agus an Ríocht Aontaithe) maidir le teorainneacha a chinntiú le cruinniú i Londain i mí Deireadh Fómhair 2010.

Chuir Éire an trí aighneacht agus an aighneacht dheireanach dá cuid maidir le limistéar Hatton-Rocal faoi bhráid an CLCS i rith na bliana 2009. Tá an aighneacht ar an bhfichiú ceann ar an liosta aighneachtaí a bhfuiltear ag fanacht lena meas ag an CLCS agus ní dócha go bpléifear léi go dtí an bhliain 2011 ar a luaithe.

ACMHAINNÍ ITHREACH AGUS HIDREACHARBÓIN

Feidhmíocht Tionsclaíochta / Táscairí Pátrúin

B'ionann oll-luach na táirgeachta miotail (Luaidhe & Sinc) in Éirinn sa bhliain 2010 agus €400 milliún. Tá sin inchurtha i gcomparáid le €329 milliún in 2009, €340 milliún sa bhliain 2008, €676 milliún sa bhliain 2007, agus €731 milliún sa bhliain 2006. Cé gur díol áthais an t-ardú sa luach i rith na bliana 2010, tá ísliú suntasach i gceist i gcomparáid leis na leibhéil arda a tharla sa bhliain 2006 agus sa bhliain 2007. Bhí titim ar phraghasanna miotail agus lagú ó thaobh táirgeachta ina gcúiseanna leis sin. Leanfar den lagú maidir le táirgeacht since in Éirinn san am atá le theacht mar gheall ar mhianach Ghabhalmhaí a dhúnadh. Cuireadh deireadh leis an obair faoi thalamh i mí Meitheamh 2009 agus is é fírinne an scéil go bhfuil mianach Ghabhalmhaí i mbéal a dhúinte faoi seo cé go bhfuil mian imeallach á baint amach agus á próiseáil i gcónaí ag mianach an Lisín in aice láimhe. Meastar go leanfar de sin an bhliain seo chugainn.

Bhí isteach is amach le 1,300 duine fostaithe go díreach i rith na bliana 2010 sa taiscéalaíocht agus san fhorbairt maidir le mianraí faoi réir brí na nAchtanna um Fhorbairt Mianraí 1940 go dtí 1999.

ACMHAINNÍ NÁDÚRTHA

Beartaíocht Taiscéalaíochta

	2008	2009	2010*
Taiscéalaíocht in Éirinn	€20.20m	€11.7m	Níl ar fáil go fóill
An sciar den chaiteachas domhanda	0.15%	0.15%	Níl ar fáil go fóill
Líon na gceadúnas cuardaigh reatha ag deireadh na bliana	472	486	500

* Tá sonraí faoi thorthaí na bliana 2010 a fuarthas ó chomhlachtaí taiscéalaíochta á gcnuasach faoi láthair

Beartaíocht Mianadóireachta (Mílte Tonna Miotail i nDlútháin)

	2008	2009	2010
Sinc			
a) Aschur in Éirinn	398	386	340
b) An Sciar d'aschur domhanda	4%	3.4%	3%
c) An Sciar d'aschur na hEorpa	38%	38%	32%
Luaidhe			
a) Aschur in Éirinn	50	49	40
b) An Sciar d'aschur domhanda	1.2%	1.3%	1%
c) An Sciar d'aschur na hEorpa	16%	15%	11%

(Foinse: An Grúpa Staidéir Idirnáisiúnta maidir le Luaidhe agus Sinc)

[1] *Athluadh ioncaim a fuarthas in 2007, 2008 agus 2009 chun léiriú níos cruinne a thabhairt ar ghníomhaíochtaí taisceálaíochta agus mianadóireachta.*

ACMHAINNÍ NÁDÚRTHA

TÁBLA: FÁLTAIS

Mír	2008 (€)	2009 (€)	2010 (€)
Fáltais maidir le Mianadóireacht (Cíosanna Marbha agus Ríchíosanna)	6,169,742	3,690,229	6,911,648
Fáltais maidir le Taiscéalaíocht (Táillí Ceadúnais Cuardaigh)	334,466	200,765	300,875
Eile	*1,682	*1,005,502	*670,315
IOMLÁIN	**€6,505,890**	**€4,896,496**	**€7,882,838**

* Baineann an figiúr seo le haisíoc a fuarthas ó chuideachta mianadóireachta maidir le cúiteamh a d'íoc an tAire le húinéirí príobháideacha mianraí

TAISCÉALAÍOCHT MIANRAÍ AGUS MIANADÓIREACHT

Cur chomh mór agus is féidir le sochar earnáil na mianadóireachta don eacnamaíocht ach an aird chuí ar an gcur isteach a bheadh uaithi ó thaobh cúrsaí sóisialta agus timpeallachta de agus an bealach a réiteach d'athchóiriú feabhsúcháin ar sheansuíomhanna mianaigh i gcásanna ina bhfuil ról admhaithe so-aitheanta ag an Aire.

Cuspóir Straitéiseach a hAON

Cur oiread agus is féidir leis an méid a dhéanamh earnáil na mianadóireachta don gheilleagar ach an aird chuí ar an gcur isteach a bheadh uaithi ar chúrsaí sóisialta agus timpeallachta.

Tionscal domhanda atá i dtionscal na mianraí. Dá bharr sin, bíonn na pátrúin atá faoi mhargaí an domhain le sonrú ar an leibhéal na beartaíochta in Éirinn maidir le taiscéalaíochta, go háirithe na praghasanna atá le fáil ar mhiotail ag an am. Bítear ag brath in Éirinn ar an margadh since go mór mór ó tharla gurb í an tsinc an miotal is mó a ndéantar taiscéalaíocht ar a tóir. Tá praghasanna miotail so-athraithe le blianta beaga anuas agus tá sin ag goilleadh ar an táirgeacht ar fud an domhain. Tharla bisiú praghasanna ar feadh tamaill i rith an dara leath den bhliain 2006 agus tús na bliana 2007 nuair a d'ardaigh praghasanna níos mó ná faoi dhó de réir mar a tháinig ganntanas fisiciúil chun cinn. Ina ainneoin sin, tharla titim suntasach

ACMHAINNÍ NÁDÚRTHA

i bpraghasanna miotail arís i rith na bliana 2008 sular tharla biseach arís ag teannadh le deireadh na bliana 2009.

Is ábhar díomá an so-athraitheacht seo, an tionchar suntasach a d'imir sin ar na trí mhianach is mó a bhí á saothrú agus an cur isteach dá réir sin ar an acmhainn brabúis maidir leis na mianaigh sin. Tar éis praghasanna since fanacht íseal ar feadh tamall fada i rith na bliana 2008, shocraigh Bord Lundin Mining Corporation Mianach Ghabhalmhaí, a bhí ag teannadh le deireadh ré, a dhúnadh. Cuireadh deireadh dáiríre le hobair táirgeachta i nGabhalmhaigh i mí Meitheamh 2009 agus tosaíodh ar an trealamh próiseála ar dhroim talún a bhaint ó chéile. Ina ainneoin sin, tharla gurbh fhéidir ina dhiaidh sin mian ardghráid a tharraingt amach agus tá an phróiseáil air sin á dhéanamh ag mianach an Lisín in aice láimhe agus an brabús á roinnt. Meastar go leanfar ar aghaidh leis sin i rith na bliana 2011.

D'oibrigh an Roinn go dlúth leis an údarás áitiúil agus le EPA i rith na bliana 2010 i ndáil le dúnadh an mhianigh i nGabhalmhaigh agus thángthas ar chomhaontú leis an mianach faoi shocruithe maidir leis an mbainistíocht agus an tarraingt anuas ar chistí faoi urrús a cuireadh de leataobh i ndáil leis na pleananna do dhúnadh an mhianaigh a chur i bhfeidhm.

Cor eile a tharla ar leithligh ón méid sin thuas, gur fhógair Anglo American PLC, máthairchomhlacht mhianach an Lisín, go luath sa bhliain 2010 go raibh aontaithe, mar gheall ar atheagrúchán corporáide ar fud an domhain, rannóg since na cuideachta a dhíol le Vedanta Resources plc agus go raibh mianach an Lisín san áireamh chomh maith le dhá mhianach eile san Afraic. Bheadh gá le toiliú faoin reachtaíocht leis an mbeart sin chomh maith le cead ó na húdaráis iomaíochta sna dlínsí lenar bhain. Mar chuid de sin, bheadh gá le toiliú an Aire faoi théarmaí Léas Mianadóireachta an Stáit. Fuarthas gach cead agus toiliú agus tharla an éadáil ar mhianach an Lisín i mí Feabhra 2011. Tá leagtha amach ag Mianach an Lisín faoi láthair leanúint den saothrú mianadóireachta go dtí an bhliain 2012 ar a laghad.

Tháing forás ar ghnóthaí taiscéalaíochta in Éirinn i rith na bliana 2010. Bhí 500 ceadúnas i bhfeidhm ag deireadh na bliana 2010, 14 ceadúnas níos mó ná mar a bhí sa bhliain 2009. Ar shinc / luaidhe a bhí an bhéim ba mhó ach bhí suim freisin i gcúrsaí óir agus miotail neamhlómhara eile.

ACMHAINNÍ NÁDÚRTHA

Sa chás go dtagtar ar ábhar mianaigh tráchtála de thoradh na taiscéalaíochta, is féidir leo siúd a bhfuil Ceadúnas Cuardaigh acu cur isteach ar Shaoráid Mianadóireachta Stáit (Léas nó Ceadúnas). Aontaítear téarmaí i ndáil leis na saoráidí trí idirbheartaíocht bunaithe ar an gcás féin leis na hiarratasóirí agus is iondúil go mbíonn cíos socraithe le híoc chomh maith le ríchíos a bhíonn bunaithe ar an leibhéal aschuir nó ar an leibhéal ioncaim.

Mar chuid de Chlár leanúnach maidir le Sonraí a Fhoilsiú, leanadh den obair i ndáil leis na sonraí taiscéalaíochta neamhrúnda ar fad atá i seilbh na Roinne a chur ar fáil go poiblí tríd an láithreán gréasáin de chuid an Rannóige atá dírithe ar lucht an tionscail (www.mineralsireland.ie).

Cuspóir Straitéiseach a DÓ

Réimeas reachtaíochta de chuid na linne seo maidir le cúrsaí mianadóireachta a fhorbairt agus a thabhairt chun cinn.

An Bille Forbartha Mianraí

Leanadh den obair ar dhréachtadh an Bhille Forbartha Mianraí nua trína bhféachtar le comhdhlúthú a dhéanamh ar na hAchtanna Forbartha Mianraí 1940 go dtí 1999, forálacha na nAchtanna sin a thabhairt i leith na linne seo de réir an tsárchleachtais faoi láthair, agus caomhchóiriúchán a thabhairt ar na nósanna ceadúcháin. Meastar go bhfoilseofar an Bille i rith na bliana 2011.

An Bille um Fhuinneamh Geoiteirmeach

Tugadh tús áite don obair ar reachtaíocht faoin bhfuinneamh geoiteirmeach a thabhairt chun cinn sa bhliain 2009 de bhun treoir de chuid an Aire. Tugadh go dian faoi chomhairliúchán a dhéanamh le lucht an tionscail agus le geallsealbhóirí eile agus d'aontaigh an Rialtas dréacht de Chinn Bille i rith na bliana 2010. Ar mhaithe leis an bhfollasacht agus d'fhonn soirbhiú d'aon chomhairliúchán eile sa bhreis, foilsíodh an Scéim Ghinearálta agus an Ráiteas faoi Thionchar an Rialacháin ar láithreán gréasáin na Roinne. Meastar go bhfoilseofar an Bille i rith na bliana 2011.

Cuspóir Straitéiseach a TRÍ

A thabhairt go mbíonn coinníollacha maidir le cleachtais inmharthanachta i bhfeidhm in earnáil na mianraí agus an bealach a réiteach do ghnáis dá sórt.

Is í an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil an príomhúdarás inniúil i ndáil le

ACMHAINNÍ NÁDÚRTHA

hábhar dramhaíola a chruthaítear faoi fhorálacha Threoir an AE maidir le Dramhaíl ó Thionsclaíocht Eastóscach mar a foilsíodh sa bhliain 2008. Ina ainneoin sin, is í an Roinn seo an tÚdarás inniúil i ndáil le beartaíocht cuardaigh agus tá obair ar siúl d'fhonn díriú ar an ngné sin de Treoir i gcomhairle leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

Cuspóir Straitéiseach a CEATHAIR
Maoirseacht a dhéanamh ar thionscadail athfheabhsúcháin áirithe agus comhairle lán eolais a chur ar fáil do cheapadh beartais agus do dhéanamh cinntí maidir le seansuíomhanna mianadóireachta.

Tar éis chinneadh an Rialtais i Meitheamh 2005 go mbeadh an Stát freagrach as athchóiriú ar sheansuíomhanna mianadóireachta i mBéal Átha Gabhann, Co. Thiobraid Árann, tá Comhairle Chontae Thiobraid Árann Thuaidh ag feidhmiú mar ghníomhairí de chuid an Aire.

Mar chéim breise tar éis na hoibreacha a bhain le Céim 1 agus Céim 2 ag Suíomh an Ghoirt Mhóir a thabhairt chun críche i rith na mblianta 2008 agus 2009, cuireadh tús le clár Oibreacha Sláinte agus Sábháilteachta i ndáil le Béal Átha Gabhann i rith na bliana 2010. Tosaíodh ar phróiseas ceadúcháin maidir le Ráiteas faoin Tionchar ar an Timpeallacht leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus leis an Údarás Pleanála. Tá an próiseas sin ar bun i gcónaí.

Foilsíodh Imleabhar 1 d'fhardal na suíomhanna mianadóireachta tréigthe, arna mhaoiniú ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA), i mí Márta 2010 agus tá ar chuid den ábhar fardal ar shaoráidí áirithe fuílll mar a éilítear faoi Threoir an AE maidir le Dramhaíl ó Thionsclaíocht Eastóscach. Éilítear faoin Treoir go bhfoilsítear an fardal ina iomláine faoin 12 Bealtaine 2012. Tá an obair ag leanúint ar aghaidh maidir leis an dara himleabhar den Fhardal a ullmhú ina bpléifear le guais fhisiciúil.

Cuspóir Straitéiseach a CÚIG
Maoirseacht éifeachtúil a dhéanamh ar Shuirbhéireacht Ordanáis na hÉireann (OSI) sa chaoi is go leantar den fhorbairt maidir leis an gcúram tráchtála, an tráth céanna a sásaítear na cuspóirí maidir leis an leas náisiúnta.

Faoi fhorálacha Alt 25 an Achta um Shuirbhéireacht Ordanáis na hÉireann 2001, feidhmíonn OSI faoi Chomhaontú Leibhéal Seirbhíse i ndáil le hairgead ón Rialtas faoina ndéanann OSI

ACMHAINNÍ NÁDÚRTHA

tascanna áirithe a dhéanamh, feidhmeanna áirithe a chomhlíonadh agus cloí le caighdeáin maidir leis na feidhmeanna a chomhlíonadh ar mhaithe le leas an phobail.

Cé go raibh deacrachtaí ag baint leis an mbliain 2010 mar gheall ar an lagtrá eacnamaíochta, bhí farasbarr airgid ag OSI faoi dheireadh na bliana agus táthar ag díriú ar dheiseanna tráchtála nua a thabhairt chun cinn san am atá le teacht.

ACMHAINNÍ NÁDÚRTHA

SUIRBHÉIREACHT GHEOLAÍOCHTA NA HÉIREANN

PRÍOMHCHUSPÓIR BEARTAIS

Cur oiread agus is féidir leis an leas ag Éirinn as eolas geolaíochta ar ardchaighdeán a bhaineann le riachtanais na tíre agus a chuirtear ar fáil ar bhealach atá éifeachtúil ó thaobh costais.

Cuspóirí Straitéiseacha

- **Cuidiú leis an bhforbairt inmharthana ar acmhainní nádúrtha na hÉireann.**
- **Bonn eolais geolaíochta iontaofa a chur faoi chosaint na timpeallachta agus faoi phleanáil éifeachtúil.**
- **Suirbhéireacht gheolaíochta i limistéir mhórthábhachta a thabhairt chun críche d'fhonn freastal do riachtanais earnálacha agus chustaiméirí áirithe.**
- **Bonn treise a chur faoi gheilleagar an eolais trí dheis ar bhunachair geolaíochta a cheadú agus cuidiú leis an taighde ar réimsí tús áite agus le seirbhísí oideachais.**

Dul chun cinn maidir le mapáil ar ghrinneall na farraige

Bhí séasúr eile den rath i rith na bliana 2010 leis an obair ar ghrinneall na farraige a mhapáil, faoin tionscadal INFOMAR, atá á dhéanamh i gcomhar le Foras na Mara. Tá seo leagtha amach chun lón eolais slán dílis a chruthú ar na hacmhainní fisiciúla, ceimiceacha agus bitheolaíochta atá le fáil leis an réimse fairsing de ghrinneall na farraige a bhaineann leis an tír seo. Cuireadh tús leis an obair sa bhliain 2007 mar chuid den chlár Náisiúnta Geolaíochta (2007 - 2013) agus bhíothas leath bealaigh trí Chéim 1 i rith na bliana 2010 agus mapáil déanta ar 13 cuan príomhthábhachta agus an obair tugtha chun críche go sásúil de réir sprice i gcás leath de na limistéir príomhthábhachta ainmnithe. Chuir suirbhéireacht ón aer, suirbhéireacht de chuid na Loinge Taighde an Celtic Voyager i Muir Meann agus suirbhéireacht de chuid na Loinge Taighde an Keary i gCuan Chionn tSáile, i gCuan Mhanainn agus i mórlimistéar Chuan Baile Átha Cliath leis an lón taighde seo.

Fágtar deis oscailte ar shonraí INFOMAR agus bhí sin arís ina bhunús le breis tionscadal ag cur leis an réimse suntasach tionscadal taighde atá ag eascairt ó INFOMAR agus tá sé ina bhonn faoin bhforbairt ar ghnóthais

ACMHAINNÍ NÁDÚRTHA

nua i réimse na mara. Rinneadh cuid den saothar seo a chur i láthair ag an gcomhdháil Geolaíochta 2010 a eagraíodh i gCaisleán Bhaile Átha Cliath i mí na Samhna nuair a caitheadh lá iomlán le gnóthaí INFOMAR agus cur i láthair faoi cheisteanna a bhaineann leis an bhfarraige. Seoladh An Atlas of the Deep Water Seabed: Ireland, le húdair eolaíochta as Coláiste na hOllscoile, Corcaigh agus GSI agus arna fhoilsiú ag Springer, le linn na comhdhála.

Cur leis an Acmhainn Taighde Geolaíochta

Tháinig Clár Gradaim Taighde Geolaíochta Griffithe go leath téarma go mall sa bhliain 2010 agus rinne na comhairleoirí eacnamaíochta idirnáisiúnta Indecon athbhreithniú neamhspleách seachtrach ar an scéim. Ba é toradh an athbhreithnithe gur éirigh go maith leis an scéim go dtí seo ó thaobh torthaí an chláir agus ó thaobh leas a bhaint as cistí nach ón Státchiste iad chomh maith. Nuair a bheidh an clár Griffith curtha i bhfeidhm ina iomláine is dócha go mbeidh torthaí suntasacha bainte amach leis a mbeidh buntáiste astu go ceann i bhfad. Rinne meithle taighde a fuair cistí faoin gclár Griffith sraith cur i láthair ag comhdháil Geolaíochta 2010 freisin.

Soláthar Uisce Glan a Chinntiú

Leanadh den sceideal oibre i rith na bliana 2010 maidir leis an gclár mapála náisiúnta do chosaint screamhuisce, seirbhís thábhachtach comhairleoireachta do na húdaráis áitiúla. Tugadh Scéimeanna Cosanta Screamhuisce chun críche maidir le Ceatharlach, Luimneach, Uíbh Fháilí, Loch Garman, Longfort, Baile Átha Cliath agus an Iarmhí (na contaetha i ngach cás). Cuireadh dréacht de mhapaí criosanna cosanta screamhuisce ar fáil maidir leis Contaetha Chéim 2 (Ceatharlach, Luimneach, Uíbh Fháilí, Port Láirge agus Loch Garman) agus tá tús curtha leis an druileáil i gContaetha Chéim 3 (Tiobraid Árann, Maigh Eo). Rinneadh dul chun cinn maidir leis an Tuarascáil Uiscíoch náisiúnta agus leis an Mapa Uiscíoch náisiúnta.

Ithir i Limistéir Uirbeacha agus an tSláinte Phoiblí

Féachtar le Tionscadal SURGE (Soil Urban Geochemistry) Bhaile Átha Cliath leis an gcéad tacar sonraí bonnlíne a chruthú maidir le truailleáin orgánacha agus miotail throma fadseasmhacha sa bharrithir i mBaile Átha Cliath. Tá an tionscadal sin á thabhairt i gcrích i gcomhar leis na húdaráis áitiúla ar fad i mBaile Átha Cliath, an EPA agus HSE. Cuirfear eolas ar fáil leis ar gheoiceimic na hithreach i dtimpeallacht uirbeach in Éirinn a bhfuil tábhacht leis maidir

ACMHAINNÍ NÁDÚRTHA

le sláinte an phobail a chosaint, cloí leis an reachtaíocht faoi chúrsaí timpeallachta, pleanáil i ndáil le húsáid talún agus athnuachan bailte.

Dé-ocsaíd Charbóin a Stóráil faoin Talamh

I gcomhthéacs athrú aeráide na linne seo atá á tharraingt ag astaíocht gháis cheaptha teasa, is den tábhacht go ndéanfadh Éire an acmhainn carbón a cheapadh agus a stóráil (CCS) ar muir agus ar talamh. Chun na críche sin, d'eagraigh Acadamh Ríoga na hÉireann, GSI agus GSNI comhdháil i gCaisleán Bhaile Átha Cliath i mí Márta 2010 a bhí dírithe go sainiúil ar chúrsaí CCS. Ba é toradh a bhí ar bheart staidéir a rinne EPA-GSI ar cheantar Ghob na Muine nach meastar aon acmhainn stórála den suntas a bheith sna foirmeacha geolaíochta atá faoin réimse sin. Thug GSI, BGS agus GSNI faoi thionscnamh i gcomhar d'fhonn an acmhainn stórála CO2 faoin Muir Mheann a mheas. Cheangail GSI le CGS Europe, craobhchóras CCS de chuid na hEorpa arna mhaoiniú ag an gCoimisiún, d'fhonn éascaíocht a dhéanamh don mhalartú faisnéise faoi chúrsaí CCS.

Bonn Taca faoi Chúrsaí Infrastruchtúir

Tá tionscadail straitéiseacha a bhfuil GSI ag déanamh ceannródaíochta ina leith ar cuidiú iad maidir leis an bhforbairt ar ghnéithe den infrastruchtúr trí fhaisnéis geo-eolaíochta a chur ar fáil faoi riocht na talún, soláthar comhbhailiúcháin agus caighdeán na hithreach. Tá samhaltán 3D de réimse fodhromchla na cathrach á chruthú le tionscadal geo-uirbeach Bhaile Átha Cliath a mbeidh leas as maidir le tionscadail mhóra tunalaíochta, iompair agus tógála ó thaobh cuidiú le costais a choinneáil chomh híseal agus is féidir agus moill a sheachaint. Tá iniúchadh á dhéanamh maidir le tonnghluaiseacht na talún (turnamh agus at) faoin tionscadal 'Terrafirma' a bhfuil ESA ag tabhairt ciste lena aghaidh agus a bhfuil GSI ceangailte leis mar pháirtí. Táthar ag teannadh leis an bhfardal mapála maidir leis dóigh go dtarlódh maidhm talún in oirthear Chúige Laighean agus i mórlimistéar Chorcaí a thabhairt chun críche agus tá 397 imeacht nach raibh tuairisc orthu roimhe seo a sonraíodh. Phléigh GSI le 120 fógra faoin reachtaíocht i ndáil le Ráiteas Tionchair Timpeallachta agus na hAchtanna Pleanála chomh maith le cur le 3 cinn de phleananna forbartha Contae i gcomhthéacs geo-oidhreachta. Cuireadh tús leis an tionscadal Atlanterra maidir leis an oidhreacht mianadóireachta a bhfuil ciste de chuid an AE á chur ar fáil lena aghaidh agus GSI ceangailte leis mar pháirtí.

ACMHAINNÍ NÁDÚRTHA

Oideachas faoi chúrsaí Geolaíochta agus Tuiscint an Phobail ar Gheo-eolaíocht

Tá sé ríthábhachtach go dtuigfeadh an pobal an tairbhe a bhaineann le hacmhainní geolaíochta na tíre agus a mbíonn de bhuntáiste uathu ó thaobh fhorbairt eacnamaíochta agus caighdeán an tsaoil. Cuidíonn sin le cinntiú go gcoinnítear an infheistíocht á déanamh in earnáil na Geo-eolaíochta agus go gcoinnítear ag cur oideachais agus oiliúna ar chéimithe ardchaighdeáin geo-eolaíochta ionas go gcuirtear bonn treise faoin gcion a dhéanfar san earnáil maidir leis an mbiseach eacnamaíochta as seo go ceann deich mbliana. Chuige sin, tugann GSI faoi bhearta leanúnacha caidrimh agus oideachais. Tugadh an tionscadal NEED (www.geoneed.org), a raibh ciste ón AE lena aghaidh, chun críche agus módúil teagaisc á gcur ar fáil do dhaltaí bunscoile. D'eagraigh GSI Gradaim Cunningham (do na tionscadail mapála allamuigh is fearr ar leibhéal bunchéime) agus Comórtas Grianghrafadóireachta du Noyer a bhí dírithe ar an bpobal i gcoitinne.

Comhoibriú Thuaidh-Theas maidir le cúrsaí Geo-eolaíochta

Tháinig torthaí suntasacha faoin gCreatchóras don Chomhoirbiú san Eolaíocht (Samhain 2007) a shínigh GSNI, BGS agus GSI in éineacht. Seo a leanas roinnt samplaí mórthábhachta i rith na bliana 2010:

- **Tionscadal Teorann Tellus:**
  Déanfar leis seo sonraí ardtaifeacha geofisice ón aer agus sonraí geoiceimiceacha de dhroim talún a thiomsú maidir le cuid mhór d'achar na sé chontae sa Phoblacht a shíneann leis an teorainn mar bhonn taca faoi chuspóirí i ndáil leis an timpeallacht a bhaint amach agus faoi mheasúnacht ar acmhainní mianraí sa réigiún.

- **Mapa Mianraí na hÉireann:**
  D'ullmhaigh GSI-GSNI dréacht de Mhapa Mianraí uile-oileáin na hÉireann a dáileadh ar líon ba mhó ná 200 toscaire ag an gComhdháil Since IAEG 2010 i mí Meán Fómhair. Foilseofar leagan críochnúil in am do Chomhdháil Prospectors & Developers Association of Canada (PDAC) i Toronto i mí Márta d'fhonn cuidiú le hÉirinn a chur chun cinn mar áit a ndéanfadh comhlachtaí ón iasacht ingheistíocht sa taiscéalaíocht.

- **Geolaíocht Chlasaiceach Thuaisceart Éireann:**
  Foilsíodh leabhar nua mar gheall ar gheolaíocht chlasaiceach Thuaisceart Éireann agus na gcontaetha leis an teorainn i gcomhar le GSNI agus le GSI.

ACMHAINNÍ NÁDÚRTHA
IASCAIGH INTÍRE

PRÍOMHCHUSPÓIR BEARTAIS

An acmhainn iascaigh intíre a chaomhnú trí rialachas corparáide éifeachtúil a dhéanamh ar na gníomhaireachtaí a fheidhmíonn faoi choimirce na Roinne agus éascaíocht a dhéanamh do shaothrú na hacmhainne sin ar bhealach cothrom inmharthana.

Príomhchuspóir Straitéiseach a hAON
Cinntiú go ndéantar caomhnúchán éifeachtach ar ghnáthóga agus stoc éisc intíre, trí na boird iascaigh agus Gníomhaireacht na Loch den chuid is mó.

Lean an Roinn de bheartas an Rialtais a chur i bhfheidhm maidir leis an mbainistíocht ar an iascach bradáin fiáin a thabhairt go hiomlán leis an gcomhairle eolaíochta agus tugadh isteach 12 fodhlí agus 8 Ionstraim Reachtúil chun na críche sin; tá 8 gcinn de na fodhlíthe a bhaineann le haibhneacha áirithe agus tugtar san áireamh an leibhéal stoic i ndáil le gach ceann faoi leith acu. Bhí na rialacháin do shéasúr bradáin na bliana 2011 curtha ar bun faoi dheireadh na bliana 2010. D'aontaigh NASCO (an Eagraíocht um Chaomhnú Bhradán an Atlantaigh Thuaidh) an tuarascáil bhliantúil faoi bhearta a rinneadh faoin bPlean Náisiúnta Forfheidhmithe ag an gcruinniú bhliantúil i mí Meitheamh 2010.

Leanadh den chur i bhfeidhm i ndáil leis an bplean bainistíochta náisiúnta i leith na heascainne, ag teacht le Rialachán 1100/2007 ó Chomhairle an AE. Mar chuid de sin, bhí bearta d'fhonn breith ar eascanna agus a dtabhairt thar stáisiúin hidrileictreacha BSL ar an tSionainn, ar an Laoi agus ar an Éirne chomh maith le sampláil ar bhonn eolaíochta mar a bhforáiltear dó sa phlean.

Is í an Roinn a rinne cúram den rialachas corparáide i ndáil le Iascach Intíre Éireann agus Gníomhaireacht na Loch arna chinntiú go raibh na cóid chleachtais chuí á gcomhlíonadh, go rabhthas ag cloí le próifílí buiséid agus go raibh na spriocanna a bhí sonraithe i gconarthaí feidhmiúcháin aontaithe á mbaint amach.

Cuspóir Straitéiseach a DÓ
Creat reachtaíochta agus rialúcháin éifeachtach a thabhairt i gcrích maidir le earnáil an iascaigh intíre chomh maith le bainistíocht i ndáil le luach ar airgead.

ACMHAINNÍ NÁDÚRTHA

Mar chuid den chaomhchóiriú ginearálta ar ghníomhaireachtaí Stáit a d'fhógair an tAire Airgeadais le linn Bhuiséad na bliana 2009, cuireadh aon chomhlacht náisiúnta amháin ar a dtugtar Iascach Intíre Éireann (IFI) ar bun maidir le gnóthaí iascaigh intíre ar an 1 Iúil 2010 faoi réir an Achta um Iascach Intíre, 2010.

Tháinig IFI in ionad 17 gníomhaireacht faoi leith a mbíodh plé acu leis an mbainistíocht ar an acmhainn iascaigh intíre náisiúnta. Is iad na gníomhaireachtaí atá i gceist an Príomh-Bhord Iascaigh, na seacht gcinn de Bhoird Iascaigh Réigiúnacha, an Coimisiún Náisiúnta Bradán agus ocht gcinn de Chomharchumainn Iascaigh.

Déantar soláthar le bunú IFI do bhainistíocht níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla ar an acmhainn iascaigh intíre chomh maith le dearcadh náisiúnta níos géire i ndáil le beartas i leith an iascaigh intíre a cheapadh atá níos caomhchóirithe, slánchóirithe, dlúithe. Cinntítear leis an athrú go mbaintear úsáid níos fearr as na hacmhainní airgid agus gur fearr an leithdháileadh a thugtar orthu.

Ó tuigeadh go raibh gá le hathchóiriú iomlán ar an reachtaíocht a dtagann earnáil an iascaigh intíre faoina scáth, chuir an Roinn tús le hathbhreithniú mionghéar ar na hAchtanna Iascaigh 1959 - 2006 d'fhonn aon reacht nua-aimseartha amháin a chur ar fáil maidir le rialú na hearnála. Meastar go mbeidh dréacht de chinn an bhille a bheartaítear á gcur faoi bhráid an Rialtais go luath sa bhliain 2012.

D'fhreastail an tAire agus an tAire Stáit araon ar dhá chruinniú de chuid na Comhairle Aireachta Thuaidh Theas maidir le hEarnáil an Dobharshaothraithe agus na Mara faoina bhfeidhmíonn Gníomhaireacht na Lochanna, Coimisiún an Fheabhail, Chairlinn agus Shoilse na hÉireann (FCILC) le comhurraíocht ón Roinn. Aontaíodh ceithre cinn de rialacháin maidir leis an mbainistíocht ar an iascach.

BAINISTÍOCHT CHORPARÁIDE, BAINISTÍOCHT AIRGEADAIS, FORBAIRT AGUS NUACHÓIRIÚ

AIDHM ARDLEIBHÉIL

An Roinn a bheith ina heagraíocht atá bunaithe ar eolas, ilchuimsitheach agus dírithe ar thorthaí, í ag feidhmiú de réir mheon na seirbhíse poiblí is fearr agus de réir na gcaighdeán is airde maidir le seirbhís a chur ar fáil ar dá tréithe feabhsú leanúnach agus an nuáil.

Réamhrá

Cuirtear seirbhísí taca ar fáil don Roinn ar fad sa réimse seo chomh maith leis an riarachán a dhéanamh i ndáil le beartas Acmhainní Daonna agus le Buiséad na Roinne. Is iad na réimsí den bhainistíocht corparáide a bhaineann le hábhar, Acmhainní Daonna, Teicneolaíocht an Eolais, Airgeadas, Iniúchadh Inmheánach agus Seirbhísí Corparáide.

Is é an ról atá leis na réimsí sin bonn treise a chur faoi na Rannóga líne sa Roinn ionas go dtugtar i gcrích cuspóirí na Rannóga sin i ndáil leis na hearnála éagsúla chomh maith le freagracht faoi leith i leith cheisteanna ilréimsí a bhainfeadh le péire nó níos mó de na Rannóga. Leagtar amach thíos na cuspóirí i ndáil le gach ceann de na réimsí a luaitear thuas.

ACMHAINNÍ DAONNA

Cuspóir Straitéiseach

Leanúint de bhonn treise a chur faoi mheanma agus leas na foirne chomh maith le neartú le feidhmíocht na heagraíochta agus leis an bhfeabhsú leanúnach de réir an tsárchleachtais maidir leis an réimse seo.

Cur i bhfeidhm i rith na bliana 2010:

- Lean an rannóg de chomhairle agus de chúnamh taca a chur ar fáil i ndáil le gach gné de ghnóthaí acmhainní daonna do lucht na foirne agus do lucht na bainistíochta sa Roinn.

- D'ullmhaigh an rannóg Plean Gníomhaíochta na Roinne faoi Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí 2010-2014 agus táthar ag réiteach an bhealaigh do chur i bhfeidhm na ngníomhartha ar fud na Roinne. Bhí daoine den fhoireann de gach grád páirteach i roinnt foghrúpaí a thabharfaidh bearta chun cinn atá dírithe ar shábháil

BAINISTÍOCHT CHORPARÁIDEACH, BAINISTÍOCHT AIRGEADAIS FORBAIRT AGUS NUA-CHÓIRIÚ

airgid agus ar bhreis éifeachta ar fud na Roinne agus a chuirfidh na bearta sin i bhfeidhm.

- Rinne an rannóg earcaíocht ar ochtar céimithe faoi chlár FÁS maidir le Socrúcháin Oibre do Chéimithe ar cuireadh tús leis sa bhliain 2010. Tá na céimithe tugtha isteach ina gcuid dílis de na rannóga éagsúla maidir le cúrsaí cumarsáide, fuinnimh agus acmhainní daonna, iad ag déanamh cion fiúntais maidir le hobair na Roinne agus ag fáil taithí mhaith oibre.

- Tá an rannóg ag leanúint de pholasaithe agus de ghnáis oibre a chur i bhfeidhm trína gcuirtear bonn praiticiúlachta faoin reachtaíocht agus faoin sárchleachtas maidir le daoine faoi mhíchumas agus trína gcothaítear timpeallacht oibre tairbheach maidir le daoine den fhoireann atá faoi mhíchumas.

- Tá an rannóg ag leanúint den bhainistíocht ar líon na foirne de réir an Chreata Rialaithe Fostaíochta agus b'ionann líon na mball foirne sa Roinn agus comhionann 264 ball lánaimseartha.

Líon na foirne maidir leis na blianta 2007 – 2010:

Dáta	Líon Foirne
31/12/2007	339
31/12/2008	298
31/12/2009	271
31/12/2010	264

TEICNEOLAÍOCHT na Faisnéise

Cuspóir Straitéiseach

Bonneagar agus córais slán seasmhacha ar ardchaighdeán do theicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide a chur ar fáil mar bhonn taca faoi fhreagracht na Roinne maidir leis na hearnálacha agus cúrsaí eagrúcháin.

Is ar Rannán na gCóras Faisnéise atá an fhreagracht as seirbhísí ICT a chur ar fáil don Roinn, córais gnó a chur i bhfeidhm agus a choinneáil ar bun san áireamh, mar a leagtar amach sa straitéis ICT 2008-2010. Ar chuid den bheartaíocht a tugadh i gcrích i rith na bliana 2010 sa Roinn, bhí an fhorbairt ar MapStore agus an taisce lárnach chun sonraí Chóras Faisnéise Geografaí a stóráil ann.

I mí Feabhra, ainmníodh an Roinn do ghradam r-Rialtais mar gheall ar an bhfeidhmchlár idirlín don chóras Gnóthaí Peitriliam Slánchóirithe.
Is láithreán gréasáin nua atá ansin trína gcuirtear eolas a bhaineann le

BAINISTÍOCHT CHORPARÁIDEACH, BAINISTÍOCHT AIRGEADAIS FORBAIRT AGUS NUA-CHÓIRIÚ

húdarúchán (ceadúnais, léasanna etc.) i ndáil le taiscéalaíocht agus táirgeacht peitriliam atá i seilbh Rannóg Gnóthaí Peitriliam na Roinne ar fáil don phobal. Tá an láithreán gréasáin slánchóirithe le córas bunachair sonraí inmheánach na Roinne, rud a fhágann gur féidir eolas a scaoileadh leis an bpobal ar chnaipe a bhrú.

Tugadh córas na n-iarratas maidir le Seirbhís Leathanbhanda faoin Tuath chun cinn i rith an dara leath den bhliain 2010. Cuirfidh an córas sin bonn treise faoin scéim maidir le Seirbhís Leathanbhanda faoin Tuath a sheoladh trí dheis iarratais ar an idirlíon a chur ar fáil agus cuidiú leis an riarachán ar an scéim.

Faoi Mheabhrán Tuisceana leis an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, déanfaidh an Roinn sin ó lár na bliana 2011 amach an bhainistíocht i ndáil le bonneagar teicniúil IT na Roinne seo, trí chúnamh taca a chur ar fáil maidir le ríomhairí pearsanta, freastalaithe, priontálaithe, slándáil an chraobhchórais, etc. chomh maith le seirbhís Deasc Cúnaimh trína gcoinnítear tuairisc ar dheacrachtaí a bhíonn ag an lucht úsaide agus a réitítear iad. Tá aontaithe chomh maith freastalaithe idirlín na Roinne seo a óstáil ar fhreastalaithe na Roinne Talmhaíochta. Beidh an tseirbhís á cur ar fáil ar bhonn "aisghabháil ar chostas insonraithe". Beidh roinnt den lucht foirne buan agus den fhoireann atá ar conradh ag aistriú go dtí an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia mar chuid den socrú seo. Cé go bhfuil Ranna ann a bhfuil feidhmchláir maidir le leithéid párolla á n-oibriú i gcomhar eatarthu, seo é an chéad uair ag ceann ar bith de na Ranna Rialtais seirbhís iomlán bainistíochta maidir leis na seirbhísí líonra ar fad a chur ar fáil don dara Roinn. Is tionscnamh seirbhísí i gcomhar atá anseo, ag teacht le ceann de na téamaí tábhachtacha a bhaineann le Comhaontú Pháirc an Chrócaigh faoi Athchóiriú ar an Earnáil Phoiblí.

An Bonneagar Teicniúil

Rinneadh ceangal snáithíne níos fearr a sholáthar agus a chur isteach idir oifigí na Roinne i mBóthar Adelaide agus i dTor an Bhacaigh.

AN RANNÓG AIRGEADAIS

Cuspóir Straitéiseach a hAON

Bainistíocht a dhéanamh ar ghnóthaí airgeadais na Roinne ar bhonn leanúnach ag teacht go hiomlán leis na nósanna imeachta i ndáil le cúrsaí airgeadais agus bonn taca a chur le pleanáil, measúnú agus fadbhreathnaitheacht ar chúrsaí gnó agus airgeadais faoin éifeachtúlacht eagrúcháin agus faoi cheapadh beartais atá bunaithe ar fhianaise.

BAINISTÍOCHT CHORPARÁIDEACH, BAINISTÍOCHT AIRGEADAIS FORBAIRT AGUS NUA-CHÓIRIÚ

Lean an Roinn ag díriú ar fheabhas a chur ar an acmhainn bainistíochta i gcúrsaí airgeadais agus ar an leas is fearr is féidir a bhaint as an gCóras Bainistíochta Airgeadais (FMS) trí oiliúint sainchóirithe i gcúrsaí airgeadais a chur ar fáil. Chuir an cur chuige sin le treisiú breise ar an bpleanáil gnó, ar an tuairiscíocht airgeadais agus ar na próisis maidir le bainistiú baoil sa Roinn. Rinneadh na Nósanna Imeachta Airgeadais Poiblí (arna bhfoilsiú ag an Roinn Airgeadais) a threisiú, rud a chuireann leis an éifeachtúlacht san eagraíocht agus le cinntí beartais atá bunaithe ar fhianaise. Chomh maith leis sin, tá aontaithe ag an Roinn an riarachán ar an bpá-rolla a aistriú go dtí seirbhís chomhair na Roinne Airgeadais i dTulach Mhór le héifeacht ó mhí Lúnasa 2011.

Cuspóir Straitéiseach a DÓ

Cinntiú go ndéantar an dáileadh is fearr ar acmhainní airgeadais de réir an ord tábhachta is fearr a thugann i gcrích na torthaí atá aontaithe agus luach ar airgead.

Is ionann an soláthar vótáilte comhlán don Roinn sa bhliain 2010 agus €533.6 milliún (lena n-áirítear sall-iompar caipitil de €15.7 milliún) agus €500.2 milliún a bhí san aschur, sin coigilt de €33.4 milliún. Maidir leis an mBuiséad Riaracháin bhí coigilt de €4 milliún ann i gcomparáid le soláthar buiséid de €26.8 milliún.

Comhlíonadah gach ceanglas tuairiscithe airgeadais in aghaidh na míosa agus in aghaidh na bliana don choiste bainistíochta, ag comhcheangal eolas feidhmíochta phríomhthorthaí airgeadais agus neamh-airgeadais sa bhliain 2010. Bhí cinnte maidir le leithdháileadh acmhainní bunaithe ar chumas anailís féidhmíochta ardaithe maidir le haschur, éifeachtúlacht, agus luach ar airgead a thomhas.

Cuspóir Straitéiseach a TRÍ

Plean Soláthair nua den sárchleachtas a leagan amach agus a thabhairt i bhfeidhm lena mbainfidh bearta chun laghdú ar úsáid na Roinne féin as fuinneamh, páipéar agus acmhainní eile.

Tá Plean Soláthair Corparáide dréachtaithe don Roinn. Lean an tAonad ag cur chomhairle ar na Rannóga maidir le ceisteanna soláthair go háirithe ceisteanna maidir le comhlíontas agus luach ar airgead a chur chun cinn.

BAINISTÍOCHT CHORPARÁIDEACH, BAINISTÍOCHT AIRGEADAIS FORBAIRT AGUS NUA-CHÓIRIÚ

INIÚCHÓIREACHT INMHEÁNACH

Cuireann an tAonad Iniúchóireachta Inmheánach dearbhú oibiachtúil ar fáil don Roinn maidir le leordhóthanacht nó a mhalairt na gcóras don rialú inmheánach agus, nuair is gá sin, déantar bearta comhairleoireachta d'fhonn luach níos fearr a bhaint amach agus feabhas a chur ar fheidhmiúchán na Roinne.

Cuspóir Straitéiseach

Éifeachtacht agus éifeachtúlacht na gcóras maidir leis an rialú inmheánach sa Roinn a chinntiú.

Cur i bhfeidhm

- Atbhreithniú de réir sceidil ar chóras na Roinne don rialú airgeadais inmheánach, arna chinntiú go mbítear ag cur feabhas air an t-am go léir;
- Cuireadh Clár na Bliana maidir le hIniúchadh Inmheánach le chéile bunaithe ar mheasúnú baoil;
- Tugadh chun críche, faoi stiúir Choiste Iniúchta na Roinne, an clár iniúchóireachta a bhí beartaithe don bhliain;
- Ceadaíonn an Coiste Iniúchta an Plean Iniúchóireachta Bliantúil;
- Bíonn cruinnithe ag an gCoiste Iniúchta cúig huaire in aghaidh na bliana chun tuairiscí iniúchóireachta a mheas.

Rinneadh inniúchóireacht i rith na bliana 2010 ar réimsí éagsúla, ina measc:

- An Clár maidir le Fuinneamh na Farraige;
- Ioncam agus Caiteachas maidir leis an gCeadúnas Teilifíse;
- Caiteachas ar Sheirbhísí Comhairleoireachta; agus
- Caiteachas maidir le Fuinneamh Inmharthana.

Cuidiú leis an Roinn a cuid cuspóirí a thabhairt i gcrích trí chur chuige dian córasach a oibriú ar éifeachtúlacht na bainistíochta i ndáil le riosca, na rialála agus an phróisis rialachais a mheas agus a fheabhsú.

Cur i bhfeidhm

- Tugadh na bearta iniúchóireachta chun críche de réir an sceidil agus d'aontaigh Coiste Iniúchta na Roinne iad;
- Cur i bhfeidhm éifeachtúil pras ar mholtaí iniúchóireachta;

BAINISTÍOCHT CHORPARÁIDEACH, BAINISTÍOCHT AIRGEADAIS FORBAIRT AGUS NUA-CHÓIRIÚ

- Deimhniú ar chaighdeán na rialála de réir mar a leagtar amach sa Ráiteas faoi Rialáil Airgeadais atá ceangailte leis an gCuntas Leithreasa; agus

- Comhlíonadh na treoirlínte cuí de chuid na Roinne Airgeadais agus Choimisiún an AE.

AN RANNÓG SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDE

AN tAONAD COMHORDÚCHÁIN

Déanann an tAonad comhordú ar ghnóthaí ilrannógacha, idir-rannacha, ildlínse agus ar cheisteanna a bhaineann leis an AE a dtagann i gceist leo, inter alia; ceisteanna intíre, ceisteanna maidir leis an AE, ceisteanna Thuaidh / Theas, agus cúrsaí míchumais.

Cuspóir Straitéiseach

Tá sé de chuspóir seirbhís comhordúcháin a chur ar fáil do na Rannóga maidir leis an raon fairsing forleathan de réimsí eacnamaíochta agus beartais a thagann faoi scáth na Roinne agus chomh maith leis sin ionadaíocht a dhéanamh thar ceann na Roinne ar réimse grúpaí idir-rannacha agus grúpaí beartais de réir mar a bhíonn gá.

Cur i bhfeidhm

Déantar ceisteanna a eascraíonn ó réimse leathan foinsí (Ranna Rialtais, an AE, Údaráis Áitiúla, etc.) a dhíriú ar na réimsí sin den Roinn lena mbaineann agus déanann an tAonad comhordú ar na freagraí orthu sin bunaithe ar an ábhar a chuirtear ar ais. Bhí beagnach 1,000 cás a d'eascair ó na foinsí sin i rith na bliana 2010 ar oibrigh an tAonad orthu agus a tugadh chun críche, iad ag baint, inter alia le réimsí mar iad seo a leanas; Measúnachtaí Straitéiseacha Timpeallacha, Ceisteanna Parlaiminte, Meabhráin don Rialtas, cáipéisí mionteagaisc etc. Ar mhaithe le héifeachtúlacht, is í an chumarsáid leictreonaic is mó a úsáidtear maidir le hiarratais a scaipeadh agus fiosrúcháin a fhreagairt go tráthúil.

Saoráil Faisnéise (FOI)

Tháinig 55 iarratas nua chuig an Roinn i rith na bliana 2010 agus bhí 7 gcás a tugadh ar aghaidh ón mbliain 2009. Mar seo a leanas an toradh ar na hiarratais:

BAINISTÍOCHT CHORPARÁIDEACH, BAINISTÍOCHT AIRGEADAIS FORBAIRT AGUS NUA-CHÓIRIÚ

Líon na n-iarratas a tugadh ar aghaidh ón mbliain 2009	7
Líon na n-iarratas nua a tháinig i rith na bliana 2010	55
Líon iomlán na nIarratas a Próiseáileadh i rith na bliana 2010	**62**

Torthaí na nIarratas a Próiseáileadh i rith na bliana 2010

Ceadaíodh	17
Ceadaíodh i bPáirt	22
Diúlaithe	11
Aistríodh go dtí Ranna Eile	2
Tarraingthe Siar	10
Tugadh ar aghaidh go dtí 2011	0

Achomhairc

Tháinig iarratais ar Athbhreithniú Inmheánach chuig an Roinn maidir le cúig chás; seasadh leis an gcéad bhreith i dhá chás acu sin, rinneadh leasadh ar an gcéad bhreith i dhá chás agus tarraingíodh siar cás amháin. Ag tús na bliana 2010, bhí ceithre chás achomhairc faoi bhráid Oifig an Choimisinéara Faisnéise i ndáil le breith a tugadh sa Roinn seo agus tháinig cás nua amháin ó shin. Tugadh na 5 chás sin ar aghaidh go dtí an bhliain 2011.

BAINISTÍOCHT CHORPARÁIDEACH, BAINISTÍOCHT AIRGEADAIS FORBAIRT AGUS NUA-CHÓIRIÚ

SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDE

An Timpeallacht Oibre

Leanann an Rannóg Seirbhísí Corparáide den mhonatóireacht, den fhorbairt agus den chumarsáid maidir le gnáis oibre d'fhonn timpeallacht oibre shábháilte shláintiúil ar na caighdeáin is airde fónaimh ó thaobh seirbhíse a chinntiú d'Airí, don Ard-Rúnaí agus don fhoireann in oifigí uile na Roinne.

Ar an oiliúint maidir le cúrsaí Sláinte agus Sábháilteachta ar tugadh fúithi, bhí oiliúint don Ionadaí Sábháilteachta, Cúrsaí Garchabhrach, úsáid Dífhibrileora, Marascal Dóiteáin & gnáis maidir leis an gCathaoir Aslonnaithe i gcás aslonnaithe éigeandála.

Thug an Roinn go forghníomhach faoi bhearta a chur i bhfeidhm san ionad oibre chun cuidiú le cur in aghaidh leathadh fliú mucúil Víreas A (H1N1) nó 'an fliú mucúil' i rith na bliana 2009 agus leanadh ar aghaidh leis sin i rith na bliana 2010. Bhí ag baint leis sin faisnéis a dháileadh, gléasra sláintíochais lámh a chur isteach agus a choinneáil i gcaoi mhaith ar fud fhoirgnimh na Roinne agus ciarsúir bhithicíde a chur ar fáil don lucht foirne ar fad. Tá Lúb Fuaime Soghluaiste á chur ar fáil ag an Roinn le húsáid i seomraí cruinnithe agus in ionaid fáilteachais mar dheis cumarsáide dóibh siúd a bhfuil lagú ar a gcuid éisteachta.

Luach ar Airgead

Déanann an Rannóg Seirbhísí Corparáide bearta maidir le luach ar airgead ar bhonn leanúnach ar fud raon réimsí éagsúla. Tá breis éifeachta agus sábháil airgid ag teacht de bharr an tionscnaimh sin i gcónaí agus tháinig sábháil shuntasach airgid dá bharr i rith na bliana 2010.

Forléargas ar an Úsáid Fuinnimh i rith na bliana 2010

Leanann an Roinn d'úsáid níos éifeachtúla as leictreachas agus cumhacht a chur chun cinn tríd an Meitheal Fuinnimh agus an tOifigeach Fuinnimh atá ar an bhfoireann. Baintear úsáid as an gCóras Bainistíochta Foirgnimh (BMS), a cuireadh isteach sa bhliain 2007, chun bainistíocht den éifeacht a dhéanamh i ndáil le cúrsaí teasa i bhfoirgneamh na Roinne ar Bhóthar Adelaide agus in Áras Tom Johnson. Tá le tuiscint ó thuairiscí BMS na bliana 2010 gur baineadh amach sábháil sa bhreis ar leibhéil thagarmhairc na bliana 2007; agus sin in ainneoin ghéire na haimsire a tháinig i mí Eanáir agus i mí na Nollag 2010.

BAINISTÍOCHT CHORPARÁIDEACH, BAINISTÍOCHT AIRGEADAIS FORBAIRT AGUS NUA-CHÓIRIÚ

I rith na bliana 2010, d'ídigh an Roinn 3,151.315 MWh fuinnimh, déanta suas as:

- 1653.93 MWh leictreachais;
- 1497.41 MWh de bhreosla iontaise.

Bearta a rinneadh i rith na bliana 2010 Ghlac an Roinn páirt i bhFeachtas Feasachta Oifig na nOibreacha Poiblí mar gheall ar Chúrsaí Fuinnimh a raibh de thoradh air;

- BMS a chur isteach i ndáil le gach foirgneamh ionas gur mó an smacht atá ar an úsáid a bhaintear as fuin neamh;

- Cuireadh ábhar insliúcháin isteach ar stór na talún d'fhonn an méid tea sa a bhí á chailleadh ó na réimsí urláir os cionn an charrchlóis a mhaolú;

- Braiteoirí solais / gluaiseachta a chur isteach sna hoifigí, seomraí cruinnithe agus leithris ar fad i mBóthar Adelaide;

- Clár múchta uathoibreach a chur isteach ar an gcóras ríomhaireachta ionas go gcinntítear go gcuirtear na ríomhairí pearsanta ar fad i riocht codlata nuair nach mbíonn siad in úsáid;

- Rinneadh iniúchadh ar an riachtanas maidir le cóiriú aeir sa seomra cumarsáide agus laghdaíodh de 30% líon na n-aonad dá bharr sin; agus

- Cuireadh leis an leibhéal tuisceana maidir le húsáid fuinnimh istigh sna foirgnimh trí ábhar nua a chur go rialta ar na cláir fógraí maidir le cúrsaí fuinnimh agus an scéal is deireanaí a sheoladh chuig gach duine den fhoireann.

RIALACHAS CORPARÁIDE

Cuspóir Straitéiseach a hAON

Cinntiú go mbíonn struchtúr uileghabhálach na Roinne maidir leis an Rialachas Corparáide daingean éifeachtúil agus é bunaithe ar an sárchleachtas ionas go ndéantar éascaíocht do na Rannóga maidir leis an ngnáthobair ó lá go lá i leith an rialachais ar na comhlachtaí a thagann faoi choimirce na Roinne agus cinntiú go mbíonn tuairiscí faoi bheartaíocht Rialachais a thugtar d'Airí agus don Choiste Bainistíochta cruinn tráthúil.

Rinne an tAonad comhordú maidir leis an gCreat Rialachais Corparáide uileghabhálach d'fhonn éascaíocht a dhéanamh do na Rannóga maidir leis an gcúram a bhíonn orthu ó lá go lá i leith cúrsaí Rialachais Corparáide.

BAINISTÍOCHT CHORPARÁIDEACH, BAINISTÍOCHT AIRGEADAIS FORBAIRT AGUS NUA-CHÓIRIÚ

Déileáladh gan mhoill agus de réir na dtreoracha ón Roinn Airgeadais le socruithe conartha do Phríomhfheidhmeannaigh na gComhlachtaí Stáit a thagann faoi choimirce na Roinne. Cinntíodh trí leanúint den chothabháil agus den mhonatóireacht i ndáil leis an suíomh ríomhrialachais go raibh tuairiscí cruinne a bhain le hábhar ar fáil don Aire agus don Choiste Bainistíochta gach mí.

AN tAONAD ATHRAITHE STRAITÉISIGH

Seirbhís ar Ardchaighdeán don Chustaiméir

Tá Deasc cúnaimh maidir leis an tSeirbhís don Chustaiméir á chur ar fáil ag an Roinn do dhaoine den phobal. Leagtar amach sa Chairt don Chustaiméir agus sa Phlean Gníomhaíochta maidir leis an tSeirbhís don Chustaiméir 2009 - 2011 atá ag an Roinn sonraí faoi dhúthracht na Roinne maidir leis an tseirbhís ardchaighdeáin don chustaiméir ar féidir le gach custaiméir a bheith ag súil leis. Tugtar mionsonraí sa Phlean Gníomhaíochta freisin faoi chaighdeáin seirbhíse faoi leith atá i bhfeidhm i ndáil le réimse seirbhísí a chuireann an Roinn ar fáil.

BAINISTÍOCHT CHORPARÁIDEACH, BAINISTÍOCHT AIRGEADAIS FORBAIRT AGUS NUA-CHÓIRIÚ

Leibhéil comhlíontais maidir le caighdeáin seirbhíse faoi leith i rith na tréimhse 12 mí ón 1 Iúil 2009 go dtí an 30 Meitheamh 2010

An tSeirbhís a cuireadh ar fáil	Caighdeán na Seirbhíse	Leibhéil Comhlíontais (luaitear cúiseanna sa chás nár sásaíodh an caighdeán)
Ceadúnais agus Údarás le Taiscéalaíocht Peitriliam	Cinneadh faoi iarratais taobh istigh de thrí mhí.	33% (soiléiriú breise agus mionanailís theicniúil de dhíth i ndáil le fuílleach na n-iarratas)
Ceadúnais Cuardaigh Mianraí	Sprioc táirgeachta: ceithre bhabhta iomaíochta maidir le ceadúnais cuardaigh a reachtáil Féachtar faoin sprioc oibre sa Phlean Gnó a bhaineann leis seo eisiúint a dhéanamh maidir le 95% de na hiarratais taobh istigh de 17 seachtaine. Sprioc oibre de 20 cuairt ar shuíomhanna / cuairt mhonatóireachta i rith na tréimhse 2009/10	Baineadh sin amach As 53 iarratas a tháinig isteach i rith na tréimhse seo, críochnaíodh an obair ar 21 acu taobh istigh den teorainn ama, líon is ionann le 40%. Ina dhiaidh sin féin, ba mar gheall ar mhainneachtain na n-iarratasóirí na coinníollacha ar fad a shásamh in am a cuireadh moill ar 22 de na hiarratais, agus bhí 10 n-iarratas ar cuireadh moill shuntasach orthu mar gheall ar agóid phoiblí ina gcoinne. Baineadh an sprioc sin amach ainneoin brú ó thaobh acmhainní foirne.

BAINISTÍOCHT CHORPARÁIDEACH, BAINISTÍOCHT AIRGEADAIS FORBAIRT AGUS NUA-CHÓIRIÚ

Saoráidí Mianadóireachta Stáit		Níor tháinig aon iarratas nua i ndáil le SMS i rith na tréimhse faoi chaibidil.
Comhairle agus Eolas Geolaíochta	Sonraí le tarraingt anuas ón láithreán gréasáin: saor ó tháille. Eolas á chur ar fáil tríd an láithreán gréasáin: saor ó tháille Cuairteoirí pearsanta, fiosrúchán ar an teileafón, ceisteanna ar ríomhphost: ar a iarraidh, suas le 30 nóiméad saor ó tháille Obair ar Coimisiún: faoi réir ag comhaontú agus táillí.	Tharraing 431 úsáideoir anuas 470 GB de shonraí maidir leis an tsuirbhéireacht ar ghrinneall na farraige. Bhreathnaigh 153,471 léitheoir 440,394 leathanach Déileáladh le 2206 fiosrú. Cuireadh i gcrích de réir mar a bhí aontaithe

AN tAONAD FORBARTHA FOIRNE (SDU)

Oiliúint

Ba í an phríomhchuspóir a bhain le cúrsaí oiliúna i rith na bliana 2010 bonn taca a faoi riachtanais gnó na Roinne trí oiliúint a chur ar fáil de réir an éilimh ó thaobh gnóthaí oibre agus ord tábhachta arna shonrú ag lucht na bainistíochta agus ag an bhfoireann.

Bhí siad seo a leanas ar na bearta oiliúna tús áite i rith na bliana 2010:

- Treoirlínte Measúnaithe maidir le Gnóthaí Caipitil;
- Soláthar;
- Scileanna Scríbhneoireachta don Bhainistíocht;
- Oiliúint i mBainistíocht Airgeadais;
- Saoráil Faisnéise;
- Oiliúint maidir leis an gCóras Agresso; agus
- Oiliúint i gcúrsaí Teicniúla Sainspeisialta.

I mí Eanáir, chuir AFF amach cáipéis leasaithe maidir leis an bBeartas Forbartha Foirne ina leagtar amach beartas na Roinne i ndáil le gach gné de chúrsaí Oiliúna. Ag teacht lena bhfuil sa

BAINISTÍOCHT CHORPARÁIDEACH, BAINISTÍOCHT AIRGEADAIS FORBAIRT AGUS NUA-CHÓIRIÚ

cháipéis sin, agus ainneoin deacrachtaí buiséid, d'éirigh leis an Roinn réimse leathan oiliúna a chur ar fáil nó a shocrú don lucht foirne. Baineadh sin amach le béim faoi leith ar luach maith ar airgead a fháil.

Bhí na costais maidir le hOiliúint agus Forbairt i rith na bliana ionann le 2% de chostais tuarastail na Roinne. Bhí cúrsaí a cuireadh ar fáil go hinmheánach agus cúrsaí seachtracha i gceist leis an oiliúint.

Cuireadh seirbhís ar ardchaighdeán ar fáil i rith na bliana 2010 do na custaiméirí uile, custaiméirí inmheánacha agus custaiméirí seachtracha, maidir le teanga na seirbhíse. D'fhreagair an Roinn cuairteoirí pearsanta, daoine a ghlaoigh ar an teileafón, daoine a sheol comhfhreagras, ar ríomhphost nó i scríbhinn, sa teanga, Gaeilge nó Béarla, a roghnaigh siadsan. Tagann sin sa bhreis ar an Tuarascáil Bhliantúil agus na Cuntais agus foilseacháin

Sonraí maidir le cúrsaí Oiliúna	**2009**	**2010**
Líon na gCúrsaí a cuireadh ar fáil	86	81
Líon na mball foirne a cuireadh faoi oiliúint	236	373
Líon na laethanta oiliúna a cuireadh ar fáil	765	619
Meánlíon laethanta oiliúna in aghaidh an duine den fhoireann	3	2.2
Caiteachas Iomlán	**€614,526.78**	**€312,296.57**

OIFIGEACH NA GAEILGE

Cuireann an Roinn seirbhís a thabhairt i nGaeilge agus seirbhísí dátheangacha a thabhairt chun cinn agus cuidítear mar chuid de Sheirbhís Ardchaighdeáin na Roinne don Chustaiméir le seirbhís den chineál sin a thabhairt de réir na scéime a aontaíodh faoi Alt 11 Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

chorparáideacha eile a éilítear faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla agus cuidiú le barr feabhais a chur ar na leaganacha Gaeilge de rialacháin chomhchinntí de chuid an AE a bhaineann leis na hearnálacha a thagann faoi scáth na Roinne.

AGUISÍN A: STRUCHTÚR EAGRÚCHÁIN NA ROINNE MAR A BHÍ AN 31.12.2010

Aidan Dunning
Ard-Rúnaí

Sara White
Leas-Ard-Rúnaí

Leictreachas
Gás, Ola, Gual, Móin
Fuinneamh Thuaidh / Theas
Fuinneamh Inathnuaite
Éifeachtúlacht Fuinnimh
Comhordú agus Pleanáil ar chúrsaí Fuinnimh

Katherine Licken
Ard-Rúnaí Cúnta

Gnó & Teicneolaíocht na Cumarsáide
Forbairt na Cumarsáide
An Beartas Cumarsáide
Sochaí an Eolais

Michael Manley
Ard-Rúnaí Cúnta
Taiscéalaíocht & Mianadóireacht
Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann
Iascach Intíre
Gnóthaí Peitriliam
Suirbhéireacht Ordanáis na hÉireann
Pleanáil Chorparáide & Airgeadas
Seirbhísí Corparáide
Iniúchadh Inmheánach

Eamonn Molloy
Ard-Rúnaí Cúnta

Pleanáil Chorparáideach & Airgeadas
Seirbhísí Corparáideacha
Acmhainní Daonna
Córais Faisnéise
Iniúchóireacht Inmheánach
Oifig na Gaeilge
Beartas na bPost

AGUISÍN B: VÓTA 30: MEASTACHÁIN AGUS TORADH 2010

Focheannteideal		Measachán €000	Toradh €000
RIARACHÁN			
A01	Tuarastail, Pá & Liúntais	16,295	16,193
A02	Taisteal & Cothabháil	801	521
A03	Costais Theagmhasacha	1,495	1,044
A04	Postas & Teileachumarsáid	787	421
A05	Innealra Oifige & Soláthairtí	4,236	2,547
A06	Costais Áitribh Oifige	1,289	776
A07	Seirbhísí Comhairleoireachta	1,771	1,237
A08	Trealamh, Stórais & Cothabháil	154	103
A09	Athbhreithniú ar Luach ar Airgead & ar Bheartais	10	1
Fo-iomlán		26,838	22,843
CUMARSÁID			
B01	Cláir Theicneolaíocht an Eolais & na Cumarsáide *	59,428	49,777
B02	Forbairt Ilmheáin	7,554	7,950
B03	Clár RAPID	370	-
B04	Sochaí na Faisnéise & Ríomh-Uilechuimsitheacht	450	113
Fo-iomlán		67,802	57,840
CRAOLACHÁN			
C01	Deontas do RTÉ	195,000	195,000
C02	Íocaíocht leis an bPost	12,452	11,943
C03	TG4	34,050	34,050
C04	Ciste Craolacháin	14,678	14,678
C05	Teilifís Dhigiteach Trastíre (DTT)	50	50
Fo-iomlán		256,230	255,721
FUINNEAMH			
D01	Riarachán Údarás Éireann um Fhuinneamh Inmharthana	7,808	7,491
D02	Cláir Fhuinnimh Inmharthana	105,136	100,952
D03	Cláir Taighde Fuinnimh *	14,337	7,356
D04	Infrastruchtúr Straitéiseach Fuinnimh	1	-
Fo-iomlán		127,282	115,799

AGUISÍN B: VÓTA 30: MEASTACHÁIN AGUS TORADH 2010

ACMHAINNÍ NÁDÚRTHA			
E01	Seirbhísí Peitriliam	5,367	5,378
E02	Seirbhísí Mianadóireachta	6,710	1,960
E03	Seirbhísí Shuirbhéireacht Gheolaíochta Éireann	540	293
E04	Tionscnaimh Gheolaíochta	4,285	3,241
E05	Suirbhéireacht Náisiúnta Ghrinneall na Farraige	2,992	3,014
E06	Suirbhéireacht Ordanáis Éireann	4,985	4,985
Fo-iomlán		24,879	18,871
IASCACH			
F01	Iascaigh Intíre	29,611	28,736
Fo-iomlán		29,611	28,736
ILGHNÉITHEACH			
G01	Síntiúis d'Eagraíochtaí Idirnáisiúnta	467	373
G02	Ciste Bainisíochta maidir le hAthrú	1	-
G03	Seirbhísí Gáis	32	32
G04	Seirbhísí Eile	501	-
Fo-iomlán		1,001	405
Olliomlán		533,643	500,215
H01	Fíneálacha & Forghéilltí mar gheall ar Choireanna Iascaigh	50	44
H02	Fáltais faoi réir na nAchtanna Peitriliam agus Mianraí	11,068	10,728
H03	Grúpa Tacaíochta Bonneagair Peitriliam	5,166	5,227
H04	Táillí Ceadúnais Craolacháin	222,130	222,376
H05	Fáltais Shuirbhéireacht Gheolaíochta Éireann	400	500
H06	Cíos ar Áitribh in Ard-Oifig an Phoist	223	230
H07	Clár RAPID	370	-
H08	Fáltais Ilghnéitheacha	1,500	988
H09	Tobhach Pinsin	4,000	4,391
Iomlán na Leithreasaí i gCabhair		244,907	244,484
Iomlán Glan		288,736	255,731

AGUISÍN B: VÓTA 30: MEASTACHÁIN AGUS TORADH 2010

RIARACHÁIN	22,843
CUMARSÁID	57,840
CRAOLACHÁN	255,721
EARNÁIL AN FHUINNIMH	115,799
ACMHAINNÍ NÁDÚRTHA	18,871
IASCACH INTÍRE	28,736
ILGHNÉITHEACH	405

* Tugtar Caipiteal arna Thabhairt ar Aghaidh san áireamh faoi Fho-cheannteidil B1 agus D3.

2010 CAITEACHAS



AGUISÍN C: REACHTAÍOCHT A ACHTAÍODH I RITH NA BLIANA 2010

ACHTANNA A ACHTAÍOCH AGUS BILLÍ EILE

ACHTANNA

- An tAcht um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Ardráta agus Bonneagar Cumarsáide Leictreonaí), 2010
- An tAcht um Iascach Intíre, 2010
- An tAcht um Rialáil Leictreachais (Leasú) (Tobhach Ioncaim Carbóin), 2010
- An tAcht Fuinnimh (Oibleagáid Bhithbhreosla agus Forálacha Ilghnéitheacha), 2010
- An tAcht um Shábháilteacht Peitriliam (Taiscéaladh agus Astarraingt), 2010

BILLÍ A CUIREADH CHUN CINN NÓ A TIONSCNAÍODH

- An Bille um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Poist)
- An Bille Forbartha Mianraí
- An Bille Fuinnimh Gheotheirmigh

TREORACHA ÓN AE

- Treoir 2007/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2007 lena leasaítear Treoir 89/552/CEE ón gComhairle maidir le comhordú forálacha áirithe arna leagan síos le dlí, rialachán nó gníomh riaracháin i mBallstáit i dtaobh gníomhaíochtaí craolacháin teilifíse a shaothrú (i.e. an Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc)

- Treoir 2009/72/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le rialacha comhchoiteanna don mhargadh inmheánach sa leictreachas agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/54/CE

- Treoir 2009/73/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le rialacha comhchoiteanna don mhargadh inmheánach sa ghás nádúrtha agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/55/CE

RIALACHÁIN DE CHUID AN AE

Rialachán (AE) Uimh. 994/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2010 maidir le bearta chun áirithiú soláthair gáis a chosaint agus lena n-aisghairtear 2004/67/CE.

IONSTRAIMÍ REACHTÚLA A RINNEADH

Rinneadh na hOrduithe seo a leanas de chuid an Rialtais i rith na bliana 2010

I.R. Uimh.	TEIDEAL
40	An tOrdú Iascaigh (Ceadúnais Iascaigh Tráchtála) (Dleachtanna agus Táillí a Athrú), 2010
104	An tOrdú um Iascach Bradán a Rialú, 2010
262	An tOrdú fán Acht um Iascach Intíre (An Lá Bunaithe), 2010
323	Na Rialacháin um an Scéim Chlibeála Bradán Fiáin agus Breac Geal Fiáin, 2010
324	Na Rialacháin Iascaigh Intíre (Fógra maidir le Muirir Sheasta), 2010
629	An tOrdú um Ghnáthcheadúnais Slaite Bradán (Dleachtanna Ceadúnais a Athrú), 2010
630	An tOrdú um Uiscí Taoide Speisialta (Ceadúnais Áitiúla Speisialta) (Dleachtanna a Athrú), 2010
665	Na Rialacháin um an Scéim Chlibeála Bradán Fiáin agus Breac Geal Fiáin (Uimh. 2), 2010
214	An tOrdú um an Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 (Liúntais Chaipitiúla Luathaithe i leith Trealaimh atá Éifeachtúil ó thaobh Fuinnimh de), 2010
341	An tOrdú um an Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 (Liúntais Chaipitiúla Luathaithe i leith Trealaimh atá Éifeachtúil ó thaobh Fuinnimh de) (Uimh. 2), 2010
501	An tOrdú um an Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 (Liúntais Chaipitiúla Luathaithe i leith Trealaimh atá Éifeachtúil ó thaobh Fuinnimh de) (Uimh. 3), 2010
580	An tOrdú um an Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 (Liúntais Chaipitiúla Luathaithe i leith Trealaimh atá Éifeachtúil ó thaobh Fuinnimh de) (Uimh. 4), 2010
85	An tOrdú um RTÉ (Ilphléacsú Teilifíse Náisiúnta) 2010
258	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Seirbhísí Meán Closamhairc), 2010
156	Na Rialacháin Chumarsáide (Fánaíocht Teileafóin Shoghluaiste) (Leasú), 2010
195	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cumarsáid Shoghluaiste Phoiblí uile-Eorpach atá Talamhbhunaithe Digiteach Ceallach), 2010
233	Thráchtáil Leictreonach (Deimhniúcháin Sheirbhís Soláthraithe Maoirseacht Scéim) Rialacháin 2010.

IONSTRAIMÍ REACHTÚLA A RINNEADH

I.R. Uimh.	TEIDEAL
234	An tOrdú fán Acht um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Ardráta agus Bonneagar Cumarsáide Leictreonaí) 2010 (Cuid 2) (An Lá Ceaptha), 2010
329	An tOrdú um Fhuinneamh agus Acmhainní Nádúrtha (Feidhmeanna Aire a Tharmligean) 2010
474	Na Rialacháin fán Acht um Rialáil Leictreachais (Leasú) (Tobhach Ioncaim Carbóin) 2010
532	An tOrdú fán Acht um Rialáil Leictreachais 1999 (Oibleagáidí Seirbhíse Poiblí) (Leasú) 2010
450	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (An Margadh Inmheánach sa Leictreachas) 2010

REACHTAÍOCHT A RITHEADH I RITH NA BLIANA 2010

FODHLÍTHE IASCAIGH INTÍRE A RINNE AN tAIRE NÓ AN tAIRE STÁIT

Fodhlí Uimh.	Teideal
867	Réigiún Iascaigh an Deiscirt (Uimh. 3 nó Limistéar Phort Láirge) Caomhnú Bradán agus Breac Geal (Abhainn na Feoire)
868	Réigiún Iascaigh na Sionainne (Abhainn na Sionainne) Caomhnú Bradán
	agus Breac Geal (Breith agus Saoradh)
869	Réigiún Iascaigh an Tuaiscirt (Loch Gabhna) Caomhnú Breac
870	Réigiún Iascaigh na Sionainne (Abhainn na Sionainne) (Slatiascaireacht)
871	Réigiún Iascaigh na Sionainne. Toirmeasc ar Chloicheán, Ribe Róibéis agus Crústach eile a úsáid.
872	Caomhnú Bradán agus Breac (Líonta Tarraingthe agus Scioblíonta)
873	Caomhnú Bradán agus Breac Geal (Breith agus Saoradh)
874	Caomhnú Bradán agus Breac Geal (Uasmhéid Éisc i Málaí)
875	Caomhnú Bradán agus Breac Geal (Abhainn na Daraí Duibhe)
876	Caomhnú Bradán agus Breac Geal (Abhainn na Bandan)
877	Caomhnú Bradán agus Breac Geal (An Gharbháth)
CS 306	Caomhnú Bradán agus Breac Geal (Aibhneacha Dúnta)

AGUISÍN D: Anailís ar Thionchar Rialála arna Dhéanamh sa Roinn i Rith na Bliana 2010

Teideal an Bhille:

An Bille um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Poist)

An Bille Fuinnimh (Oibleagáid Bhithbhreosla agus Forálacha Ilghnéitheacha), 2010

Cá bhfuil teacht ar an RIA a foilsíodh:

http://www.dcenr.gov.ie/Communications/Postal/Liberalisation+of+the+Postal+Services+Market.htm

http://www.dcenr.gov.ie/NR/rdonlyres/771EE392-06E0-4B59-888D-E160FF10CD4B/0/EnergyBiofuelObligationandMiscellaneousProvisionsBill2010RIA.pdf

AGUISÍN E: COMHLACHTAÍ A THAGANN FAOI CHOIMIRCE NA ROINNE

Tá freagracht ar an Roinn i ndáil le 18 de chomhlachtaí Stáit, idir chomhlachtaí tráchtála, chomhlachtaí neamhthráchtála agus chomhlachtaí rialála mar a leagtar amach thíos.

AN COMHLACHT	AN PRÍOMHRÓL
CÚRSAÍ CUMARSÁIDE	
An Post	Soláthraí náisiúnta na hÉireann maidir le seirbhís poist.
An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide	Is ar an gCoimisiún um Rialáil Cumarsáide a leagtar an cúram maidir le rialáil an mhargaidh cumarsáide in Éirinn. Tagann córais tarchuradóireachta de gach sórt, idir an tseirbhís thraidisiúnta teileafóin ar shreanga agus na hoibritheoirí a chuireann seirbhísí teilifíse ar fáil, idir ghréasáin fón póca agus an tseirbhís poist faoina scáth.
Gníomhaireacht Forbartha an Mhoil Dhigitigh	Bunaíodh an Ghníomhaireacht faoin Acht um Ghníomhaireacht Fhorbartha don Mhol Digiteach 2003 chun maoirseacht a dhéanamh maidir leis an bhforbairt ar an Mol Digiteach.
CÚRSAÍ CRAOLACHÁIN	
Raidió Teilifís Éireann	An craoltóir seirbhíse poiblí náisiúnta agus comhlacht neamhspleách faoin reachtaíocht.
TG4	Bealach teilifíse na Gaeilge agus comhlacht neamhspleách faoin reachtaíocht.
Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI)	Is é Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI) an rialtóir neamhspleách maidir le craoltóirí raidió agus teilifíse in Éirinn.

CÚRSAÍ FUINNIMH	
Bord Soláthair an Leictreachais (ESB)	Is corparáid reachtúil ESB a bunaíodh faoin Acht Leictreachais (Soláthar) 1927. Tar éis an tAcht Leictreachais (Soláthar) (Leasú) 2001 a rith cuireadh scéim scairshealbhóireachta 5% ar bun do na fostaithe.
EirGrid plc	Bunaíodh EirGrid plc chun gníomhú mar Oibritheoir Córais Tarchuir (ITSO) neamhspleách ag teacht le riachtanais na Treorach Leictreachais ón AE agus tá feidhm an TSO le Eirgrid ón 1 Iúil 2006.
Bord Gáis Éireann	Is é BGÉ úinéir agus oibritheoir an ghréasáin iompair gáis sa Stát. Gás a sholáthar agus a chur ar fáil an phríomhobair a bhíonn air. Cuireann an Bord gás ar fáil do líon is mó ná 600,000 custaiméir tís agus do líon is mó ná 20,000 custaiméir tionsclaíochta agus tráchtála. Is soláthraí leictreachais atá in BGÉ freisin.
An Coimisiún um Rialáil Fuinnimh	Is ar an gCoimisiún um Rialáil Fuinnimh (CER) a leagtar an fhreagracht as ceadúnais a eisiúint agus údarás a thabhairt do ghnóthais fuinnimh, slándáil an tsoláthair leictreachais agus gáis a chinntiú, rialáil a dhéanamh maidir le taraifí áirithe agus margaí náisiúnta agus réigiúnacha leictreachais agus gáis a thabhairt chun cinn ag teacht leis na feidhmeanna a leagtar air faoin reachtaíocht agus le ceanglais de chuid na tíre seo agus de chuid an AE.
Corparáid Náisiúnta Pheitriliam na hÉireann (INPC)	Ó díoladh an gnó agus na sócmhainní tráchtála a bhíodh ag INPC (Scaglann an Gheata Bháin agus críochfort stórála Bheanntraí) i mí Iúil 2001, níl aon acmhainn ná fostaí oibriúcháin ag an gcomhlacht. Is leis na cearta agus na dualgaisí sin amháin a thagann i gceist faoin gComhaontú Díola agus Ceannacháin a ghabhann le beart na bliana 2001 a bhaineann beartaíocht reatha na comhlachta.

CÚRSAÍ FUINNIMH	
Bord na Móna Teo	Is soláthraí earraí agus seirbhísí atá bunaithe go príomha ar mhóin atá in Bord na Móna Teo. Cuireann an Chomhlacht earraí agus seirbhísí ar fáil freisin sna hearnálacha gnó a bhaineann leis an timpeallacht, le fuinneamh in-athnuaite, le gineadóireacht leictreachais agus le bainistíocht ar chúrsaí dramhaíola.
An Ghníomhaireacht um Stoc Náisiúnta Ola (NORA)	Leagtar de fhreagracht ar Éirinn faoi (a) Treoracha de chuid an AE agus (b) Rialacha na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta Fuinnimh (IEA) stoc ola cúltaca a choimeád. Bunaíodh NORA sa bhliain 1995, mar fhochuideachta de chuid Chorparáid Náisiúnta Pheitriliam na hÉireann Teoranta (INPC), chun an dualgas sin a chomhlíonadh. Déanann NORA socruithe maidir le stoc straitéiseach náisiúnta ola a cheannach, a thógáil ar léas agus a stóráil de réir an leibhéal a shocraíonn an tAire gach bliain.
Údarás na hÉireann um Fhuinneamh Inmharthana (SEAI)	Bunaíodh Údarás Fuinnimh Inmhartha na hÉireann (SEAI), in áit SEI a chuaigh roimhe, sa bhliain 2002 chun an fuinneamh inmharthana a chur chun cinn agus cuidiú lena fhorbairt.

ACMHAINNÍ NÁDÚRTHA	
Iascach Intíre Éireann	Bunaíodh Iascach Intíre Éireann (IFI) ar an 1 Iúil 2010 ar an An bPríomh-Bhord Iascaigh agus na seacht gcinn de Bhoird Iascaigh Réigiúnacha a bhíodh ann roimhe sin a chónascadh in aon ghníomhaireacht amháin. Leagtar an fhreagracht maidir le cosaint, bainistíocht agus caomhnúchán acmhainn an iascaigh intíre ar fud na tíre ar Iascach Intíre Éireann.
Gníomhaireacht na Lochanna, Coimisiún an Fheabhail, Chairlinn agus Shoilse na hÉireann *	Áirítear ar an bhfreagracht a leagtar ar an gcomhlacht (a) Loch Feabhail agus Loch Cairlinne a chur chun tosaigh agus a fhorbairt chun críche gnóthaí trách tála agus fóillíochta i ndáil le cúrsaí mara, iascaigh agus dobharshaothraithe; (b) bainistíocht, caomhnúchán agus cosaint, feabhsú agus forbairt ar an iascach intíre; (c) an dobharshaothrú a fhorbairt agus ceadúnais a eisiúint ina leith; agus (d) turasóireacht mara a fhorbairt.
An Bord Mianadóireachta	Bord neamhspleách a bunaíodh faoi réir an Achta Forbairte Minearál 1940. Is í an fheidhm a leagtar ar an mBord cinneadh mar gheall ar chúiteamh i gcásanna éagsúla. Leagtar de fhreagracht air chomh maith socrú faoi na cineálacha mianraí a bheidh ina gcás eisceachta i ndáil le ceart eisiach an Stáit chun mianraí a shaothrú faoin Acht sin.
Suirbhéireacht Ordanáis Éireann	Cuireann Suirbhéireacht Ordanáis Éireann seirbhísí mapála agus seirbhísí faisnéise tíreolaíochta den scoth ar fáil trína ndéantar freastal ar riachtanais na sochaí.

* Comhlacht Forfheidhmiúcháin faoin Acht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann 1999.

AGUISÍN F: Comhlachtaí Stát-Urraithe Tráchtála

Ní dhéantar cuntais na gComhlachtaí Stát-urraithe a thagann faoi choimirce na Roinne a chomhdhlúthú le cuntais na Roinne. Is ar an Aire, agus dá réir sin ar an Roinn, a bhí an fhreagracht i rith na bliana 2010 thar ceann an Stáit i ndáil le seacht gcinn de Chomhlachtaí Stát-urraithe tráchtála agus tá sonraí faoi chúrsaí airgeadais maidir leis na Comhlachtaí sin ar fáil ar na láithreáin gréasáin seo a leanas.

www.anpost.ie
www.esb.ie
www.bordGáis.ie
www.bnm.ie
www.RTÉ.ie
www.eirgrid.com
www.tg4.ie

AGUISÍN G: GLUAIS MAIDIR le GIORRÚCHÁN

ACA	Liúntais Chaipitil Luathaithe
AE	An tAontas Eorpach
AOP	An Bord Pleanala
BAI	Údarás Craolacháin na hÉireann
BER	Rátáil Fuinnimh an Fhoirgnimh
BGÉ	Bord Gáis Éireann
BGS	Suirbhéireacht Geolaíochta na Breataine
BMS	Córas Bainistíochta Foirgnimh
btf	billiún troigh ciúbach
CCGT	Tuirbín Gáis Comhthimthrialla
CCS	Carbón a cheapadh agus a stóráil
CEO	Príomhfheidhmeannach
CER	An Coimisiún um Rialáil Fuinnimh
CLCS	Coimisiún (na Náisiún Aontaithe) maidir le Teorainneacha na Scairbhe Ilchríochaí
COMREG	An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide
DAE	Clár digiteach don Eoraip
DCENR	An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha
DHDA	Gníomhaireacht Forbartha an Mhoil Dhigitigh
DSOG	Grúpa Stiúrtha maidir leis an Athrú Digiteach
DTT	Teilifís Trastíre Dhigiteach
ECAS	Seirbhís Freagartha Glaonna Éigeandála
EEPR	Clár na hEorpa um Théarnamh Eacnamaíochta
EMD	An Rannán Taiscéalaíochta agus Mianadóireachta
ENISA	An Ghníomhaireacht Eorpach um Shlándáil Líonra agus Faisnéise
EPA	An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil
ESB	Bord Soláthair an Leictreachais
ESOT	Iontaobhas Scair-Úinéireachta d'Fhostaithe
ESRI	An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta
EVs	Feithicil Leictreacha
EWIC	Idirnascaire Soir Siar
FÁS	Foras Áiseanna Saothair

FCLIC	Gníomhaireacht na Lochanna, Coimisiún an Fheabhail, Chairlinn agus Shoilse na hÉireann
FMS	Córas Bainistíochta Airgeadais
FOI	Saoráil Faisnéise
GIS	Córas Faisnéise Geografaí
GPO	Ard-Oifig an Phoist
GSI	Suirbhéireacht Geolaíochta Éireann
GSNI	Suirbhéireacht Geolaíochta Thuaisceart Éireann
Gwh	Gogeavata
HES	Sábháil Fuinnimh sa Bhaile
HMRC	Ionad Taighde Hiodrálaice agus Mara
HR	Acmhainní Daonna
HVDC	Sruth Díreach Ardvoltais
ICT	Teicneolaíocht an Eolais agus na Cumarsáide
IEA	An Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh
IFI	Iascach Intíre Éireann
INPC	Corparáid Náisiúnta Pheitriliam na hÉireann
ITSO	Oibreoir Córais Tarchurtha Neamhspleach
LIEN	Gréasán Fuinnimh Lucht Mórthionsclaíochta
MAN	Líonra Cathrach
Mb/s	Meigighiotán in aghaidh an soicind
MSE	Eintiteas Bainistíochta Seirbhísí
MW	Meigeavata
NASCO	An Eagraíocht um Chaomhnú Bhradán an Atlantaigh Thuaidh
NBS	An Scéim Náisiúnta Leathanbhanda
NDRC	Ionad Náisiúnta um Thaighde Digiteach
NEEAP	An Plean Gníomhaíochta Náisiúnta maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh
NGB	Leathanbhanda den chéad chineál eile
NGBT	Tascfhórsa maidir le Seirbhísí Leathanbhanda den chéad chineál eile
NIE	Leictreachas Thuaisceart Éireann
NMCI	Coláiste Náisiúnta Muirí na hÉireann

NORA	An Ghníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta
NPS	Córas Náisiúnta Postchód (NPS)
NRA	An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta
NTCC	Comhairle Chontae Thiobraid Árann Thuaidh
OCGT	Tuirbín Gáis Timthrialla Oscailte
OEDU	An tAonad Forbartha maidir le Fuinneamh na Farraige
OPST	Lascadh agus Iompar Paicéad Rúisce Optúil
OREDP	Plean Forbartha maidir le Fuinneamh Inathnuaite amach ón gCósta
OSi	Suirbhéireacht Ordanáis na hÉireann
PC	Ceist Parlaiminte
QCS	Seirbhís Ardchaighdeáin don Chustaiméir
REFIT	Scéim Taraife Cónaisc Fuinnimh In-Athnuaite
RIA	Anailís ar Thionchar Rialála
RTDI	Taighde, Teicneolaíocht, Forbairt agus Nuáil
RTÉ	Raidió Teilifís Éireann
SDU	An tAonad Forbartha Foirne
SEAI	Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann
SEM	An Margadh Aonair Leictreachais
SEPIL	Comhlacht Shell in Éireann um Thaiscéalaíocht & Tháirgiú
SI	Ionstraim Reachtúil
SME	Fiontair Bheaga agus Meánmhéide
SMFs	Saoráidí Mianadóireachta Stáit
SURGE	Soil Urban Geochemistry
UCC	Coláiste na hOllscoile, Corcaigh
WHS	Scéim na dTithe níos Teo